



Garda  
**Ombudsman**  
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020**




An tUasal Helen McEntee T.D.  
An tAire DLí agus Cirt  
Oifig an Aire  
An Roinn DLí agus Cirt  
51 Faiche Stiabhna  
Baile Átha Cliath 2  
D02 HK52

31 Márta 2021

A Aire, a dhuine uasail

Is pléisiúr dúinn an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil déag ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a chur faoi do bhráid, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2020. Cuirtear an Tuarascáil seo faoi do bhráid de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Is mise le meas,



An Breitheamh Onórach  
Mary Ellen Ring,  
Cathaoirleach

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

# GLUAIS GIORRÚCHÁN AGUS TÉARMAÍ

|                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
|-------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>An tAcht</b>               | Is é Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, an t-acht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC. Is féidir é a léamh ag: <a href="http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print">http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print</a> .                                                                                              |
| <b>Inghlacthacht</b>          | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in Alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú.                                                                                                                                                                                   |
| <b>Comhairle</b>              | Is smachtbhanna é seo, a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm, as sárú ar na Rialacháin Araíonachta – is féidir comhairle fhoirmiúil nó comhairle neamhfhoirmiúil a bheith i gceist leis.                                                                                                                                                     |
| <b>Líomhain</b>               | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó ná líomhain amháin, ar iompraíochtaí aonair iad a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith.                                                                          |
| <b>Airteagal 2</b>            | Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo.                                                                                                                                                                                                                        |
| <b>Gearán</b>                 | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar comhalta aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó in aghaidh garda amháin nó níos mó a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach garda a mheasúnú ina haonar ó thaobh inghlacthachta de.                                          |
| <b>CoFPI</b>                  | An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
| <b>Rialacháin Choimeádta</b>  | Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 – rialacháin a bhaineann le coimeád daoine i stáisiúin Gardaí. Is féidir é a léamh ag <a href="http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print">http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print</a> . |
| <b>Rialacháin Araíonachta</b> | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: <a href="http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print">http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print</a> .                                                                                                                                    |
| <b>Gníomh Araíonachta</b>     | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sáruithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach.                                                                            |
| <b>Imeachtaí Araonaíochta</b> | Imeachtaí iad seo a fhéadfaidh an Garda Síochána a thionscnamh tar éis imscrúdú araíonachta. Is teorainn dlínse GSOC é a mholadh go ndéanfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhanna a eascródh dá bharr.                                                                                                  |
| <b>RCBÁC</b>                  | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
| <b>DO</b>                     | Oifigeach Ainmnithe                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
| <b>DPP</b>                    | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>ECHR</b>                   | An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |
| <b>GSIO</b>                   | Garda Síochána Investigating Officer                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |
| <b>GSOC</b>                   | Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
| <b>IO</b>                     | Oifigeach Imscrúduithe                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               |

|                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
|-------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Idirghabháil Áitiúil</b>   | Tá sé mar aidhm ag an bpróiseas idirghabhála áitiúla cineálacha áirithe gearán ag leibhéal seirbhíse in aghaidh comhaltaí den Gharda Síochána a réiteach ag leibhéal áitiúil gan an gá leis an ábhar a bheith faoi réir próiseas foirmiúil gearán. Sa próiseas seo, déanann cigirí ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an duine a rinne an gearán, faigheann amach cad iad na saincheistean ina leith, agus féachann leis an scéal a réiteach chun sástacht an ghearánaigh. |
| <b>Airmheán</b>               | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun.                                                                                                                                                                                                                                                                                           |
| <b>Comhalta i gceannas</b>    | An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil iomlán agus liosta de dhualgaís an chomhalta i gceannas a fheiceáil ina Ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach thuas).                                                    |
| <b>An Coimisiún Ombudsman</b> | An triúr Coimisinéirí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
| <b>As am</b>                  | Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearán faoi.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
| <b>PDA</b>                    | An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           |
| <b>PD/PDU</b>                 | Nochtadh Cosanta/An tAonad um Nochtadh Cosanta.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |

# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

## AN 15<sup>ú</sup> TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

|                               |   |
|-------------------------------|---|
| Súil Siar ar an mBliain ..... | 7 |
| Freagra do COVID-19 .....     | 9 |

### Rannán 1: Gearáin agus Imscrúduithe..... 11

|                                                                                                                             |    |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 1.1 An líon fiosruithe.....                                                                                                 | 12 |
| 1.2 An líon gearán agus líomhaintí .....                                                                                    | 12 |
| Cairt 1: Circumstances of Complaints Received (Total Complaints: 1,955) .....                                               | 12 |
| Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána (seachas Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath) .....               | 13 |
| Léarscáil 2: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) .....               | 13 |
| 1.3 Céard faoi a dhéanann daoine gearán.....                                                                                | 14 |
| Cairt 2: Cineálacha Líomhna i nGearáin Inghlactha (Iomlán na Líomhaintí: 2,339) .....                                       | 14 |
| 1.4 Inghlacthacht .....                                                                                                     | 14 |
| Cairt 3: Cinntí ar Inghlacthacht an Ghearáin (Iomlán na nGearán: 1,955) .....                                               | 14 |
| 1.5 Líomhaintí Neamh-Inghlactha .....                                                                                       | 15 |
| Cairt 4: Cúiseanna le Neamh-Inghlacthacht na Líomhaintí i nGearáin Neamh-Inghlactha (Líomhaintí Neamh-Inghlactha 746) ..... | 15 |
| 1.6 Gearáin Inghlactha .....                                                                                                | 15 |
| Cairt 5: Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (Iomlán na nGearán a Glacadh lena nImscrúdú: 1,264) .....                 | 15 |
| 1.6.1 Imscrúduithe Coiriúla.....                                                                                            | 16 |
| 1.6.2 Imscrúduithe Araíonachta.....                                                                                         | 16 |
| 1.6.3 Torthaí na nImscrúduithe .....                                                                                        | 23 |
| Tábla 1: Torthaí na nGearán a dúnadh sa bhliain 2020.....                                                                   | 24 |
| Tábla 2: Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm in 2020, tar éis imscrúduithe araíonachta.....     | 27 |
| 1.6.4 An tAm a Tógadh chun Cásanna a Dhúnadh.....                                                                           | 27 |
| Cairt 6: An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh (laethanta) .....                                                     | 27 |

### Rannán 2: Imscrúduithe Neamhspleácha tar éis Báis nó Díobháil Thromchúiseach..... 29

|                                                                                                    |    |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 2.1 Tarchuir ón nGarda Síochána faoi Alt 102(1).....                                               | 29 |
| Cairt 7: Cúinsí na dTarchur.....                                                                   | 29 |
| Cairt 8: Cineálacha Imscrúduithe i dTarchuir (Iomlán na dTarchur a Fuarthas: 43).....              | 29 |
| Tábla 3: Cineálacha imscrúduithe agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe a dúnadh in 2020) ..... | 30 |
| Léarscáil 3: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána .....                                      | 31 |
| Léarscáil 4: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach BÁC .....               | 31 |

### Rannán 3: Imscrúduithe chun Leas an Phobail .....

33

### Rannán 4: An Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla .....

36

|                                                                 |    |
|-----------------------------------------------------------------|----|
| Tábla 4: Torthaí faoin bPróiseas Idirghabhála Áitiúla 2020..... | 36 |
|-----------------------------------------------------------------|----|

|                                                                                                         |           |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>Rannán 5: Gníomhaíocht dlí tar éis imscrúduithe coiriúla .....</b>                                   | <b>39</b> |
| <b>Rannán 6: Eolas a thabhairt do bheartas agus cleachtas póilíneachta an Gharda Síochána .....</b>     | <b>44</b> |
| Tábla 5: Recommendations made by GSOC in 2020 .....                                                     | 44        |
| <b>Rannán 7: Nochtuithe Cosanta .....</b>                                                               | <b>49</b> |
| Tábla 6: Nochtuithe Cosanta .....                                                                       | 49        |
| <b>Rannán 8: Iarrataí ar Fhaisnéis .....</b>                                                            | <b>51</b> |
| Tábla 7: Iarrataí ar Fhaisnéis a Próiseáladh in 2020 .....                                              | 51        |
| <b>Rannán 9: An Fhoireann .....</b>                                                                     | <b>52</b> |
| Cairt 9: Struchtúr na hEagraíochta .....                                                                | 53        |
| <b>Conclúid .....</b>                                                                                   | <b>54</b> |
| <b>Aguisín 1: Rialachas, Airgeadas agus Rialuithe Inmheánacha .....</b>                                 | <b>55</b> |
| Tábla A: Freastal ar Chruinnithe Míosúla an Choimisiúin in 2020 .....                                   | 56        |
| Tábla B: Caiteachas GSOC in 2020 .....                                                                  | 57        |
| Tábla C: Miondealú ar Shochair Fostaithe: .....                                                         | 58        |
| <b>Aguisín 2: Próifíl na nDaoine a Rinne Gearán in 2020 .....</b>                                       | <b>62</b> |
| Cairt 10: Inscne .....                                                                                  | 62        |
| Cairt 11: Aois .....                                                                                    | 62        |
| Cairt 12: Náisiúntacht .....                                                                            | 62        |
| Cairt 13: Tír bhreithe .....                                                                            | 62        |
| Cairt 14: Eitneacht .....                                                                               | 63        |
| Cairt 15: Teanga .....                                                                                  | 63        |
| Cairt 16: Míchumas .....                                                                                | 63        |
| Cairt 17: Creideamh .....                                                                               | 63        |
| Cairt 18: Tithíocht .....                                                                               | 64        |
| Cairt 19: An Leibhéal Oideachais is Airde .....                                                         | 64        |
| Cairt 20: Stádas Fostaíochta .....                                                                      | 64        |
| <b>Aguisín 3: Próifíl na nGardaí a ndearnadh gearán fúthu 2020 .....</b>                                | <b>65</b> |
| Cairt 21: Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh in 2020 ..... | 65        |
| Cairt 22: Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh in 2020 .....                       | 65        |



## SÚIL SIAR AR AN mBLIAIN

### Réamhrá

Sa bhliain atá faoi athbhreithniú agus i bhfianaise chúlra na paindéime domhanda, leanadh gan cur isteach le feidhmeanna lárnacha GSOC, is é sin gearáin a fháil agus a imscrúdú, agus thaifead an eagraíocht méadú suntasach i líon na ngearán a fuarthas (1,955 in 2020 i gcomparáid le 1,756 in 2019).

Mar a bhí i gceist le soláthraithe eile seirbhísí riachtanacha, chuir GSOC a chuid cleachtas oibre agus próiseas in oiriúint chun freastal ar na cúinsí nach bhfacthas riamh roimhe. Mar gheall air seo, bhí GSOC in ann freagairt don leibhéal méadaithe gearán, agus leanúint leis an obair thábhachtach chun an eagraíocht a ullmhú le haghaidh claochlú iomlán, rud a theastóidh faoin reachtaíocht atá le teacht gan mhoill.

Cé go raibh an Bille um Póilíneacht agus Sábháilteacht an Phobail fós le foilsíú ag deireadh 2020, tugadh léiriú soiléir ar chruth thodhchaí na maoirseachta ar phóilíneacht i dtuairisc an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2018 agus ar ghlac an Rialtas léi. Nuair a fhoráiltear dóibh le reachtaíocht, beidh impleachtaí suntasacha ó thaobh acmhainní i gceist le roinnt de na moltaí i dtuairisc an CoFPI don eagraíocht mholta Ombudsman a d'fhéadfadh teacht i gcomharbacht ar GSOC.

I measc na n-athruithe a thionscain GSOC cheana féin de bhun thuairisc an CoFPI, tá méadú i líon na n-imscrúduithe a bheadh tugtha do ghardaí sinsearach roimhe lena n-imscrúdú ach atá á ndéanamh ag imscrúdaitheoirí GSOC anois. Rinne imscrúdaitheoirí GSOC 150 imscrúdú neamhchoiriúil in 2020, i gcomparáid le 100 dhá bhliain roimhe. Tagann sé seo le moladh an CoFPI gur chóir gach gearán a imscrúdú go neamhspleách, ach amháin ceisteanna a bhaineann le bainistiú feidhmíochta. Is fiú a thabhairt do d'aire gurb é an t-aon fáth a raibh sé indéanta an cinneadh a thógáil líon níos mó de na himscrúduithe seo a choinneáil 'go himmheánach' ná mar gheall ar mhéadú i líon na n-imscrúdaitheoirí fostaithe ag GSOC in 2019 agus isteach go 2020.

Bhí torthaí dearfacha ag baint leis an tionscnamh idirghabhála áitiúil, ar cuireadh tús leis mar scéim phíolótach in 2018 agus a tugadh isteach

go náisiúnta in 2019. Dearadh an próiseas chun réiteach a fháil ar ghearáin nach raibh chomh tromchúiseach céanna, ag leibhéal seirbhíse, maidir le comhaltaí den Gharda Síochána taobh amuigh den phróiseas foirmiúil imscrúduithe, agus mar thoradh air sin fuarthas

réiteach ar, nó dúnadh ar bhealach eile, 175 gearán tar éis idirghabháil áitiúil in 2020 (suas ó 119 in 2019). Ba é an buntáiste a bhí leis seo – do na gearánaithe agus do chomhaltaí an Gharda Síochána a ndearnadh na gearáin fúthu araon – gur réitíodh gearáin go mear gan imscrúdú fada foirmiúil.

Bhí Aonad Frith-Éilithe an Gharda Síochána le dul i bhfeidhm ag deireadh 2020 tar éis é a bheith fógartha ag Coimisinéir an Gharda Síochána in 2019. Tá fáilte curtha roimh an bhforbairt dhearfach seo ag GSOC

Is cúis imní é, áfach, gur seoladh an tionscnamh seo gan aon chomhairliúchán le GSOC. Is trua an méid seo mar gheall go bhfuil an fhéidearthacht ann go ndéantar trasnail idir imscrúduithe an Gharda Síochána nó GSOC ar mhí-iompar. Tá GSOC go láidir den tuairim gur chóir don chomhlacht Ombudsman a bheith ar an eolas faoi gach uair a mhaítear mí-iompar taobh istigh den Gharda Síochána. Téann sé in aghaidh spiorad thuairisc an CoFPI agus in aghaidh an bhunphrionsabail nár chóir do ghardaí a bheith ag déanamh imscrúdaithe orthu féin gan iniúchadh má tá Aonad Frith-Éilithe an Gharda Síochána ag déanamh imscrúdaithe ar iompar coiriúil poitéinsiúil ag a chuid comhghleacaithe gan tagairt do mhaoirseacht neamhspleách. Ní haon chabhair an easpa maoirseachta neamhspleáiche ach chun an bonn a bhaint ó aon imscrúduithe den chineál sin. Is ceist é seo a bhfillfidh GSOC uirthi in 2021.

### Imeachtaí Suntasacha

Tháinig deireadh le téarmaí na beirte Choimisinéirí GSOC ar an 11 Nollaig 2020. Rinne an Dr Kieran FitzGerald dhá théarma mar Choimisinéir, naoi mbliana ar an iomlán, agus rinne an tUasal Patrick Sullivan téarma amháin tar éis tosú le GSOC in 2018. Bhí an próiseas chun Coimisinéirí nua a roghnú tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) ag céim chun cinn faoi dheireadh na bliana agus cheap Uachtarán na hÉireann an tUasal Emily Logan agus an tUasal Hugh Hume i mí Feabhra 2021.



Bhí fócas leanúnach ar earcaíocht foirne le linn 2020, agus líonadh roinnt post sinsearach chomh maith le poist eile san eagraíocht a líonadh a bhí ceadaithe in 2019 trí mheascán d'earcaíocht oscailte agus arduithe céime inmheánacha. Fágann sé seo go bhfuil GSOC i suíomh láidir agus muid ag dul isteach in 2021 le Coimisinéirí nua agus lánfhoireann shinsearach, chomh maith le bheith gar dár líon iomlán foirne ceadaithe. Bhí arduithe céime ann taobh istigh de GSOC, rud a d'ardaigh an mheánma agus chomh maith leis sin a líon folúntais le pearsanra le tallann, cumas agus spreagadh leanann orthu de bheith ag obair ar ardchaighdeán thar ceann na heagraíochta agus an phobail. Is éard a bhí mar thoradh ar an gcoimítmint seo i rith na bliana ná, in ainneoin dhúshláin na paidéime, bhí GSOC in ann a chuid dualgas reachtúil agus a sheirbhís don phobal a chomhlíonadh.

Bhí an Coimisiún Ombudsman agus an fhoireann shinsearach i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le linn na bliana i ndáil le dréachtú Scéim ghinearálta an Bhille um Póilíneacht agus Sábháilteacht an Phobail.

Le linn 2020, fuair GSOC 43 tarchur ó Choimisinéir an Gharda Síochána faoi Alt 102 (1) den Acht. Tagann na tarchuir seo chun cinn sa chás go bhféadfadh sé go mbeadh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána. Ní bhíonn imscrúdú mar thoradh ar gach ceann de na tarchuir seo ar an ábhar go bhféadfadh sé nach raibh an teagmháil a rinneadh leis an nGarda Síochána luath don teagmhas i gceist. Sa chás go bhfuil bás i gceist, féachann GSOC ní hamháin don teagmhas i gceist, ach do riachtanais bhaill an teaghlaigh chomh maith, agus feidhmíonn roinnt ball foirne GSOC mar Oifigigh Idirchaidrimh do Theaghlaigh chun cuidiú i rith an imscrúdaithe. Ag deireadh na bliana, ar an 30 Nollaig 2020, fuair fear óg, George Nkencho, bás tar éis comhalta den Gharda Síochána é a scaoileadh. Tharchuir an Garda Síochána an bás do GSOC de réir Alt 102 den Acht agus cuireadh tús láithreach le himscrúdú GSOC ar chúinsí an scaoilte. Tá an t-imscrúdú seo fós ar bun ag an am scríofa.

## Príomhfhigiúirí

**Baineann na staitisticí luaite sa tuairisc seo le gearáin a rinne daoine den phobal le GSOC, agus le tarchuir a rinne an Garda Síochána le GSOC. Ní áirítear líomhaintí mí-iompair i measc gardaí a d'fhéadfadh a bheith tuairiscithe don Gharda Síochána ach nár tuairiscíodh do GSOC. Baineann na staitisticí seo a leanas leis an ualach oibre a bhí á láimhseáil ag GSOC le linn 2020:**

- 1,955 gearán faighte ag GSOC in 2020;
- 3,089 líomhain taobh istigh de na gearáin sin;
- 43 tarchur ón Gharda Síochána i leith
- ábhar inar cosúil “go bhféadfadh sé go mbeadh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána”;
- 27 comhad tarchurtha don DPP, agus é de thoradh air gur tugadh 71 n-ordú go ndéanfaí ionchúiseamh, 14 ordú nach ndéanfaí ionchúiseamh agus 7 gcinneadh ar feitheamh;
- Rinne comhaltaí agus/nó fostaithe de chuid an Gharda Síochána 19 nochtadh cosanta le GSOC;
- Ghearr Coimisinéir an Gharda Síochána 77 smachtbhanna ar ghardaí aonair tar éis gearáin le GSOC agus/nó imscrúduithe ag GSOC;
- Rinneadh 56 tarchur éigeantach um chosaint leanaí agus 107 tarchur neamh-éigeantach le Tusla.

<sup>1</sup> An toradh a bhí ar 1 chomhad amháin ná 2 ordú go ndéanfaí ionchúiseamh

## FREAGRA DO COVID-19

I dtreo dheireadh mhí Feabhra 2020, ba léir gur shroich paidéim COVID-19 an Eoraip. I bhfianaise an riosca a bheadh ag an bpaidéim d'oibríochtaí GSOC, thionóil GSOC cruinniú luath chun aghaidh a thabhairt ar an socrú leanúnachais gnó a teastaíodh le cinntiú go gcuirfí seirbhísí na heagraíochta ar fáil i bhfianaise srianta féideartha i leith shláinte an phobail.

Measadh go raibh feidhmeanna GSOC ina seirbhís riachtanach. Mar sholáthraithe seirbhís riachtanaí, ba é tosaíocht GSOC leanúnachas a chinntiú ó thaobh glacadh le gearáin agus iad a imscrúdú agus ag an am céanna sláinte agus leas fhoireann GSOC, daoine den phobal, agus gach duine eile a dhéanann idirghníomhú le GSOC, a chosaint.

Ar chomhairle na n-údarás sláinte, dhún GSOC a oifig phoiblí i mí an Mhárta 2020. De réir na comhairle sláinte poiblí, níor iarradh ar an bhfoireann freastal ar an oifig ach amháin sa chás go raibh an freastal sin riachtanach chun dualgais riachtanacha a chur i gcrích. Ag tús na chéad dianghlása i lár mhí an Mhárta 2020, bhí trealamh ar fáil do 110 den 125 ball foirne in GSOC agus iad socraithe suas le bheith ag obair ó chian le ríomhairí glúine. Faoi luath mhí Aibreáin 2020, fuarthas ríomhairí glúine do na 15 ball foirne eile agus gach ball foirne in GSOC feistithe le bheith ag obair ó chian. Mar gheall nach raibh sé indéanta seirbhís fóin a chur ar fáil do bhaill foirne ag obair ó chian, cuireadh an tseirbhís seo ar fionraí ar feadh roinnt míonna. Bhí seirbhís freagartha fós i bhfeidhm, rud a d'fhág go raibh daoine den phobal in ann teachtaireachtaí a fhágáil agus ar fhreagair baill foirne GSOC dóibh ar bhonn tosaíochta. Cuireadh i bhfeidhm uasghrádú mór ar fhreastalaí Líonra Phríobháidigh Fhíorúil (VPN) GSOC in éineacht le hoiriúintí riachtanacha do shocruithe rialaithe, oiliúna agus tacaíochtaí eile ón Aonad Corparáideach agus Acmhainní Daonna chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí na paidéime ar fud na heagraíochta agus le cinntiú gur féidir le seirbhís GSOC don phobal leanúint ar aghaidh i dtimpeallacht shlán.

Ní raibh tionchar diúltach ag an dúnadh seo ar chumas GSOC gearáin a fháil – i bhfrinne bhí ardú 11 faoin gcéad in 2020 ar líon na ngearán a fuarthas i gcomparáid le 2019.

Ceist mhór i rith na bliana ba ea leas na foirne. Glacadh réimse beart breise cosanta don fhoireann

ag freastal ar an ionad oibre, lena n-áirítear soláthar trealamh cosanta phearsanta (PPE) lena n-áirítear maisc, scáthláin, díghalrán lámh, bearta scartha sóisialta agus teagmhála, socruithe breise glantachán oifige agus suiteáil scáileán peirspéacs.

Bhí béim ar leith ar chumarsáid foirne, chomh maith le hoiliúint agus tacaíochtaí folláine, lena n-áirítear trí Sheirbhís Chúnamh d'Fhostaithe na Státseirbhíse, do gach ball foirne chun cuidiú ó thaobh folláine i bhfianaise na socruithe oibre athraithe, cianobair agus an phaidéim.

Nuair a baineadh an chéad dianghlásail le linn shamhradh agus fhómhar 2020, cuireadh bearta i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar an bhfoireann filleadh ar obair san oifig ar bhealach céimnithe de réir chomhairle an rialtais agus na sláinte poiblí, trí shocruithe oibre measctha a chur i bhfeidhm don fhoireann lena bhforáiltear do mheascán d'obair san oifig agus obair ón mbaile. Cruthaíodh na socruithe seo i 'bPolasaí agus Plean Freagrachta do Leanúnachas Gnó le linn COVID-19' ina sonraítear na socruithe riachtanacha don fhoireann freastal ar ionaid oibre GSOC agus ag an am céanna comhlíontacht a chinntiú le Prótocal COVID-19 an Rialtais um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, an riosca don fhoireann agus do dhaoine eile a íoslaghdú, agus an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil don phobal. Mar gheall ar na socruithe seo, ceadaíodh línte fóin GSOC a oscailt arís, ach tá an oifig phoiblí fós dúnta go dtí go bhfógraítear a mhalairt. Féadfaidh daoine den phobal gearáin fós a dhéanamh le GSOC ar roinnt bealaí, lena n-áirítear tríd an ríomhphost, comhfhreagras i scríbhinn agus ar líne.

Ón 30 Nollaig 2020 i leith, nuair a d'fhógair an Rialtas na srianta reatha Leibhéal 5, dhírigh GSOC ar thosaíocht a thabhairt do sheirbhísí riachtanacha a choinneáil nach bhféadtar a réachtáil ó chian. Tá freastal na foirne ar oifigí GSOC á choinneáil chomh híseal agus is féidir, de réir sholáthar na seirbhísí nach bhféadtar a réachtáil ó chian, de réir threoirlínte an Rialtais.

### Gearáin a bhaineann le COVID-19

Ba léir do GSOC ó mhí an Mhárta 2020 gur bhain roinnt gearán faoi idirghníomhú daoine le comhaltaí den Gharda Síochána le COVID-19 agus/nó le feidhmiú srianta a bhaineann le COVID-19. Déileáladh leis na gearáin seo ar an ngnáthbhealach (féach Rannán 1 le haghaidh

tuilleadh eolais faoi ghearáin inghlactha agus neamh-inghlactha).

Chinn an Coimisiún Ombudsman go mbeadh sé tairbhiúil don Gharda Síochána faisnéis fíor-ama a roinnt faoi eispéireas nó brath an phobal faoin bpóilíneacht ag an tráth seo, agus dá réir cuidiú a thabhairt do bhonn eolais a chur faoi chinnteoireacht an Gharda Síochána i ndáil le dualgaís bhreise phóilíneachta i ndáil le COVID-19. Dá thoradh air sin, bailíodh faisnéis maidir le líon agus cineál na ngearán seo agus cuireadh ar fáil iad do lucht bainistíochta an Gharda Síochána, i bhformáid anaithnide, ar bhonn seachtainiúil chun iad a chur ar ar an airdeall faoi cheisteanna a bhí ag teacht chun cinn agus an t-eispéireas agus an t-imní a bhí ar dhaoine den phobal maidir le póilíneacht a bhaineann le COVID-19.

Mar aitheantas don bhrú méadaithe a cuireadh ar an nGarda Síochána mar gheall ar an bpaindéim, d'aontaigh GSOC síneadh ama a chur leis na scálaí ama chun imscrúduithe araíonachta a bheith curtha i gcrích ag Ceannfoirt an Gharda Síochána. Tá na scálaí ama seo bunaithe sna Prótacail idir GSOC agus an Garda Síochána. D'aontaigh GSOC síneadh ama trí mhí i mí an Mhárta 2020, agus síneadh sé seachtaine i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Idir Márta agus deireadh Nollag, luadh COVID-19 in 295 gearán ar an iomlán a rinneadh le GSOC. I measc na gcúinsí is coitianta a tháinig chun cinn mar gheall ar na gearáin seo, bhí feidhmiú na srianta taistil agus idirghníomhaithe le gardaí ag seicphointí. Ba iad na príomhchúiseanna gearáin ná míchúirtéis, imní faoi scaradh sóisialta agus easpa trealamh PPE. Mar a bhaineann le gach gearán le GSOC, rinneadh measúnú ar na gearáin seo le feiceáil ar chomhlíon siad na critéir le haghaidh inghlacthacht<sup>1</sup>. Fuarthas go raibh 68 cinn díobh neamh-inghlactha, glacadh le 50 cinn lena n-imscrúdú, bhí 24 cinn fós ar oscailt ag deireadh na bliana, agus níor leanadh leis an gcuid is mó den chuid fhanta thar chéim an 'fhiosraithe', is é sin, loic na gearánaithe a ndóthain sonraí a chur ar fáil le go ligfí an gearán a chur san áireamh le haghaidh inghlacthachta.

1 Nuair a fhaigheann GSOC gearáin, déantar measúnú orthu de réir critéir atá leagtha amach in Acht an Gharda Síochána, 2005 le deimhniú cé acu an bhféadtar glacadh leo lena n-imscrúdú. Féach Rannán 1 le haghaidh tuilleadh eolais faoi chritéir inghlacthachta.

## RANNÁN 1: GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUI THE

### SONRAÍ BARRLÍNE

#### GLAONNA



**1,132\***

an líon glaonna ar  
ár n-uimhir íosghlao  
agus iad á bhfreagairt  
ag cásoibrithe.



**97%**

an céatadán de na  
glaonna a fuarthas  
ar freagraíodh dóibh  
laistigh de 60 soicind



**51\***

an líon daoine ar buaileadh leo  
go pearsanta inár n-oifig phoiblí  
agus ag coinní sceidealta


#### FIOSRUITHE



**3,908**

an líon de na teagmhálacha tosaigh sin a osclaíodh mar  
fhiosruithe ar dtús inár gcóras bainistíochta cásanna. A  
luaithe a fhaightear faisnéis dhóthanach, déantar stádas na  
ceiste a uasghrádú ina ghearán foirmiúil.

#### GEARÁIN



**1,955**

an líon gearán  
a osclaíodh in  
2020.

**3,089**

an líon líomhaintí a bhí ann  
laistigh de na gearáin sin  
(toisc gur féidir go mbeidh  
roinnt líomhaintí éagsúla  
ann i ngearán amháin).

\* Tagraíonn na sonraí don tréimhse 1 Eanáir – 11 Márta 2020 agus do thréimhse ní ba dheireanaí sa bhliain nuair a d'fhill roinnt den fhoireann ar an oifig. Dúnadh oifig phoiblí GSOC ón 12 Márta 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19 agus bhí tionchar aige seo ar an áis chun caint go díreach le cásoibrithe.

## GEARÁIN

Leagtar amach in Ailt 83 go 101 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú ("an tAcht"), na rialacha agus na próisis lena sainítear conas nach mór do GSOC déileáil le gearáin.

### 1.1 AN LÍON FIOSRUITHE

In 2020, dhéileáil cásoibrithe le **3,908** fiosrú tríd an bpost, an ríomhphost agus comhfhreagras ó stáisiúin Gardaí. Ar dtús, osclaítear gach teagmháil ar ár gcóras mar 'fhiosrú', go dtí go mbíonn ár ndóthain faisnéise againn é a uasghrádú go gearán agus measúnú a dhéanamh air le haghaidh inghlacthachta.

Mar gheall ar shrianta COVID-19, ba ghá oifig phoiblí GSOC a dhúnadh. Chomh maith leis sin, bhí srian gear ar idirghníomhú fóin leis an bpobal do chuid de 2020.


Mar thoradh air sin, níor freagraíodh **1,132** glao fóin chuig uimhir íosghlao 1890 600 800 GSOC, laghdú suntasach ar an **4,026** glao a fuarthas in 2019. Freagraíodh **97 faoin gcéad** de na glaonna sin laistigh de 60 soicind. Moladh dóibh siúd a ghlaigh ar GSOC agus iad ag iarraidh caint le cásoibrí, moladh dóibh uimhir theagmhála a fhágáil le go bhféadfadh an fhoireann glaoch ar ais orthu níos déanaí.

Bhuail cásoibrithe le **51** duine inár n-oifig phoiblí ó Eanáir go Márta 2020. I gcomparáid leis seo, bhí 290 idirghníomhú san oifig phoiblí i rith 2019.

### 1.2 AN LÍON GEARÁN AGUS LÍOMHAINTÍ

Osclaíodh 1,955 gearán ar an iomlán in 2020, méadú **11 faoin gcéad** ar fhigiúr 2019 (is é sin 1,756). Cé go bhfuil sé deacair a rá go cinnte cén fáth ar tháinig méadú chomh mór sin ar líon na ngearán, is cosúil gur fachtóir a bhí ann an t-idirghníomhú méadaithe idir daoine den phobal agus gardaí a raibh sé de chúram orthu srianta COVID-19 a fhorfheidhmiú. Bhí 3,089 líomhain sna 1,955 gearán – féadfaidh breis agus líomhain amháin a bheith in aon ngearán amháin.


**Cairt 1: Cúinsí na nGearán a Fuarthas**  
(Líon iomlán gearán: 1,955)




a iad na cúinsí ba choitianta ba chúis le gearáin in 2020 ná teagmhais póilíneachta bóthair, reáchtáil imscrúduithe ag gardaí, seirbhís do chustaiméirí ag gardaí agus iompar gardaí le linn maoin agus/nó duine a chuardach.

**Léirítear ar na léarscáileanna (ar leathanach 13) dáileadh geografach na líomhaintí i ngearáin a rinne in aghaidh na ngardaí in 2020. Léirítear gach líomhain ann, iad siúd a mheastar a bheith inghlactha, iad siúd a mheastar gan a bheith inghlactha, agus iad siúd nach bhfuil cinneadh faoi inghlacthacht déanta ina leith faoin 31 Nollaig 2020. Ní áirítear leo 126 líomhain nár bunaíodh rannáin Garda Síochána ina leith go fóill faoi dheireadh na bliana.**

**Léarscáil 1:** Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána  
(gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ar áireamh)



**Léarscáil 2:** Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)




Ba i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a taifeadh an líon ab airde líomhaintí sa tír, mar a mbeifeá ag súil leis, agus an líon daonra agus gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair. Ba ó RCBÁC Thuaidh a fuarthas an líon ab airde, áit a raibh 251 líomhain agus ó RCBÁC Thiar, áit a raibh 247 líomhain. In 2019, ba ó RCBÁC Thuaidh agus RCBÁC Lár Theas a fuarthas an líon ab airde líomhaintí.

Lasmuigh den RCBÁC, ba iad Cathair Chorcaí agus Lú faoi seach na rannáin ina ndearnadh an líon ab airde líomhaintí in aghaidh gardaí sa bhliain in 2020.

### 1.3 CÉARD FAOI A DHÉANANN DAOINE GEARÁN

Is gnách na hábhair chéanna a bheith faoi ghearán ag daoine le GSOC ó bhliain go bliain.

**Cairt 2:** Cineálacha Líomhna i nGearáin Inghlactha (An Líon Iomlán Líomhaintí: 2,339)



Léirítear i gCairt 2 gurb iad na hábhair is coitianta faoina ndéantar gearán ná:

- Fáilí i nDualgas – líomhaintí gur theip ar gharda gníomh a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta a dhéanamh – mar shampla, is samplaí coitianta de 'fáilí i nDualgas' é gan glao teileafóin a chur ar ais ar dhuine, ar thaobh amháin den scála, agus, ar an taobh eile den scála, coir thromchúiseach líomhnaithe a imscrúdú mar is ceart.
- Mí-úsáid Údaráis – is iad úsáid iomarcach fornirt agus treoir chun rud éigin a dhéanamh a measann an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nach raibh údarás ag an garda é a éileamh na


príomhchineálacha líomhna atá catagóirithe mar 'mhí-úsáid údaráis'.

- Cionta Neamh-Mharfacha – is líomhaintí iad sin go ndearnadh cion coiriúil atá liostaithe san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997 agus foláionn siad, mar shampla, ionsaí.
- Míchúirtéis – gearáin a bhaineann leis an dóigh ar labhair nó ar chaith garda le duine.

### 1.4 INGLACTHACHT

Nuair a fhaigheann GSOC gearáin, déantar measúnú orthu de réir critéir atá leagtha amach in Acht an Gharda Síochána, 2005 le deimhniú go bhfuil siad inghlactha. Má chomhlíonann siad na critéir sin, féadfaidh GSOC déileáil leo; mura gcomhlíonann, meastar iad a bheith neamh-inghlactha.

**Cairt 3:** Cinntí ar Inghlacthacht an Ghearáin (An Líon Iomlán Gearán:: 1,955)



### Conas a chinnimid cé acu an nglactar nó nach nglactar gearán lena imscrúdú?

De réir Alt 87 d'Acht 2005, féadfaimid gearán a ghlacadh más rud é:


- gurb** é an duine a dtéann an t-iompar is ábhar don ghearán i bhfeidhm air/uirthi nó an duine is finné d'iompar an ghearáin a dhéanann an gearán; agus
- go** mbaineann an gearán le hiompar a bheadh cothrom le cion coiriúil nó sárú ar araíonacht an Gharda Síochána ag comhalta den Gharda Síochána dá gcruthófaí é; agus

- **go** ndéantar an gearán laistigh de teorainn ama aon bhliana ón teagmhas is ábhar don ghearán; agus
- **nach** gearán suaibhreasach ná cráiteach é; agus
- **nach** mbaineann an gearán le hordú ginearálta ná rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir an Gharda Síochána; agus
- **nach** mbaineann an gearán le hiompar arna dhéanamh ag comhalta den Gharda Síochána nuair a bhí an comhalta as dualgas, **ach amháin** sa chás gur dhócha go dtarraingeodh an t-iompar líomhnaithe míchlú ar an nGarda Síochána dá gcruthófaí é.

## 1.5 LÍOMHAINTÍ NEAMH-INGHLACHTHA

In 2020, measadh 687 ceann de na gearáin a fuarthas a bheith neamh-inghlachta, ós rud é nár chomhlíon ceann ar bith de na líomhaintí istigh iontu (746 gcinn san iomlán) na critéir inghlachta atá leagtha amach san Acht. Léirítear sa chairt thíos na cúiseanna leis sin.

**Cairt 4:** Cúiseanna le Neamh-inghlachta na Líomhaintí i nGearáin atá Neamh-inghlachta (Líomhaintí Neamh-inghlachta 746)




Ba í an chúis ba choitianta – i gcás **615** líomhain – ná nach mbeadh an t-iompar líomhnaithe ina choir ná ina shárú ar na Rialacháin Araíonachta fiú amháin dá gcruthófaí é.

Ba í an dara cúis ba choitianta nár glacadh gearán lena imscrúdú ná gur lasmuigh den teorainn ama a shonraítear in Alt 84 den Acht – 12 mhí tar éis dháta an iompair a ndearnadh gearán faoi – a bhí an líomhain/ na líomhaintí a bhí ann sa ghearán. In 2020, cinneadh **89** líomhain a bheith neamh-inghlachta ar an gcúis sin. Cé go bhfuil roinnt roghanna ag GSOC glacadh le gearáin ó thráth taobh amuigh den tréimhse shonraithe ama, tá cúis phraiticiúil ag baint le teorainn ama i bhformhór na gcásanna; dá mhéad ama atá caite idir an teagmhas agus an gearán, is ea is deacra a bheidh sé imscrúdú éifeachtach a reáchtáil lena mbaineann fianaise a chaomhnú, finnéithe poitéinsiúla a aimsiú agus ráitis chruinne a fháil.

## 1.6 GEARÁIN INGLACHTHA

Sa bhliain 2020, fuarthas agus glacadh 1,264<sup>2</sup> gearán (a raibh líomhain inghlachta amháin ar a laghad iontu) lena n-imscrúdú. Déileáladh leo ar cheann amháin de chúig bhealach. Mionsonraítear sa chairt thíos na cineálacha imscrúdaithe a osclaíodh i 1,264 ceann de na cásanna sin. Tugtar ar aird: scoireadh de 4 chás ar measadh iad a bheith inghlachta ar dtús sular cuireadh tús le himscrúdú.

**Cairt 5:** Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (An Líon Iomlán Gearán a Glacadh lena nImscrúdú: 1,264)



- Chomh maith leis na 1,264 imscrúdú, measadh go raibh 2 chás inghlachta ach tarraingíodh siar iad roimh chinneadh ar imscrúdú a dhéanamh, agus glacadh 2 chás agus bhí cinntí ar imscrúdú ar feitheamh ina leith ag deireadh na bliana.



Léirítear i gCairt 5 conas a déileáladh ar dtús leis na gearáin go léir a glacadh. Is féidir go dtiocfaidh athrú air sin le linn an cháis. Mar shampla, is féidir go ndéanfar imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht a ghéarú ina imscrúdú faoi mhaoirseacht nó ina imscrúdú neamhchoiriúil a dtabharfadh imscrúdaitheoirí GSOC faoi. A luaithe a imscrúdaítear na gnéithe coiriúla de ghearán, féadfar aon ghnéithe neamhchoiriúla a scrúdú agus/nó a imscrúdú ansin.

### 1.6.1 Imscrúduithe Coiriúla

Is de réir Alt 98 den Acht a dhéanann GSOC imscrúduithe coiriúla. Is iad imscrúdaitheoirí féin GSOC a imscrúdaíonn gach líomhain maidir le cionta coiriúla arna ndéanamh ag gardaí (mar shampla, ionsaí). Mar thoradh ar ghearáin a fuarthas sa bhliain 2020, osclaíodh **572** imscrúdú coiriúla.

### 1.6.2 Imscrúduithe Araíonachta

Tá **trí** bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

- **Imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht** (faoi Alt 94 (1) den Acht) arna ndéanamh ag ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána ar aon dul le Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána. De réir na bPrótacal<sup>3</sup> atá ann idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór imscrúduithe gan mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil deiridh ina leith a eisiúint chuig GSOC laistigh de 16 seachtaine. Osclaíodh **432** cás den chineál seo in 2020, i gcomparáid le i gcomparáid le 405 in 2019 agus 598 in 2018. Sampla den chineál cáis a imscrúdaítear ar an mbealach sin is ea líomhain go raibh mí-úsáid údaráis ann nuair a bhí duine á g(h)abháil. Maidir leis laghdú suntasach sna imscrúduithe seo in 2019 agus in 2020 i gcomparáid le blianta roimhe, is léiriú é ar thabhairt isteach an phróisis Idirghabhála Áitiúla. Leis an bpróiseas seo, a tugadh isteach mar scéim phiólótach in 2018 agus cuireadh i bhfeidhm go náisiúnta in 2019, tugtar deis roinnt gearán a réiteach ar leibhéal áitiúil; ní bhíonn gearáin arna réiteach ar an tslí sin ina n-ábhar imscrúdaithe den chineál foirmiúil

a ndéantar cur síos air sa rannán seo. Tá mion-chur síos ar an bpróiseas Idirghabhála Áitiúla i Rannán 4.

- **Imscrúduithe Araíonachta gan mhaoirseacht** (faoi Alt 94(5) den Acht) – is iad ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána a dhéanann iad seo ach bíonn siad á maoirsiú ag imscrúdaitheoirí de chuid GSOC, a bhuaileann leis na ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána chun plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC na gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a fháil. Tá sé oiriúnach imscrúduithe faoi mhaoirseacht a dhéanamh i gcásanna ina ndéantar líomhaintí níos tromchúisí maidir le faillí i ndualgas, mar shampla easpa imscrúdaithe, nó imscrúdú neamhleor, ar choir thromchúiseach a tuairiscíodh do ghardaí. De réir na bPrótacal idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain. Osclaíodh **106** cás den sórt sin sa bhliain 2020.
- **Imscrúdú neamhchoiriúil** arna dhéanamh ag GSOC faoi Alt 95 den Acht) – is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a fhéadfaidh tabhairt faoi chásanna áirithe nach bhfuil cionta coiriúla i gceist leo de réir dealraimh agus a bhféadfadh nithe araíonachta agus/nó nithe sistéamacha a bheith i gceist leo. Folaíonn sé seo, mar shampla imscrúduithe araíonachta a eascraíonn ó imscrúduithe coiriúla. Osclaíodh **150** cás den sórt sin in 2020, i gcomparáid le 100 cás den sórt sin a osclaíodh in 2018, Ba léiriú an méadú seo ar thús na héifeachta le gealltanais GSOC maidir le moladh an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (CoFPI) nár chóir do chomhlacht comharba GSOC gearáin a thabhairt ar ais don Gharda Síochána lena n-imscrúdú. Éascaíodh an ghluaiseacht sin i dtreo tuilleadh imscrúduithe neamhchoiriúla a sheoladh ag an ardú sin ar líon na foirne in GSOC.

3 Is éard is Prótacail ann ná doiciméid chomhaontaithe idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Garda Síochána ar ábhair oibríochtaí. Leagadh an riachtanas seo amach in Acht an Gharda Síochána, 2005.

## Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna garda sárú ar araíonacht as loiceadh imscrúdú a dhéanamh ar ionsaí líomhnaithe agus loiceadh aon fhaisnéis a chur ar fáil don íospartach maidir leis an imscrúdú.

Líomhain duine go ndearnadh ionsaí air i gclub oíche agus gur fhreastail gardaí ar an láthair. Rinne íospartach an ionsaí líomhnaithe gearán le GSOC gur fhreastail garda ar an láthair a loic an teagmhas a imscrúdú, a loic ráiteas a thógáil, a bhí neamhfhreagrach do chomhfhreagras an ghearánaigh, agus nár fhreagair go dtí gur fhostaigh an gearánach dlíodóir chun comhfhreagras a sheoladh ar a shon.

Glacadh leis an ngearán agus cuireadh tús le himscrúdú araíonachta faoi Alt 94 (1) d'Acht an Gharda Síochána agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh.

Chuir an GSIO agallamh ar an ngearánach agus fuair taifead den teagmhas ó PULSE. Ní raibh aon taifid ann faoi iarrachtaí an ghearánaigh teagmháil a dhéanamh leis an gcomhalta, agus ní raibh an gearánach in ann aon sonraí a chur ar fáil faoi aon cheann de na glaonna líomhnaithe a rinne sé.

Chuir an GSIO agallamh freisin ar an gcomhalta den Gharda Síochána a bhí i gceist. Dúirt an comhalta den Gharda Síochána go raibh an gearánach ar meisce ag tráth an teagmhais agus nach ndearnadh aon líomhain faoi ionsaí ag an láthair agus nach ndearnadh an líomhain faoin ionsaí go dtí cúig mhí tar éis an teagmhais. Chomh maith leis sin, dúirt an comhalta den Gharda Síochána gur léirigh na baill foirne ag an ionad, ar labhair an garda leo ar oíche an teagmhais, go bhféadfadh sé gurb é féin a rinne an gortú dó féin.

Dúirt an comhalta den Gharda Síochána nach raibh aon scannánaíocht TCI ar fáil ón láthair ag a fuair an gearánach a chuid gortuithe. Shéan sé go bhfuair sé comhfhreagras ón ngearánach, agus dúirt gur ghlaoigh sé ar oifig an dlíodóra ach nach bhfuair sé glaoch ar ais. D'admhaigh an garda, áfach, nár ghlac sé ráiteas in ainneoin go ndúirt sé leis an ngearánach ag tráth an teagmhais go ndéanadh sé amhlaidh.»

» Dúirt an GSIO, faoi riail 'na fianaise is fearr', gur chóir ráitis finné a bheith tógtha ag an ngarda ón bhfoireann, gach scannánaíocht TCI ó thaobh istigh den chlub oíche a bheith tógtha agus ráitis ó pháirtithe eile a bhí páirteach san argóint leis an ngearánach a bheith tógtha – ach ní dhearnadh aon cheann díobh seo. Chinn an GSIO chomh maith go raibh an chumarsáid ón gcomhalta den Gharda Síochána leis an ngearánach faoi bhun an mhéid a mbeifí ag súil leis go réasúnach. Fuarthas gur sháraigh an garda na Rialacháin Araíonachta as dhá chúiseamh i bhfaillí dualgais as ucht loiceadh an t-ionsaí líomhnaithe a imscrúdú, agus as ucht loiceadh faisnéis chuí a chur ar fáil faoin imscrúdú don ghearánach. Cuireadh smachtbhanna airgeadais ar an ngarda agus tugadh foláireamh.

## Achoimre ar chás

Rinne duine den phobal gearán le GSOC faoin gcaoi ar caitheadh léi nuair a bhí ráiteas saorálach faoi rabhadh á thabhairt aici faoi imbhualadh tráchta ar bhóithre ar ghlac an tiománaí eile dliteanas ina leith.

Rinne an duine gearán nach ndéanadh an garda a bhí ag tógáil an ráitis taifead faoina tuairim go raibh an páirtí eile ag ól, agus ba chosúla le ceistiúchán a bhí sé an ráiteas a thabhairt.

Ceapadh garda sinsearach (GSIO) chun imscrúdú araíonachta a reáchtáil. Chuir an GSIO agallamh ar an gcomhalta den Gharda Síochána a d'admhaigh go raibh sé míchúirtéiseach leis an ngearánach. D'admhaigh sé gur úsáid sé teanga mhíchui nuair a bhí an ráiteas á thógáil aige ón ngearánach. Nuair a fiafraíodh de faoi chur isteach ar an ngearánach le linn an ráitis, shonraigh sé go raibh sé ag lorg soiléirithe le linn an agallaimh, agus gur ghnáthnós imeachta é seo.

Tháinig an GSIO ar an tátal gur sháraigh an garda na Rialacháin Araíonachta as ucht caitheamh go míchúirtéiseach leis an ngearánach. Cuireadh admháil an gharda san áireamh, agus gearradh smachtbhanna air de bhíthin foláireamh.

## Achoimre ar chás

Gearradh smachtbhanna ar gharda as ucht faillí i ndualgas tar éis go bhfuair imscrúdú gur loic an garda teaghlach a choinneáil ar an eolas faoi chás, agus gur loic an garda leanúint le treoracha ón Oifigeach Ceantair tar éis ionsaí tromchúiseach.

Thuairiscigh tuismitheoir thar ceann duine mionaoiseach líomhain faoi ionsaí don Gharda Síochána. Tugadh fógra do na gardaí faoi thuairisc eile faoi imeaglú líomhnaithe ag déantóirí na coire chun stop a chur leis na cúisimh a bhí á gcur ina leith.

Cúisíodh duine amháin i ndáil leis an ionsaí. Tugadh foláireamh aosach don dara duine.

Rinneadh gearán le GSOC mar gheall gur mhothaigh an tuismitheoir nach raibh an garda imscrúdaithe dá coinneáil ar an eolas – lorg sí faisnéis faoin gcúis nach raibh ionchúiseamh déanta i leith na ndaoine eile a bhí páirteach san ionsaí, agus theip uirthi an fhaisnéis seo a fháil.

Ceapadh Ceannfort de chuid an Gharda Síochána chun imscrúdú faoi mhaoirseacht a dhéanamh – is é sin, imscrúdú faoi mhaoirseacht ag oifigeach imscrúduithe de chuid GSOC.

Fuarthas san imscrúdú gur sainaithníodh ceathrar mar dhaoine faoi amhras tar éis na líomhna faoin ionsaí. Mhol an garda imscrúdaithe go ndéanfaí ionchúiseamh ar gach duine den cheathrar i ndáil leis an ionsaí. Mhol an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP), áfach, go ndéanfaí ionchúiseamh ar dhuine amháin. Roimh an treoir ón DPP, líomhnáíodh gur chuir na daoine faoi amhras tús le feachtas imeaglaithe. Cuireadh agallamh ar dhuine amháin faoin imeaglú líomhnaithe agus níor thug aon trácht ann. Mhol an garda an t-ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil leis an »

» líomhain faoi imeaglú, agus shonraigh nach raibh aon fhianaise ann.

Dúirt an Sáirsint i bhFeighil, áfach, go raibh an duine aonair mí-oiriúnach le haghaidh foláireamh aosach agus gur chóir an duine a ionchúiseamh. D'aontaigh an Ceannfort leis seo. Rinne an garda roinnt iarrachtaí coinne leis an duine a eagrú chun an duine a chúiseamh ach theip ar gach iarracht.

Dá éis sin, d'eisigh an garda foláireamh aosach cé go raibh roinnt ciontuithe ag an duine – níor chóir foláireamh aosach<sup>4</sup> a eisiúint ach amháin do dhaoine nach bhfuil aon chiontuithe acu roimhe. Gné den scéim foláirimh aosach freisin is ea gur chóir tuairimí an íospartaigh a iarraidh, agus níor iarradh na tuairimí sa chás seo. Nuair a tugadh fógra don tuismitheoir faoin fholáireamh aosach, chuir sí a míshástacht in iúl.

Fuarthas gur sháraigh an garda Rialacháin (Araíonachta) 2007 an Gharda Síochána as ucht loiceadh duine amháin a ionchúiseamh nuair a bhí sé ordaithe ag Oifigeach an Cheantair agus é de dhualgas ar an ngarda déanamh amhlaidh, as ucht loiceadh an teaghlach a choinneáil ar an eolas nó a dtuairimí a lorg roimh fholáireamh aosach a thabhairt, agus as ucht loiceadh an teaghlach a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn le linn imscrúdú na ngardaí. Smachtbhanna foláirimh i leith trí chúiseamh a ghearr Coimisinéir an Gharda Síochána.

## Achoimre ar chás

Gearradh smachtbhanna ar chomhalta den Gharda Síochána as ucht loiceadh mion-imbhualadh tráchta ar bhóithre a imscrúdú. Tuairiscíodh an t-imbhualadh don stáisiún gardaí áitiúil, ach loic an comhalta den Gharda Síochána a thóg an tuairisc é a imscrúdú in am trátha. »

4 Foláireamh Aosach – Is faoin gceannfort áitiúil de chuid an Gharda Síochána (nó faoin gcigire de chuid an Gharda Síochána atá ag gníomhú mar Oifigeach Ceantair) atá sé a chinneadh cé acu a thabharfar foláireamh aosach nó a thionscnófar ionchúiseamh. Is éard a theastaíonn chun foláireamh aosach a thabhairt ná duine a bheith cúisithe i leith ciona ag glacadh freagrachta as an iompar i gceist, agus foláireamh (rabhadh) gur dócha go mbeidh ionchúiseamh i gceist má tharlaíonn aon iompar coiriúil den chineál céanna amach anseo. Ní mór go meastar an ciontóir a bheith oiriúnach le haghaidh foláirimh, agus is minic go meastar iad siúd gan ionchúisimh roimhe seo a bheith incháilithe le haghaidh foláireamh aosach. Níor chóir go bhfaigheadh duine foláireamh aosach ach aon uair amháin. Ba cheart tuairimí an íospartaigh a lorg agus a bhreithniú sula dtabharfar aon fholáireamh aosach.

» Tharla an t-imbhualadh i gcarrchlós ionaid miondíola fad is a bhí úinéir na feithicle sa siopa. D'fhág déantóir na coire an carrchlós gan sonraí teagmhála a fhágáil. Thuairiscigh úinéir na feithicle an t-imbhualadh láithreach don stáisiún Gardaí áitiúil. Ghlac úinéir na feithicle pictiúr den damáiste agus chur ar fáil é don gharda in éineacht le sonraí teagmhála chun an scannánaíocht TCI sa charrchlós a fháil. Dhearbhaigh an garda don úinéir go ndéanadh sé teagmháil taobh istigh de sheachtain agus roinnt eolais aige.

Nuair nach bhfuarthas teagmháil ón ngarda, rinne an t-úinéir teagmháil leis an stáisiún gardaí agus labhair leis. Mhínigh an garda nach ndearna sé aon dul chun cinn maidir leis an imbhualadh mar gheall gur chaill sé an fhaisnéis uile a thug úinéir na feithicle.

Thug an t-úinéir an fhaisnéis arís, ach arís d'imigh roinnt ama gan aon teagmháil ón ngarda. Dá éis sin, rinne úinéir na feithicle teagmháil leis an gcomhlacht slándála agus d'fhiosraigh cé acu am raibh nó nach raibh an garda i dteagmháil chun féachaint ar an bpíosa scannánaíochta. Dúirt an comhlacht slándála nach ndearna an garda teagmháil leo go dtí cúig seachtaine tar éis an imbhuailte agus faoin am sin, nach raibh an píosa scannánaíochta ar fáil a thuilleadh.

Rinne úinéir na feithicle gearán leis an nGarda Síochána faoin easpa imscrúdaithe a rinneadh. Tharchur na Gardaí an gearán le GSOC faoi Alt 85 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus measadh go raibh an gearán inghlactha. Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh faoi Alt 94 (1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Fuair an GSIO amach nach ndearna an garda tuairisc teagmhais PULSE i ndáil leis an teagmhas go dtí cúig seachtaine tar éis an teagmhais agus loic an píosa scannánaíochta TCI a fháil in am trátha. Fuarthas gur sháraigh an garda Rialacháin (Araíonachta) an Gharda Síochána, 2008 in dhá chúiseamh i bhfaillí i ndualgas – gearradh rabhadh mar smachtbhanna.

## Achoimre ar chás

Gearradh smachtbhanna ar gharda maidir le faillí i ndualgas as ucht duine den phobal a chur ar an eolas láithreach go bhfuarthas a carr roinnt laethanta tar éis é a bheith goidte. Thabhaigh úinéir an chairr costais carr a fhrúiliú agus bhí sí míshásta faoin easpa cumarsáide.

Goideadh an carr taobh amuigh d'áit chónaithe an duine agus nuair a thuairiscigh sí an gadaíocht do na gardaí, déileáladh léi go pras agus go héifeachtúil. Dá éis sin, thuairiscigh an bhean an carr goidte dá comhlacht árachais, agus ní rangódh an comhlacht an carr go hoifigiúil mar charr goidte go dtí go raibh 14 lá caite. Chuir an comhlacht árachais carr cúirtéise ar fáil don bhean do na 14 lá sin agus bhí ar an ngearánach carr a fhrúiliú ar a costas féin tar éis na 14 lá sin a bheith imithe in éag. Le linn di a bheith ag fanacht ar ghlaó óna comhlacht árachais lá amháin, fuair sí glao ón gcomhlacht aisghabhála a raibh a carr féin acu agus dúirt go raibh sé ar fáil lena bhailiú. Ní raibh an bhean ar an eolas gur aisghabhadh a carr go dtí gur chuir an comhlacht aisghabhála ar an eolas í. Chuir siad ar an eolas í chomh maith go bhfuarthas an carr ceithre lá tar éis é a bheith goidte. Dúirt an gearánach nár chuir an Garda Síochána ar an eolas í riamh.

Rinneadh an gearán le GSOC agus measadh go raibh sé inghlactha. Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh faoi Alt 94 (1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Nuair a cuireadh agallamh imscrúdaithe ar an ngarda a cuireadh ar an eolas faoin gcarr a bheith faighte, dúirt sé nár ghlaigh sé ar an ngearánach nuair a fuarthas an carr mar gheall go raibh sé i lár na hoíche. Ba é tuiscint an chomhalta den Gharda Síochána chomh maith gurb é an comhalta den Gharda Síochána a thóg an tuairisc thosaigh faoin gcarr goidte ón ngearánach a dhéanadh tuairisc leis an ngearánach go bhfuarthas an carr. D'admhaigh an comhalta den Gharda Síochána an sárú ar araíonacht.

Fuarthas gur sháraigh an garda araíonacht as ucht faillí i ndualgas loiceadh an gearánach a chur ar an eolas go bhfuarthas a carr goidte. Smachtbhanna foláirimh a ghearr Coimisinéir an Gharda Síochána.

## Achoimre ar chás

Gearradh smachtbhanna ar gharda tar éis gur líomhain bean go raibh garda míchúirtéiseach léi ag seicphointe COVID-19.

Tá tearmann ainmhithe á reáchtáil ag an ngearánach agus fad is a bhí sí ag taisteal chun bia ainmhithe a cheannach, stopadh ag seicphointe Gardaí í agus ceistíodh í faoin gcúis lena turas. Nuair d'inis sí don gharda an chúis lena turas, dúradh léi nár thuras riachtanach é mar gheall go raibh siopaí eile níos cóngaraí dá háit chónaithe.

Nuair a mhínigh an bhean gur theastaigh an bia don tearmann, dúirt sí gur fhreagair an garda 'Tá madra agam, féadfaidh mé do chait a shórtáil amach'. Bhain an freagra sin suaitheadh aisti agus chuaigh sí díreach abhaile. Ghlaoigh sí ar an stáisiún gardaí dá éis sin agus thuairiscigh an teagmhas. Níos deireanaí an lá sin, fuair an bhean glao ón ngarda a bhí ag déileáil léi ag an seicphointe. Mhínigh an garda don bhean nach raibh sé ach ag moladh di fanacht slán. Nuair a fiafraíodh uimhir a shuaitheantais de, líomhnaíodh gur luaigh an garda a ainm arís agus arís agus d'iarr an litreodh sé é seo di. Chuir sí deireadh leis an nglao go gairid dá éis seo mar gheall gur mhothaigh sí go raibh an garda míchúirtéiseach léi.

Rinne an bhean gearán dá éis sin le GSOC agus measadh go raibh sé inghlactha. Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh faoi Alt 94 (1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Nuair a cuireadh agallamh ar an ngarda don imscrúdú, dúirt sé nach raibh sí míchúirtéiseach ná bagrach agus mhothaigh go raibh míléiriú á dhéanamh ag an mbean faoin idirghníomhú a bhí acu. Mhínigh an garda go raibh dualgas air a mhíniú don bhean go raibh pionóis ann as ucht turais a dhéanamh nach raibh riachtanach, rud a chreid sé go ndearna an gearánach. Bhréagnaigh an garda na tuairimí a thug le fios go dtabharfadh sé a cuid cat dá mhadra lena n-ithe. Dúirt an garda nach raibh sé ach ag comhrá léi go raibh peata aige féin chomh maith.

Fuarthas gur sháraigh an garda Rialacháin (Araíonachta) an Gharda Síochána, 2008 i gcúiseamh amháin i míchúirtéis – gearradh rabhadh mar smachtbhanna.

## Achoimre ar chás

Fuarthas gur sháraigh garda araíonacht as ucht loiceadh taifeadadh a dhéanamh de theagmhas tráchta ar bhóithre ar bhealach tráthúil agus iomlán ar an gcóras PULSE. Fuarthas é seo tar éis imscrúdú ar ghearán a rinne an fear a líomhain gur gabhadh é gan chúis nuair a bhí earraí á seachadadh aige.

Dúirt an fear le GSOC go raibh bealach isteach á bhlocáil aige le linn dó earraí a díluchtú óna thrucail maidin gnóthach. Shonraigh an tiománaí go raibh sé páirceáilte sa lána bus nuair a bhí a thrucail á díluchtú aige. Bhí a mbonnán á shéideadh ó roinnt carr fad is a bhí sé ag díluchtú. Tháinig fear ina threo a bhí ag scairteadh 'tabhair eochracha na trucaile dom'. Dhiúltaigh an tiománaí agus dúirt go raibh sé ag glaoch ar na gardaí. Is ag an bpointe seo a dúirt an fear a bhí ag teacht ina threo gur gharda a bhí ann. Ní raibh éide air, bhí carr gardaí neamhmharcáilte á thiomáint aige agus níor thaispeáin sé aon chomhartha aitheantais. Dhiúltaigh an garda a shuaitheantas a thaispeáint dó agus dúirt leis an tiománaí trucaile 'tá tú ag dul chun an phríosúin, a chara'. Dá éis sin, ghabh an garda an tiománaí trucaile as ucht páirceáil dhainséarach.

Rinneadh gearán le GSOC agus measadh go raibh sé inghlactha. Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh. Chuir an GSIO a bhí ag déanamh imscrúdú ar son GSOC, agallamh ar an ngarda, agus nuair a ceistíodh é, shonraigh go raibh soilse gorma lasta aige ar an gcarr neamh-mharcáilte garda nuair a chuaigh sé i dtreo na trucaile, chuir in iúl gur garda a bhí ann agus d'iarr air cén cead a bhí aige bac a chur ar an mbóthar le linn buaicthráth tráchta.

D'iarr an garda cúnamh mar gheall go raibh an tiománaí ag scairteadh air agus nuair a tháinig an cúnamh, ghabh sé an tiománaí as ucht páirceáil dhainséarach contrátha le hAlt 55 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961. Dá éis sin, fágadh an trucail san áit chéanna don chuid eile den lá go dtí gur scaoileadh an tiománaí ón stáisiún gardaí. »

» Fuair an GSIO nár páirceáil dhainséarach a bhí i gceist leis an gcaoi ar pháirceáil an tiománaí trucaile. Ní raibh tionchar aige ar an ngnáththracht, agus ní raibh aon tionchar ag an trucail ach an oiread ar an thracht coisithe. Bhí an lána bus blocáilte, áfach, agus cruthaíodh bac ar an mbealach isteach, agus ba ionann é seo agus bac. Ní fhoráiltear do chumhacht ghabhála as ucht bac a chruthú faoi Alt 55 den Acht um Thracht ar Bhóithre, 1961. Ní dhearnadh taifeadadh cuí den teagmhas ar an gcóras PULSE go dtí trí mhí tar éis an teagmhais, agus chomh maith leis sin, ní raibh aon taifead ar loga príosúnaí.

Ghlac an garda leis gur chóir taifead den teagmhas a bheith curtha ar PULSE aige. Fuarthas gur sháraigh an garda Rialacháin (Araíonachta) an Gharda Síochána, 2008 as ucht loiceadh an teagmhas a thaifeadadh ar an gcóras PULSE – gearradh foláireamh mar smachtbhanna.

### Achoimre ar chás

Fuarthas gur sháraigh garda araíonacht as ucht faillí i ndualgas i ndáil leis an gcaoi ar dhéileáil sé le teagmhas buille is teitheadh.

Rinne duine den phobal gearán le GSOC faoi loiceadh ag comhalta den Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar theagmhas buille is teitheadh a raibh sé de thoradh air go ndearnadh damáiste dian do ghluaisrothar an ghearánaigh. Dúirt sé gurb é an t-aon teagmháil a fuair sé ón gcomhalta den Gharda Síochána ná glao fóin inar iarradh air gan éileamh árachais a dhéanamh – tháinig an glao seo roinnt míonna tar éis an teagmhais agus tar éis don chomhlacht árachais tabhairt faoi mheasúnú.

Líomhain sé gur iarr an garda imscrúdaithe gan gníomh a thógáil in aghaidh an duine a bhí freagrach as mar gheall gur chosúil gur ‘duine lách’ a bhí ann (an duine freagrach) agus nár thuig sé gur bhuail sé an gluaisrothar. Shonraigh an gearánach gur méadaíodh a préimh mar thoradh ar an easpa comhoibrithe ón gcomhalta den Gharda Síochána. Scríobh sé litir chomh maith chuig an gCeannfort ag stáisiún an chomhalta agus rinne achoimre inti ar an ábhar. »

» Rinneadh imscrúdú ar an ngearán faoi Alt 94(1) d’Acht an Gharda Síochána, 2005 agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun an t-imscrúdú a dhéanamh.

Nuair a cuireadh an garda i gceist faoi agallamh, d’admhaigh sé an sárú. HDúirt sé go ndearna sé athbhreithniú ar an bpíosa scannánaíochta TCI nuair a fuair sé é. Dúirt sé nuair a bhí an duine i gceist sa teagmhas á chur faoi agallamh aige, go raibh aiféala ar an duine agus gur thairg sé íoc as. D’admhaigh an garda nár chuir sé an teagmhas ar PULSE ar dtús mar cheap sé gur thit an gluaisrothar as féin. Mhaígh sé go ndearna an gearánach áibhéil faoin damáiste a rinneadh don ghluaisrothar agus nach bhfuair an garda aon chomhfhreagras ón gcomhlacht árachais.

Ag cur san áireamh gur loic an comhalta den Gharda Síochána an teagmhas a thaifeadadh agus gur loic sé comhad imscrúdaithe a thíolacadh, chinn GSIO gur sháraigh an comhalta na Rialacháin Araíonachta as ucht faillí i ndualgas. Smachtbhanna airgeadais a gearradh mar phionós.

### Achoimre ar chás

Fuarthas gur sháraigh an garda araíonacht as ucht loiceadh imscrúdú cuí a dhéanamh ar theagmhas lenar bhain imbhualadh idir coisí agus rothaí.

Bhí fear faoi dheifir nuair a chonaic sé garda agus é ag iarraidh teacht chomh fada lena gcarr a bhí páirceáilte go mídhleathach. Bhuail sé rothaí ar an gcosán. Nuair a d’éirigh sé, dúirt an garda go dtabharfadh sé ticéad dó as ucht na coire páirceála agus d’iarr an fear ar an ngarda an t-imbhualadh leis an rothaí a imscrúdú.

Níor thóg an gearánach aon sonraí teagmhála don chomhalta den Gharda Síochána agus bhí air fanacht go dtí gur tháinig an ticéad páirceála. Idir an dá linn, fuair an gearánach finnéithe don imbhualadh agus fuair TCI ó ghnó áitiúil. Tar éis dó an ticéad páirceála a fháil, ghlaoigh sé ar an ngarda a bhí i gceist. Dar leis an ngearánach, »



» dúirt an garda nach bhféadfaí an t-imscrúdú a chur chun cinn mar gheall nach raibh finnéithe ná fianaise TCI, agus mar gheall nach bhféadfaí an t-imscrúdú a chur chun cinn, nach raibh sonraí an rothaí aige a thuilleadh.

Rinne an fear gearán le GSOC a glacadh lena imscrúdú faoi Alt 94(1) d'Acht an Gharda Síochána. Ceapadh GSIO chun imscrúdú a dhéanamh.

Chuir an GSIO agallamh ar bheirt finnéithe a bhí ag obair sa limistéar agus dheimhnigh gur bhuail an rothaí an gearánach. Chuir an GSIO agallamh chomh maith ar an ngarda a bhí i láthair ag an teagmhas. Dúirt sé nach bhfaca sé an t-imbhualadh agus go ndúirt an gearánach leis gur "bheag nár" leag an rothaí é.

Chreid sé nach ndearnadh coir agus dúirt leis an ngearánach gur thug sé foláireamh don rothaí. Dúirt an garda gur iarr sé an píosa scannánaíochta ar an ngnó áitiúil céanna ach nach bhfuair sé é. Dúirt an garda chomh maith gur iarr sé ar ghnóthaí eile sa limistéar ach nach bhfuarthas aon fhianaise TCI. D'admhaigh an comhalta den Gharda Síochána gur chóir sonraí an rothaí a bheith tógtha aige agus go raibh aiféala air nár thóg sé ráitis finné, rud lena bhféadfaí an rothaí a ionchúiseamh, seans.

Fuarthas gur sháraigh an comhalta i gceist araíonacht as ucht gan an t-ábhar a imscrúdú ina iomláine. Fuarthas go raibh roinnt céimeanna imscrúdaitheacha tógtha aige, ach nár éirigh leis scannánaíocht TCI a iarraidh agus gur loic sé sonraí an rothaí a thaifeadadh. Chuir an GSIO san áireamh an chaoi ar admhaigh an garda na heasnamh san imscrúdú agus a dhea-theist roimhe agus gearradh foláireamh mar smachtbhanna air.

## Achoimre ar chás

Rinne duine gearán le GSOC gur bhain garda mí-úsáid as a cumhachtaí trí ghlaoch ar an ngearánach agus moladh di pas an linbh a »

» thabhairt d'athair an linbh. Tharla sé sin tar éis don athair freastal ar an stáisiún gardaí ag lorg cúnaimh maidir leis an ábhar. Dúirt an gearánach nach raibh an méid seo uile ag teacht le hordú cúirte. Tar éis an chéad chomhrá ag an ngearánach leis an ngarda, fuair sí glao fóin ón ngarda a chuir in iúl di go dtabharfaí an pas. Líomhain an gearánach go raibh sé i gceist ag an ngarda glaoch ar dhuine éagsúil, páirtí nua an athar, ar cara leis an ngarda í.

Chreid an gearánach gur iompar an garda go míchuí thar ceann cara.

Ceapadh garda sinsearach chun imscrúdú araíonachta a reáchtáil maidir leis an ngearán de réir Alt 94 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Shainaithin Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) trí shárú araíonachta fhéideartha; dhá chúiseamh in iompar díchreidiúnach, cúiseamh amháin i nglaoch fóin a dhéanamh i ndáil le ceist dlí teaghlaigh, agus ceann i nglaoch a dhéanamh ó fhón póca le linn dualgais, agus sárú i ndáil le tíolacadh tuairisce ag an ngarda dá maoirseoir inar thug sí míniú nach raibh teagmháil aici (ag an ngarda) leis an ngearánach ná lena hiarpháirtí tar éis an ghlaigh thosaigh leis an ngearánach.

Nuair a cuireadh agallamh ar an ngarda, dúirt sí nach raibh aithne aici ar iarpháirtí an ghearánaigh (athair an linbh) sular tháinig sé isteach sa stáisiún, agus shéan sí an líomhain faoi iompar díchreidiúnach in idirghabháil le ceist dlí teaghlaigh. Shonraigh an garda go ndearna sí idirghabháil idir an dá pháirtí agus chreid gur réitigh sí an t-ábhar chun sástacht an uile dhuine. Shéan an garda aon líomhain maidir le bréagacht sa tuairisc a thíolaic sí lena maoirseoir, agus dúirt nach raibh aon teagmháil eile aici leis an ngearánach ná le hiarpháirtí an ghearánaigh tar éis an lae a ghlaigh sí ar an ngearánach trí dhearmad. Ach d'admhaigh an garda do shárú amháin, eadhon gur úsáid sí a fón póca agus í ar dualgas agus gur ghlaigh sí ar an ngearánach trí dhearmad. Dúirt sí go raibh sé i gceist aici glaoch ar iarpháirtí an ghearánaigh, agus nuair a thuig sí an botún a rinne sí, chuir sí deireadh leis an nglao. »

» Bhí an GSIO sásta go ndearna an garda eadránú san ábhar le hintinn mhaith agus nár bheartaigh sí a maoirseoir a chur ar mhíthreoir d'aon turas ina tuairisc. Mhol GSOC, a fuair tuairisc ón GSIO tar éis an imscrúdaithe, go reáchtálfaí imeachtaí araíonachta in aghaidh an chomhalta den Gharda Síochána as ucht cúiseamh iompair dhíchreidiúnaigh, rud a d'admhaigh sí. Cuireadh smachtbhanna airgeadais ar an ngarda.

## Achoimre ar chás

Thug duine den phobal ráiteas do ghardaí i ndáil le mí-úsáid chorportha agus mí-úsáid gnéis a bhain a hathair aisti agus as duine eile dá teaghlach roinnt blianta ó shin. Rinne sí gearán le GSOC nuair a fuair sí amach cúig bliana dá éis nár lean an Garda Síochána ar aghaidh leis an ráiteas a rinne sí. Glacadh leis an ngearán agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid GSOC chun imscrúdú araíonachta a dhéanamh faoi Alt 95 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Dúirt an gearánach, go ndearna gardaí teagmháil léir ar deireadh, cúig bliana tar éis di ráiteas a thabhairt do ghardaí inar líomhain sí gur bhain a hathair mí-úsáid gnéis agus chorportha aisti, ach nach ndearnadh an teagmháil ach amháin tar éis don íospartach eile fiosrú a dhéanamh faoin dul chun cinn ar an imscrúdú. Ghabh garda ceannfort leithscéal léi agus dúirt go leanfaí le himscrúdú ón lá sin ar aghaidh. Mhol an ceannfort chomh maith go ndéanadh sí féin agus an t-íospartach eile gearán le GSOC. Tar éis imscrúdú an Gharda Síochána ar na líomhaintí in aghaidh a hathar, seoladh comhad chuig an DPP agus rinneadh cinneadh gan a hathair a chúiseamh.

Fuarthas in imscrúdú GSOC gur tógadh ráiteas ón ngearánach agus ón duine eile den teaghlach in 2010, agus gur seoladh an gearán agus na doiciméid chuig stáisiún gardaí i gcuid eile den tír inar tharla na teagmhais líomhnaithe i leith mí-úsáide. Nuair a rinne GSOC iarratas ar na doiciméid ó imscrúdú »

» GSOC iarratas ar na doiciméid ó imscrúdú 2010 ón nGarda Síochána, áfach, ní raibh aon chomhad ar fáil mar gheall nach ndearnadh imscrúdú iomlán ar an ábhar.

Fuarthas go raibh ceathrar comhaltaí den Gharda Síochána sa stáisiún gardaí seo a bhféadfadh sárú a bheith déanta acu ó thaobh faillí i ndualgas. Tá triúr de na comhaltaí seo imithe ar scor ó shin agus, dá thoradh, ní raibh siad faoi réir rialacháin araíonachta. Bhí an ceathrar comhalta ar saoire le linn an imscrúdaithe GSOC agus loic an comhalta freagra a thabhairt ar chomhfhreagras le GSOC nuair a tugadh deis aighneacht a chur chun cinn maidir leis an imscrúdú.

Léiríodh i gcomhfhreagras ó 2010 gur iarr an comhalta seo den Gharda Síochána go gcuirfí tuilleadh ráiteas finné ar fáil, ach ní raibh aon chomhfhreagras ann dá éis sin.

Tar éis imscrúdú GSOC ar mhí-iompar gardaí, moladh go ngearrfaí pionós as ucht Faillí i nDualgas ar an ngarda a bhí fós ag seirbheáil ag tráth an imscrúdaithe GSOC. Gearradh smachtbhanna airgeadais.

### 1.6.3 Torthaí na nImscrúduithe

Dúnadh 1,724 gearán in 2020 a raibh 2,813 líomhain iontu san iomlán.

Díobh seo, glacadh 1,017 gearán ina raibh 2,046 líomhain agus rinneadh imscrúdú orthu (dúnadh an chuid eile tar éis cinntí inghlacthachta, tarraingíodh siar iad roimh an gcinneadh inghlacthachta, nó dúnadh iad de bharr loiceadh an ghearánaigh a bheith rannpháirteach sa phróiseas).

Cé go raibh líomhain inghlactha amháin nó níos mó sna 1,017 gearán, bhí 57 de na líomhaintí iontu neamh-inghlactha, agus dá thoradh ní dhearnadh imscrúdú orthu. Ar an iomlán, rinneadh imscrúdú ar 1,989 líomhain agus tá cur síos ar na torthaí i dTábla 1.



**Tábla 1:** Torthaí na ngearán a dúnadh sa bhliain 2020

| Toradh/Cúis                                                                         | Míniú                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | Cineál an imscrúdaithe i gceist                                                                     | Líon líomhaintí |
|-------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------|
| Scoireadh de - Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh sin indéanta le réasún     | Is é an cás is coitianta anseo ná go scoirtear d'imscrúdú toisc nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann lena gcruthaítear líomhain.                                                                                                                                                                                                                                                             | Gach cineál                                                                                         | 1,046           |
| Níor sainaithníodh aon sárú ar na Rialacháin Araíonachta                            | Imscrúdaíodh na líomhaintí agus aimsíodh gur mar ba cheart a ghníomhaigh an garda a ndearnadh gearán faoina iompar.                                                                                                                                                                                                                                                                                | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94 <sup>5</sup> ) nó ag GSOC (alt 95) | 439             |
| Tarraingíodh an líomhain siar                                                       | Chuir an duine a rinne an gearán a c(h)inneadh in iúl nach saothródh sé/sí é.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | Gach cineál                                                                                         | 187             |
| Níor chomhoibrigh an gearánach                                                      | Theip ar an ngearánach obair i gcomhar leis an imscrúdú.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           | Gach cineál                                                                                         | 40              |
| Sainaithníodh sárú ar Rialacháin Araíonachta agus gearradh smachtbhanna             | Féadfar réimse smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, ag brath ar a thromchúisí atá an sárú a sainaithníodh (féach Tábla 2). Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána faoi na Rialacháin Araíonachta is ea an sárú ar leith agus aon smachtbhanna atá le cur i bhfeidhm a shainaithint.                                                                                                                  | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag GSOC (alt 95)               | 77              |
| Níor sainaithníodh aon mhí-iompraíocht tar éis imscrúdú coiriúil                    | Is é an cás is coitianta anseo ná nach bhfuil aon neamhspleách ann lena gcruthaítear an líomhain/ na líomhaintí a rinneadh.                                                                                                                                                                                                                                                                        | Criminal investigation by GSOC (alt 98)                                                             | 177             |
| Níl feidhm ag Rialacháin an Gharda Síochána a thuilleadh                            | Chuaigh an garda is ábhar d'imscrúdú araíonachta ar scor nó d'éirigh as roimh an imscrúdú nó lena linn.                                                                                                                                                                                                                                                                                            | Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag GSOC (alt 95)               | 6               |
| Tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – Níor Ordaíodh Ionchúiseamh | Má tá fianaise ann go bhféadfadh go ndearnadh cion tar éis imscrúdú coiriúil, tarchuirfear an cás chuig an DPP, a dhéanfaidh an cinneadh ar ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh l gcásanna áirithe, is féidir go ndéanfaidh an Coimisiún Ombudsman cás a tharchur chuig an DPP chun trédhearcacht iomlán agus muinín an phobail a chinntiú. (Féach tuilleadh sonraí i Rannán 5) | Imscrúdú Coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98)                                                    | 13              |
| Tarchuireadh chuig an DPP é – Ordaíodh Ionchúiseamh                                 | Rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cinneadh bunaithe ar an bhfianaise chun ionchúiseamh a ordú a mbeadh triail ina thoradh air (Féach tuilleadh sonraí i Rannán 5).                                                                                                                                                                                                                           | Imscrúdú Coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98)                                                    | 4*              |
| <b>Torthaí Iomlána</b>                                                              |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |                                                                                                     | <b>1,989</b>    |

\* Is é atá san fhigiúr seo ná tagairt don líon comhad, a d'eascair as gearáin, a seoladh chuig an DPP agus ar ordaigh an DPP ionchúiseamh ina leith. Is féidir nár cuireadh trialacha ar siúl fós i leith na gcásanna seo.

5 Imscrúduithe faoi mhaoirseacht nó imscrúduithe gan mhaoirseacht.

## Cásanna Scortha

Scoireann GSOC de chuid mór imscrúduithe gach bliain ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta scoirtear de chásanna mar gheall go dtarraingíonn an gearánach an gearán siar, é sin nó déanann sé nó sí cinneadh gan comhoibriú, é sin nó faightear i scrúdú tosaigh nach bhfuil fiúntas leis an ngearán. Uaireanta, is ainneoin méid suntasach oibre a bheith déanta, lena n-áirítear ráitis tógtha agus agallamh curtha ar finnéithe, féadfaidh sé nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann a chruthódh nó a bhréagnódh an líomhain. Scoirtear de chásanna nuair a éiríonn sé soiléir nach dteastaíonn tuilleadh imscrúdaithe nó nach mbeadh sé praiticiúil go réasúnach.

I measc na n-imscrúduithe a scoireadh díobh in 2020, bhí an méid seo:

- Fuair GSOC gearán ó fhear a rinne líomhain go ndeachaigh airgead amú óna chuntas agus líomhain gur thug comhaltaí den Gharda Síochána treoir don bhanc gan an t-airgead a chur ar ais. Measadh go raibh an gearán inghlactha agus cuireadh tús le himscrúdú araíonachta. Rinne oifigeach sinsearach den Gharda Síochána, a ceapadh chun imscrúdú a dhéanamh, roinnt iarrachtaí teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach chun ráiteas a fháil ach níor éirigh leis. Scoireadh den ghearán mar gheall ar neamh-chomhoibriú ón ngearánach.
- Rinne bean gearán le GSOC go ndeachaigh sí chun a carr a fháil, a thuairiscigh gardaí a bheith goidte agus a bheith a aisghafa, agus go bhfuair sí amach gur scriosadh an carr. Fuair gardaí an carr roinnt bheag laethanta tar éis é a bheith tuairiscithe mar ghoidte, ach ní raibh an garda i gceist in ann teagmháil a dhéanamh leis an mbean lena cur ar an eolas mar gheall gur fhág sí an dlínse ar feadh míosa.

Ar a filleadh di, rinne sí teagmháil leis an ngarda imscrúdaithe agus cuireadh ar an eolas í go raibh a carr ag clós aisghabhála ag an tráth sin. Chuaigh an bhean chun an fheithicil a fháil agus fuair sí amach gur brúscadh é 'ar threoir ó na gardaí'. Dúirt an garda i gceist go raibh roinnt mhaith. »

»

iarrachtaí déanta aige teagmháil a dhéanamh leis an mbean. Ní dhearna sé aon taifead faoi na hiarrachtaí seo ar an gcóras PULSE, áfach. Líomhain an bhean chomh maith go ndearna sí iarracht teagmháil a dhéanamh leis an garda roinnt babhtaí tríd an ríomhphost, ach ní raibh aon taifead ar ríomhphost den chineál sin. Shéan an garda go ndúirt sé leis an gcomhlacht aisghabhála an fheithicil a bhrúscadh.

Dheimhnigh an comhlacht aisghabhála gur sheol siad comhfhreagras tríd an bpost cláraithe chuig an mbean chun í a chur ar an eolas go bhféadfaí a fheithicil a aisghabháil, ach ní bhfuair aon fhreagra. Fuarthas le linn an imscrúdaithe gur eisíodh an litir seo chuig an ainm mícheart ach an seoladh ceart, agus dúirt an gearánach nach bhfuair sí í. Dheimhnigh an comhlacht aisghabhála chomh maith gur labhair siad le comhalta eile den Gharda Síochána a rinne iarracht glaoch ar an ngearánach agus sheol carr patróil chuig a háit chónaithe ach níor éirigh leo siúd ach an oiread teagmháil a dhéanamh léi. Cuireadh fógra i nuachtán áitiúil faoi rún an chomhlachta aisghabhála feithicil a bhrúscadh. Stóráil an comhlacht an fheithicil ar feadh 21 lá agus nuair nach raibh aon teagmháil ann ón úinéir cláraithe, brúscadh an fheithicil. Scoireadh an t-imscrúdú ar an mbonn gurb ar an gcomhlacht aisghabhála a bhí an fhreagracht an fheithicil a bhrúscadh, ní ar an nGarda Síochána agus nach bhféadfaí comhthacú neamhspleách a fháil faoin loiceadh teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach.

- Rinne duine den phobal gearán le GSOC go ndearna gardaí cuardach air, le linn dó a bheith ag tiomáint, ar líon iomarcach ócáidí. Dúirt sé go ndearnadh a charr a urghabháil agus a chur i bpóna, ar ócáid áirithe, rud a rinneadh gan chúis bhailí agus a chuir isteach air mar gheall gur thóg sé lá saor ón obair. Sannadh an gearán le haghaidh imscrúdú araíonachta faoi Alt 94(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána »

» (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh. Labhair an GSIO leis an ngarda a chur an fheithicil i bpóna. Dúirt an garda gur stop sé an gearánach mar gheall ar an gcaoi a raibh sé ag tiomáint, agus ag an tráth seo thug sé faoi deara nach raibh aon diosca árachais ar an scáth gaoithe. Dúirt sé gur chuardaigh sé an fheithicil mar gheall gur chosúil go raibh an gearánach ag iarraidh éalú ó ghardaí, agus dhiúltaigh sé ligean do ghardaí an fheithicil a chuardach lena chead, agus gur tharla sé seo i gceantar a raibh fadhb mhór drugaí ann. Dúirt an garda gurb é seo an t-aon uair a stop sé an gearánach. Thug taifid an Gharda Síochána le fios nár stop gardaí ach uair amháin roimhe sin. Mar gheall gur loic an gearánach aon choinne a dhéanamh chun ráiteas a thabhairt, agus nach raibh sé comhoibríoch, mhol GSOC go scoirfí den imscrúdú.

- Rinne duine gearán le GSOC inar líomháin sé gur loic gardaí dul chun cinn na dhéanamh san imscrúdú ar ghoid a rothair, in ainneoin gur tugadh gealltanais dó go ndéanfadh siad amhlaidh. Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun a ghearán a imscrúdú, agus scrúdaigh taifid na ngardaí ar an ábhar seo, rud a léirigh gur thóg garda sonraí an rothair ghoidte, agus na cúinsí maidir leis an ngoid líomhnaithe, agus gur iarr scannánaíocht TCI ón bhfoirgneamh ónar goideadh é. Dúirt an garda a rinne imscrúdú ar an ábhar nach bhféadfadh sí an duine a ghoid an rothar a shainaithint ón bpíosa scannánaíochta TCI, agus gur chuir sí in iúl don ghearánach nach bhféadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh leis an imscrúdú – ach má tháinig aon eolas eile chun cinn, go gcuirfí ar an eolas é. Rinne an GSIO roinnt iarrachtaí teagmháil leis an ngearánach, ach theip air, ach nuair a rinneadh teagmháil leis, dúirt sé nár chónaigh sé sa tír a thuilleadh agus gur mian leis ansin a ghearán a tharraingt siar. Scoireadh den chás.

## Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Araíonachta

Má tá gearánach míshásta leis an toradh ar imscrúdú gan mhaoirseacht a rinne ceannfort de chuid an Gharda Síochána, foráiltear le hAlt 94(10) den Acht go bhféadfadh sé a iarraidh go ndéanfadh oifigeach de chuid GSOC athbhreithniú ar an ní. Is é an ról atá ag GSOC sna hathbhreithnithe sin a fháil amach an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh an toradh cuí air.

Níl an chumhacht ag GSOC cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh ná an toraidh. Tugann GSOC tuarascáil do Choimisinéir an Gharda Síochána i gcásanna ina dtagann ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú agus/nó faoin dóigh ar thángthas ar thoradh an imscrúdaithe. Ós rud é gur cuireadh an próiseas araíonachta i gcrích sna cásanna sin, ní fhéadfar an cás a athoscailt ná an toradh a athrú. Táthar dóchasach go gcuirfidh an t-aiseolas le laghdú ar shaincheisteanna den chineál céanna in imscrúduithe sa todhchaí.

Fuair GSOC **32** iarraidh ar athbhreithniú sa bhliain 2019 (i dtaca le himscrúduithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2020 nó i mblianta eile). Díobh sin, cuireadh **26** ceann i gcrích faoi dheireadh na bliana agus bhí **6** ar oscailt fós.

## Smachtbhannaí

I gcás gurb amhlaidh in imscrúdú a dhéanann an Garda Síochána faoi Alt 94 (imscrúdú faoi mhaoirseacht nó imscrúdú gan mhaoirseacht) nó in imscrúdú a dhéanann GSOC faoi Alt 95 go n-aimsítear fianaise á léiriú go bhféadfadh go ndearna garda sárú ar na Rialacháin Araíonachta, déanann an Garda Síochána cinneadh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú. Féadfar réimse smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, ag brath ar a thromchúisí atá an sárú a aimsíodh. Is faoi Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. na smachtbhannaí a gearradh in 2020, tar éis cinntí faoi shárú araíonachta, leagtha amach i dTábla 2.

**Tábla 2:** Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm in 2019, tar éis imscrúduithe araíonachta.

| Smachtbhanna                                      | Líon      |
|---------------------------------------------------|-----------|
| Tugadh Comhairle                                  | 32        |
| Gearradh Fíneáil                                  | 8         |
| Tugadh Rabhadh                                    | 7         |
| Tugadh Foláireamh                                 | 12        |
| Tugadh Iomardú                                    | 1         |
| Rinneadh laghdú ar phá nár mhó ná pá 2 sheachtain | 16        |
| Rinneadh laghdú ar phá nár mhó ná pá 4 sheachtain | 1         |
| <b>IOMLÁN NA SMACHTBHANNAÍ</b>                    | <b>77</b> |

Mar aon leis na torthaí thuas, ar thorthaí iad a bhain le hiompar gardaí aonair, tarraingíodh aird in imscrúduithe áirithe ar chásanna ina bhféadfadh gur eascair an fhadhb as saincheist shistéamach nó bhainistíochta, seachas iompar duine aonair. D'fhonn an líon gearán den chineál sin a thiocthadh aníos sa todhchaí a laghdú, nó nó d'fhonn deireadh a chur leo, seoladh chuig

Coimisinéir an Gharda Síochána roinnt moltaí i dtaca le beartais agus/nó le cleachtais – féach **Rannán 6**.

### 1.6.4 An tAm a Tógadh chun Cásanna a Dhúnadh


Sa bhliain 2020 laghdaíodh an t-am a thóg sé chun catagóirí áirithe imscrúduithe a chur i gcrích, ach i gcás cinn eile, go háirithe imscrúduithe coiriúla, méadaíodh an t-am a thóg sé. Léirítear i gCairt 6 an t-am airmheánach a tógadh chun cásanna a dhúnadh de réir a gcineáil faoi dheireadh na bliana 2020.

#### Imscrúduithe Coiriúla

Ag deireadh na bliana 2020, ba é **162** lá an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe coiriúla a dhúnadh, méadú 22 lá i gcomparáid le 2019. Bhí tionchar COVID-19 ina chúinse sna scálaí ama níos faide in 2020 mar gheall nach bhféadfaí leanúint ar aghaidh mar a bhí beartaithe le hagallaimh le finnéithe agus le comhaltaí den Gharda Síochána faoi imscrúdú i míonna tosaigh na paindéime. Forbraíodh bealaí nua chun agallaimh a reáchtáil de réir mar a athraíodh cleachtais oibre chun dul in oiriúint don timpeallacht nua.

Bíonn imscrúduithe coiriúla faoi réir próiseas athbhreithnithe, rud a bhfuil bearta caighdeánacha rialaithe i gceist leis. Mar chuid den phróiseas sin, déanann Oifigigh Shinsearacha

**Cairt 6:** An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh (laethanta)



Imscrúduithe athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá ar oscailt ar feadh 60 lá agus déanann an Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá ar oscailt ar feadh 90 lá. Cuirtear cásanna atá ar oscailt ar feadh 120 lá faoi bhráid an Stiúrthóra Oibríochtaí le haghaidh athbhreithnithe. Ag an am céanna, tá cásanna a rangáítear go bhfuil líomhain an-tromchúiseach i gceist iontu ina n-ábhar d'athbhreithniú a dhéanann an Stiúrthóir Oibríochtaí agus an Coimisiún Ombudsman gach dhá mhí.

### Imscrúduithe Araíonachta gan Mhaoirseacht

Is iad Oifigigh Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (oifigigh GSIO) a dhéanann imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht. Ba é **244** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin ag deireadh na bliana 2020, méadú 35 lá ar an bhfigiúr do 2019.

### Imscrúduithe Araíonachta faoi Mhaoirseacht

Is iad Oifigigh Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána, faoi mhaoirseacht ag oifigigh imscrúduithe de chuid GSOC, a dhéanann imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht. De réir na bPrótacal idir an Garda Síochána agus GSOC, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain/140 lá. Ba é **289** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin sa bhliain 2020, méadú 43 lá i gcomparáid le toradh 2019.

### Imscrúdú Neamhchoiriúil arna dhéanamh ag GSOC

Faoi alt 95 den Acht, féadfaidh imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána é féin tabhairt faoi imscrúduithe neamhchoiriúla arna ndéanamh ag GSOC. Ba é **265** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin, méadú 25 lá ar an bhfigiúr do 2019.

#### GSOC agus Cosaint Leanaí

Tá dualgas ar GSOC maidir le cosaint leanaí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Chosaint agus Leas Leanaí araon. Le linn a gcuid oibre ag tógáil gearán ó dhaoine den phobal, nó imscrúduithe a reáchtáil, cuirtear baill foirne ar an eolas go rialta faoi chásanna ina d'fhéadfadh »

» gortú a bheith déanta do leanaí nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó ghortú. Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, is daoine sainordaithe iad baill foirne áirithe GSOC, Oifigigh Ainmnithe (imscrúdaitheoirí) agus iad ag reáchtáil a n-imscrúduithe coiriúla. Mar dhuine sainordaithe, ní mór don Oifigeach Ainmnithe tarchur a dhéanamh le Tusla, más eol, má chreideann nó má bhíonn amhras réasúnach air nó uirthi gur gortaíodh leanbh, go bhfuil leanbh á ghortú nó i mbaol a bheith gortaithe, nó má nochtann leanbh gortú.

Rinne Oifigigh Ainmnithe GSOC **56** tarchur éigeantach le Tusla in 2020.

Chomh maith leis sin, rinne GSOC **107** tarchur neamh-éigeantach in 2020. Bhain siad seo le nithe a tháinig chun aire bhaill foirne GSOC le linn a gcuid oibre, seachas le linn imscrúdú coiriúil. Tá ar dhaoine neamh-shainordaithe Teagmhálaithe Ainmnithe GSOC a chur ar an eolas faoi cheisteanna a bhféadfadh baint a bheith acu le cosaint agus/nó leas leanaí agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil trí fholáirimh a ardú ar chóras cásbhainistíochta na heagraíochta.

Cuireadh **558** foláireamh Cosanta Leanaí den chineál seo ar an gcóras cásbhainistíochta in 2020. Déanann an Teagmhálaí Ainmnithe athbhreithniú ar na foláirimh agus déanann taifead de chinntí chun tarchur a dhéanamh le Tusla, agus cinntí gan tarchur a dhéanamh.

Féadfaidh Teagmhálaithe Ainmnithe cinneadh a dhéanamh gan tarchur a dhéanamh le Tusla más rud é, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí an cháis, nach n-aithníonn siad aon imní cosanta nó leasa leanaí, nó má tá GSOC sásta go bhfuil Tusla ar eolas faoin ní cheana féin.

#### Príomhfhigiúirí

558 foláireamh nua Cosanta Leanaí  
107 tarchur neamh-éigeantach  
56 tarchur éigeantach  
443 cinneadh gan tarchur a dhéanamh


## RANNÁN 2: IMSCRÚDUI THE NEAMHSPLEÁCHA TAR ÉIS BÁIS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH

### 2.1 TARCHUIR ÓN nGARDA SÍOCHÁNA FAOI ALT 102(1)

Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAlt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 *"Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig an gCoimisiún Ombudsman aon ní a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar comhalta den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le díobháil thromchúiseach a dhéanamh do dhuine". [aistriúchán neamhoifigiúil]*

Fuair GSOC **43** tarchur faoin alt seo sa bhliain 2020, i gcomparáid le 40 sa bhliain 2019, agus 38 sa bhliain 2018. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a thugann an chumhacht chun tarchur do cheannfóirt, a bhfuil freagracht orthu as a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil sé cuí teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

**Cairt 7:** Cúinsí taobh thiar de na Tarchuir




### An chaoi a n-imscrúdaíonn GSOC nithe faoi Alt 102

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ní.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ní, de réir na gcúinsí. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht ar thaobh garda. Ar an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cas a tharchur chuig an DPP.

**Cairt 8:** Cineálacha Imscrúduithe i dTarchuir (Líon iomlán Tarchur a Fuarthas: 43)



Ba le básanna a bhain fiche ceann de na tarchuir a fuarthas sa bhliain 2020. Díobh sin, bhain seacht mbás le ceithre theagmhas tráchta ar bhóithre.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Ceanglaítear ar chomhlachtaí stáit na hÉireann, an Garda Síochána san áireamh, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh "ar Shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin".

Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, ba cheart, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin:

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Tráthúlacht
- Iniúchadh ag an bPobal
- Rannpháirtíocht Íospartach.

Ós rud é gurb é GSOC a dhéanann imscrúduithe den sórt sin, comhlíontar an ceanglas maidir le neamhspleáchas. Bíonn aird againn ar sheasamh leis na ceithre phrionsabal eile freisin. Tá baint dhíreach ag rannpháirtíocht a bheith ag íospartaigh leis an obair a dhéanann GSOC chun cloí leis an reachtaíocht ina leagtar amach na cearta atá ag íospartaigh na coireachta.

## 2.1.2 Torthaí imscrúduithe tar éis tarchur


**Tábla 3:** Cineálacha imscrúduithe agus na torthaí a bhí orthu (dúnadh imscrúduithe in 2020)

| Cineál Imscrúdaithe & Toradh                                                                                                                                                                       | Cás       |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| Dúnadh an cás tar éis don scrúdú tosaigh a léiriú nach raibh fianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht a raibh garda ina c(h)úis léi.                                                         | 16        |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise ar mhí-iompraíocht a raibh garda ina c(h)úis léi – ní dhearnadh aon ghníomh breise.                              | 8         |
| Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise ar mhí-iompraíocht a raibh garda ina c(h)úis léi – chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm. | 2         |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina c(h)úis leis – ní dhearnadh aon ghníomh breise.                | 4         |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é.<br>– tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – níor ordaíodh ionchúiseamh.                                                     | 2         |
| Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobháilithe agus mar gheall nach raibh aon ábhar imní eile ann.                                                                      | 5         |
| <b>IOMLÁN</b>                                                                                                                                                                                      | <b>37</b> |




Léirítear sna léarscáileanna thíos dáileadh geografach na dtarchur a rinne an Garda Síochána in 2020.

**Léarscáil 3:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach BÁC a áireamh)



**Léarscáil 4:** Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána –Réigiún Cathrach BÁC



NB. Tá an líon iomlán sna léarscáileanna thuas beagán níos airde ná an líon iomlán tarchur (43) mar gheall go raibh gardaí as níos mó ná rannán amháin rannpháirteach i líon beag tarchur.



## Achoimre ar chás

Rinne ceannfort den Gharda Síochána tarchur le GSOC faoi Alt 102 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 tar éis d'fhear, a raibh gardaí i dteagmháil leis go gairid roimhe sin, a bheith buailte ag carr agus díobháil mharfach a bheith déanta dó. D'fhág an carr an láthair agus fuarthas corp an fhir timpeall uair an chloig tar éis na hidirghníomhaíochta le gardaí.

Rinne GSOC scrúdú tosaigh, thug cuairt ar láthair an teagmhais mharfaigh, fuair tuairiscí tosaigh ó chomhaltaí den Gharda Síochána, bhuail le himscrúdaitheoir Fóiréinseach Imbhuailtí an Gharda Síochána, agus fuair faisnéis ó phearsanra eile. Mar gheall nach raibh aon chomharthaí de chion (coir) ag gardaí, cuireadh tús le himscrúdú coiriúil chun fíricí an ábhair a fháil amach agus ról na ngardaí i ndáil leis an teagmhas.

Rinneadh an t-ábhar a tharchur le GSOC mar gheall gur thug gardaí síob don té a bhí básaithe chuig teach a pháirtí uair an chloig roimh an teagmhas. Bhí na gardaí ar dualgas go moch ar maidin nuair a chonaic siad fear taobh amuigh de theach. D'aithin na gardaí an fear, fuair amach go raibh sé ag dul go teach a chailín; thairg siad síob dó agus ghlac sé leis. D'fhág na gardaí é ag eastát a chailín, agus dúirt le GSOC dá éis sin go raibh an chosúlacht air go raibh sé i ndea-ghiúmar agus nach raibh aon chúis imní acu don fhear ag an tráth sin. »

» Ní raibh cailín an fhir sa bhaile, agus chonaic finnétithe é ag bailiú leis. Timpeall uair an chloig tar éis do na gardaí é a fhágáil, tháinig fear áitiúil air, cuireadh fios ar otharcharr agus fógraíodh san ospidéal go raibh sé marbh.

Dá éis sin, aithníodh tiománaí na feithicle a bhuail an fear agus chuir gardaí faoi agallamh é. Ba chomhthacú do na tuairiscí a thug gardaí faoin teagmhas é an t-athbhreithniú a rinneadh ar dhoiciméid ó ábhair an Gharda Síochána, lena n-áirítear cuntais a tógadh ó fhinnétithe agus daoine faoi amhras. Fuarthas i bhfiosrúchán GSOC gur chosúil nach raibh aon chomhartha ann go raibh an fear a bhásaigh in ísle bhrí ná ar meisce nuair a d'fhág na gardaí é go mbeadh sé ina chontúirt dó féin.

Tar éis a n-imscrúdú, fuair GSOC nach raibh aon dealramh ar choir ná sárú araíonachta ann ar thaobh na ngardaí. Tugadh le fios san fhianaise go raibh fiosrú neamhurchóideach ag na gardaí leis an té a bhásaigh beagáinín níos lú ná uair an chloig sular gortaíodh go marfach é.

## RANNÁN 3: IMSCRÚDUI THE CHUN LEAS AN PHOBAIL

De bhreis ar fhoráil a dhéanamh do nithe a bheith á dtarchur chuig GSOC ag Coimisinéir an Gharda Síochána, foráiltear le hAlt 102 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, d'imscrúduithe a dhéanamh chun leas an phobail, fiú i gcásanna nach bhfuil gearán ná tarchur arna dhéanamh ag Coimisinéir an Gharda Síochána iontu.

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tÚdarás Póilíneachta iarraidh ar GSOC nithe áirithe a imscrúdú. Chomh maith leis sin, féadfaidh siad iarraidh ar GSOC a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart dó ní a imscrúdú. Féadfaidh GSOC a chinneadh freisin go ndéanfaidh sé imscrúduithe i gcásanna nach bhfuil gearán ná tarchur iontu.

Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAlt 102(4) den Acht:

*"Féadfaidh an Coimisiún Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ní a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh -*

- a) go ndearna comhalta den Gharda Síochána cion, nó
- b) gur iompair comhalta den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta". [aistriúchán neamhoifigiúil]

Luaitear in Alt 102 (5) freisin:

*"Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh chun leas an phobail, iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ní is cúis le hábhar imní go bhféadfadh go ndearna comhalta den Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ní". [aistriúchán neamhoifigiúil]*

De bhreis air sin, féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta iarraidh ar GSOC nithe a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail. Faoi Alt 102(7), féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta agus an tAire araon ábhar a tharchur chuig GSOC le go ndéanfaidh an Coimisiún Ombudsman breithniú ar cé acu ar chóir nó nár chóir dó é a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail.

Osclaíodh **26** imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail sa bhliain 2019 agus dúnadh **22**, ar

imscrúduithe ina measc iad imscrúduithe a tosaíodh roimh 2020.

Ní dhearnadh aon iarratais le GSOC ábhar a imscrúdú chun leas an phobail faoi Alt (102(5). Osclaíodh imscrúdú amháin ar leas an phobail tar éis tarchuir ón Aire Dlí agus Cirt faoi Alt 102(7).

Féadfaidh an Coimisiún Ombudsman cinneadh a dhéanamh imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail a oscailt sa chás go bhfuil amhras go raibh mí-iompar ann ag garda nó gardaí agus go dtagann sé chun aird an Choimisiúin taobh amuigh de na gnáthphróisis gearán nó tarchur. Osclaíodh cheana imscrúduithe chun leas an phobail de bhun tuairiscí sna meáin maidir le mí-iompar líomhnaithe. Féadtar líomhaintí faoi éagóir a dhéanamh le GSOC i ngearán nach bhfuil inghlactha faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, ach a bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún ina leith gur ar mhaithe le leas an phobail a dhéanfar imscrúdú.

I measc na n-imscrúduithe ar mhaithe le leas an phobail a osclaíodh in 2020, bhain dhá cheann díobh le teagmhais inar tuairiscíodh airgead a bheith ar iarraidh, ceann ó stáisiún Gardaí agus ceann ó áitreabh a chuardaigh gardaí. Osclaíodh imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail tar éis an Coimisiún a bheith curtha ar an eolas faoi líomhain go bhféadfadh sé gur chuir gardaí beatha duine i mbaol mar gheall ar nochtadh faisnéise neamhcheadaithe líomhnaithe faoin duine sin le páirtí eile. Osclaíodh roinnt imscrúduithe ar líomhaintí faoi ionsaí nó úsáid iomarcach fornirt ag gardaí.

### Achoimre ar chás

Chuir GSOC tús le himscrúdú ar mhaithe le leas an phobail tar éis tuairiscí a bheith forleathan sna meáin go raibh sárú slándála ag Áras an Uachtaráin, áit chónaithe oifigiúil an Uachtaráin.

Is iad fíricí an teagmhais, a fuarthas go luath san imscrúdú, ná gur tiomáineadh carr ar an 14 Meán Fómhair 2018 ag 17:23 trí gheata oscailte isteach go fearann Áras an Uachtaráin gan ceistiú. Thiomáin an tiománaí go haghaidh an Árais, stop an carr agus shiúil isteach go foirgnimh an Árais tríd an doras tosaigh a bhí fágtha ar oscailt. »

» Rinne an duine iarracht roinnt doirse san fhoirgneamh a oscailt sular tháinig sé ar sheomra staidéir an Uachtaráin. D'oscail an tUachtarán doras an tseomra staidéir agus aghaidh tugtha ag ionróir air. Labhair an duine leis an Uachtarán ar bhealach ionsaitheach faoi ábhair imní don ionróir. Bhí an duine san Áras ar feadh beagán os cionn trí nóiméad sula ndearna an tUachtarán glaoch le haghaidh cúnaimh agus d'fhág an duine.

Chuaigh an duine ar ais chuig an gcarr, thiomáin ar ais chuig Geata an Fhionnuisce agus d'fhág tríd an ngeata, arís gan cheistiú.

Tá dualgais chomhaltaí an Gharda Síochána sannta d'Áras an Uachtaráin leagtha amach i ndoiciméad ar a dtugtar an tOrdú Cosanta—Áras an Uachtaráin, ina bhforáiltear, i measc rudaí eile, do roinnt post 'seasta'.

I measc na bpost seasta, tá ceann ag Geata an Fhionnuisce (an geata trína bhfuair an t-ionróir rochtain ar an 14 Meán Fómhair). Tá an chuid is mó de chomhaltaí an Gharda Síochána ar dualgas ag an Áras sannta go buan ann – ach go rialta iarrtar ar ghardaí ó áiteanna eile sa rannán, nó ar ócáidí eile, taobh amuigh den rannán, nuair nach mbíonn sé indéanta na poist a líonadh ó na hacmhainní leithdháilte ar an Áras.

Sonraítear san Ordú Cosanta go lorgóidh comhalta an Gharda Síochána ar dualgas aitheantas ó gach duine a iarrann cead, agus an cineál gnó atá ar bun acu. Sonraítear san Ordú chomh maith go bhfanfaidh Geata an Fhionnuisce dúnta i gcónaí seachas chun cead a thabhairt d'fheithiclí agus cuairteoirí údaraithe dul isteach go hÁras an Uachtaráin.

Fuarthas in imscrúdú GSOC gur fhág garda (Garda A) Geata an Fhionnuisce ar oscailt ar feadh tréimhse ama, garda a bhí ar dualgas ar an ngeata suas go dtí 5i.n. Nuair a chuaigh Garda A ar dualgas ní ba thúisce an lá sin, bhí leictreoirí ag obair ar an soilsiú díreach taobh amuigh den gheata. Ba ghá rochtain rialta a bheith acu ar an mbosca fiúsanna sa lóiste in aice an gheata ina raibh an garda ar dualgas bunaithe, agus mar sin go raibh siad ag teacht agus ag imeacht tríd an ngeata go rialta le linn sheal dualgais Gharda A. Mar gheall go raibh siad ag teacht agus ag »

» imeacht tríd an ngeata ar feadh thréimhse sheal oibre an gharda, agus níos minice de réir mar a caitheadh an tráthnóna, d'iarr Garda A an mbeadh sé níos fearr an geata a fhágáil ar oscailt. Bhí go leor ball foirne ón Áras ag fágáil ag an tráth sin, mar sin chreid Garda A go mbeadh sé ciallmhar an geata a fhágáil ar oscailt. Rialaítear an geata le cód ar an eochaircheap in aice an gheata. Ní mór don chomhalta ar dualgas ag an ngeata cód a chur isteach chun an geata a oscailt agus chun é a dhúnadh araon.

Fad is a bhí an geata ar oscailt, d'fhan Garda A ina sheasamh ag an ngeata de réir na dtreoracha.

Mar gheall gur fhág Garda A an geata ar oscailt le haghaidh rochtain ag daoine oibre údaraithe, agus mar gheall go raibh Garda A ina sheasamh ag an ngeata le linn an ama seo, níor sháraigh Garda A an tOrdú Cosanta. Mhol GSOC nach dtionscnófaí imeachtaí in aghaidh Gharda A faoi Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána (2007).

Mhol GSOC chomh maith nach ndtionscnófaí aon imeachtaí araíonachta in aghaidh sáirsint sa Gharda Síochána a chríochnaigh seal dualgais sular tharla an sárú slándála agus nach bhféadfadh a bheith cuntasach as maoirseacht agus é as dualgas.

Mhol GSOC, áfach, go smaoineofaí ar imeachtaí araíonachta in aghaidh Gharda B, a chuaigh ar dualgas ag Geata an Fhionnuisce ag 5i.n. ar an dáta i gceist, as ucht faillí i ndualgas. Bhí Garda B ar dualgas ag Geata an Fhionnuisce nuair a ceadaíodh an duine a thug aghaidh ar an Uachtarán ina oifig tiomáin isteach tríd an ngeata oscailte gan cheistiú agus tiomáint amach arís, gan cheistiú, cúpla nóiméad dá éis sin. Dúirt Garda B i ráiteas nach raibh sé compordach i ndáiríre leis an ngeata a choinneáil ar oscailt agus d'iarr ar na hoibrithe an dteastódh sé uathu mórán níos faide. Dúirt siad leis go dteastódh sé uathu 15 nóiméad eile. D'fhan sé ina sheasamh ag an ngeata agus fad is a bhí sé ag caint le duine, thug sé faoi deara go raibh doirse istigh sa lóiste ag greadadh leis an ngaoth. Rinne sé cinneadh dul isteach agus na doirse a dhúnadh, rud a thóg cúpla soicind. Chuala sé carr ar an ngairbhéal nuair a bhí sé sa lóiste agus thosaigh sé ag déanamh a bhealach ar ais chuig an ngeata. »

» Chonaic sé carr beag á thiomáint isteach an geata agus an tiománaí ag croitheadh láimhe ar bhealach a dhéanadh baill foirne an Árais agus iad dá gcur féin in aithne ag an ngeata. Dúirt Garda B go raibh an carr cosúil le carr a bhí in úsáid ag duine de na baill foirne san Áras.

Dúirt Garda B go raibh cinneadh i bhfaiteadh na súl le déanamh aige ar gá a bheith buartha faoin gcarr agus an tiománaí, ach nuair a chuir sé gach rud a chonaic sé san áireamh, ghlac sé leis gur duine de na baill foirne an tiománaí.

Níos lú ná deich nóiméad dá éis sin, thiomáin an carr céanna ar ais síos an ascaill agus an lámh ardaíthe ar nós go raibh an tiománaí dá bheannú. Bhí an geata fós ar oscailt mar gheall go raibh na hoibrithe fós ann. Bheannaigh Garda B don tiománaí agus thiomáin an tiománaí amach an geata. Go díreach nuair a bhí an carr ag dul amach an geata, ghlaoigh an fón sa lóiste; duine de chúntóirí an Uachtaráin a bhí ann ag fiafraí an raibh carr gorm go díreach tar éis fágáil. Dúirt an cúntóir go raibh duine go díreach tar éis teacht isteach san Áras agus gur thug an duine aghaidh ar an Uachtarán agus go raibh sé ag iarraidh fáil amach cé a lig an duine isteach. Garda B said in his statement to GSOC that he Dúirt Garda B ina ráiteas le GSOC nach bhfaca sé an tOrdú Cosanta don Áras, agus gurb ó chruinnithe faisnéise neamhfhoirmeálta a tháinig an t-eolas a bhí aige le haghaidh dualgas ginearálta agus ó chruinnithe faisnéise le haghaidh imeachtaí speisialta, mar a bhíonn i gceist nuair a bhíonn coinne le cuairteoirí. Ní raibh sé ar an eolas faoi cé acu ar réachtáladh measúnú riosca don gheata a bheith fágtha ar oscailt.

Seoladh tuairisc GSOC faoin imscrúdú (a bhfuil achoimre air thuas) chuig Coimisinéir an Gharda Síochána inar moladh go smaoinfeadh faoi imeachtaí araíonachta a thionscnamh in aghaidh Gharda B. Níl aon ról ag GSOC sna himeachtaí sin.

Chuir an Garda Síochána GSOC ar an eolas faoi dá éis sin go raibh cinneadh déanta ag an ngarda sinsearach a ceapadh chun cinneadh a dhéanamh, ar bonn an ráitis fíricí a cinneadh san imscrúdú GSOC, faoi cé acu an raibh sárú araíonachta déanta ag Garda B nó nach raibh, agus gur chinn sé go raibh sárú araíonachta déanta ag Garda B. Bhí taithí ag Garda B agus d'oibrigh sé sealanna oibre roimhe in Áras an Uachtaráin. Cé gur »

» thuairiscigh Garda B nach bhfuair sé cóip roimh ré den Ordú Cosanta d'Áras an Uachtaráin, ná cóip de mheasúnú riosca sonrach i ndáil le hoibreacha a bheith á ndéanamh ag an Áras ar an dáta i gceist, bhí an garda sinsearach sásta go mbeadh an saineolas agus an tuiscint ag Garda B gur teastaíodh leibhéal ard dualgais le haghaidh aon dualgas a dhéanamh ag an Áras chun an tUachtarán agus an tÁras a chosaint. Gné lárnach den dualgas seo is ea seiceáil a dhéanamh ar gach duine ag dul isteach go hÁras an Uachtaráin.

Fuair an garda sinsearach go raibh Garda B i bhfaillí ina dhualgas sa chaoi is gur loic sé a dheimhniú cén cineál gnó a bhí ag an duine den phobal a thiomáin tríd an ngeata go contrártha le hOrdú Cosanta Áras an Uachtaráin. Mar gheall gur loic sé fiosrú go dícheallach maidir leis an bhfeithicil agus an duine a bhí ann, agus gur loic sé foláireamh a thabhairt don phríomhtheach in Áras an Uachtaráin, baineadh de shábhailteacht an Uachtaráin agus Áras an Uachtaráin. Gearradh smachtbhanna airgeadais ar an ngarda.

## AN MHEICNÍOCHT ATHBHREITHNITHE NEAMHSPLEÁCH

De bhreis orthu sin thuas, ba ar oscailt fós ag deireadh na bliana 2020 a bhí trí imscrúdú a tháinig chuig GSOC ón Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM).

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhí ann sa bhliain 2014 an IRM. Bhí sé mar chuspóir ag an Meicníocht breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar gardaí agus ar laigi i líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an gcaoi a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Bunaíodh painéal a chuimsigh beirt abhcóidí sinsearach agus cúigear abhcóidí sóisearacha chun líomhaintí a athbhreithniú.

Faoi Alt 102(5) d'Acht an Gharda Síochána, d'iarr an tAire ar GSOC imscrúdú chun leas an phobail a dhéanamh ar 21 chás a d'eascair as an IRM. Osclaíodh deich gcinn de na himscrúduithe sa bhliain 2015 agus osclaíodh 11 cheann díobh sa bhliain 2016. Den 21 imscrúdú a fuarthas, bhí trí cinn ar oscailt fós ag deireadh 2020.

# RANNÁN 4: AN TIONSCNAMH IDIRGHABHÁLA ÁITIÚLA

## RÉAMHRÁ

Ba é an bhliain arna hathbhreithniú, 2020, an dara bliain iomlán ina raibh an próiseas Idirghabhála Áitiúla (LI) ar fáil ar fud na tíre. Bhí méadú 10 faoin gcéad ann do GSOC ó thaobh líon na ngearán a tarchuireadh le haghaidh idirghabháil áitiúil, agus méadú 50 faoin gcéad sa líon a réitíodh nó a dúndadh ar bhealach eile tar éis iad a bheith tarchurtha le haghaidh LI.

Ar gach bealach, ba bhliain ‘rathúil’ í don Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla. Mar gheall go reáchtáiltear an próiseas den chuid is mó ar an bhfón, chiallaigh sé, in ainneoin na ndúshlán curtha roimhe ag COVID-19, d’fhéadfaí leanúint le déileáil le gearáin, agus, i líon mór cásanna, réitíodh iad chun sástacht na ndaoine a rinne na gearáin.

Cuireadh tús leis an tionscnamh LI in 2018 agus is próiseas é lenar féidir gearáin arna ndéanamh ag an bpobal le GSOC faoin tseirbhís a fuair siad ón nGarda Síochána a réiteach ar leibhéal áitiúil gan an gá le himscrúdú foirmiúil. Ní fhéadtar ach nithe a bhaineann le leibhéal seirbhíse a bhreithniú le haghaidh LI, mar shampla gearáin faoi mhíchúirtéis nó faillí i ndualgas ag leibhéal íseal.

Sa phróiseas, déanann cigirí ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil le daoine a rinne gearáin le GSOC agus atá sásta go dtabharfaí aghaidh ar a ngearáin ar an gcaoi seo; faigheann cigirí an Gharda Síochána amach cad iad na saincheistanna ina leith, agus féachann leis an gearán a réiteach. (Féach an painéal ‘An tSlí a nOibríonn Sé’ le haghaidh sonraí faoi na céimeanna sa phróiseas agus na cineálacha gearáin a d’fhéadfaí a bheith breithnithe le haghaidh na hidirghabhála seo.)

Forbraíodh an tionscnamh LI i gcúlra míshástachta i measc gearánaithe, ag GSOC agus ag an nGarda Síochána a raibh meicníochtaí acu cheana chun déileáil le gearáin a d’fhéadfaí a áireamh mar ghearáin ag ‘leibhéal seirbhíse’. Under the Garda Síochána Act, 2005, Faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, is éard a bheadh i gceist le gearán a dhéanamh le GSOC faoi, mar shampla, míchúirtéis nó loiceadh garda glaonna fóin ar ais a dhéanamh, ná a luaithe a bheadh siad measta a bheith inghlactha ag GSOC, go gceapfaí ceannfort Garda, agus ba mhinic a bhí cigire Garda mar chúnamh dó nó di chun an ní a imscrúdú.

Bheadh ar an ngearánach agus an garda a ndearnadh an gearán faoi, fanacht naoi mí nó níos

mó chun go gcuirfí imscrúdú i gcrích. Mar gheall nach bhféadfadh an t-imscrúdú ach aghaidh a thabhairt ar cé acu an raibh nó nach raibh mí-iompar i gceist – is é sin sárú ar na Rialacháin Araíonachta – ó thaobh an gharda faoina ndearnadh gearán, níor dhócha go bhféadfaí réiteach a fháil chun sástacht an ghearánaigh ar mhímhúineadh nó ar fhaillí dualgais an duine faoina ndearnadh gearán.

**Tábla 4:** Torthaí faoin bPróiseas Idirghabhála Áitiúla 2020

| Idirghabháil Áitiúil                                                                   | Líon Cásanna 2020 | Líon Cásanna 2019 |
|----------------------------------------------------------------------------------------|-------------------|-------------------|
| Tarchurtha ag GSOC le haghaidh Idirghabháil Áitiúil                                    | 263               | 237               |
| Réitithe/dúnta tar éis an phróisis Idirghabhála Áitiúla                                | 175*              | 119               |
| Dúnta gan idirghabháil, mar gheall go príomha nár ghlac an gearánaí páirt sa phróiseas | 28*               | N/A               |
| Tarchurtha ar ais chuig GSOC le haghaidh cinneadh inghlacthachta                       | 84*               | 58                |

\*Folaíonn na figiúirí seo cásanna a tarchuireadh chuig cigirí den Gharda Síochána an bhliain roimhe agus a bhí fós leis na cigirí ag deireadh 2019.

De na 84 gearán a tarchuireadh ar ais chuig GSOC le haghaidh cinneadh faoi cé acu an nglacfaí nó nglacfaí iad lena n-imscrúdú, glacadh 66 agus cuireadh ar aghaidh iad lena n-imscrúdú (64 le haghaidh imscrúdú faoi Alt 94(1) agus dhá cheann lena n-imscrúdú faoi Alt 94(5)).

## TIONCHAR

Ón méid thuas, is féidir a fheiceáil gur réitíodh nó gur dúndadh beagnach 60 faoin gcéad de chásanna a cuireadh ar aghaidh chuig na cigirí Garda ainmnithe tar éis LI, agus gur dúndadh 10 faoin gcéad eile gan idirghabháil. (Féadfaidh gearánaithe roghnú gan leanúint ar aghaidh nuair a dhéanann an fhoireann Idirghabhála Áitiúla teagmháil leo.)

Is toradh dearfach é seo ó dhearcadh na ngearánaithe sa chaoi is go dtugtar aghaidh agus go réitítear a ngearáin go sciobtha, taobh istigh de laethanta nó seachtainí. Dá nglacfaí a ngearáin le haghaidh

imscrúdú foirmiúil, ba chosúil go dtógfadh an t-imscrúdú míonna. (Is é an meán-am a tógadh chun imscrúduithe faoi Alt 94 (1) ná 263 lá ón mbliain 2016 go 2020). Ag deireadh imscrúdaithe fhoirmiúil, bíodh sé go bhfuarthas go raibh nó nach raibh sárú araíonachta déanta ag an ngarda a ndearnadh gearán faoi, ní cosúil go bhfaighfí 'réiteach' ar ghearán áirithe na ngearánaithe.

Tá fáilte curtha ag GSOC agus ag an nGarda Síochána roimh rath an tionscnaimh LI mar gheall ar a impleachtaí dearfacha ó thaobh acmhainní.

Teastaíonn mórán uaireanta an chloig oibre thar mhíonna agus uaireanta, blianta, le haghaidh imscrúduithe faoi Alt 94(1), ar thaobh an cheannfoirt nó an chigire den Gharda Síochána a ceapadh chun cuidiú leo imscrúdú a dhéanamh thar ceann GSOC. Cuireann na himscrúduithe éileamh faoi deara bhaill foirne GSOC a bhfuil freagracht acu as an bpróiseas gearán a bhainistiú.

Is é an toradh ar an bpróiseas LI ná go raibh titim shuntasach i líon na n-imscrúduithe seo (faoi Alt 94(1)) arna n-oscailt ag GSOC thar an dá bhliain ó tugadh an clár seo isteach go náisiúnta. Cé go bhfuil méadú beag tagtha ar líon na n-imscrúduithe faoi Alt 94(1) oscailte ag GSOC in 2020—432 i gcomparáid le 405 in 2019—tá sé fós píosa maith níos ísle ná an 598 a osclaíodh in 2018.

### An tSlí a nOibríonn Sé

Maidir le gach cás a fhaigheann GSOC, is mar 'fhiosruithe' a thaifeadtar iad ar dtús ar an gCóras Bainistíochta Cásanna (CMS) Ní dhéantar na cásanna sin a uasghrádú ina ngearáin go dtí go mbeidh faisnéis dhóthanach ar fáil lena gcumasófar do GSOC a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an cás inghlactha. Ní fhéadtar gearán a ghlacadh lena imscrúdú ach amháin má chomhlíonann sé critéir leagtha amach sa reachtaíocht. Baineann an próiseas Idirghabhála Áitiúla le gearáin atá ar an gcéim 'fiosrú', is é sin, sula ndéantar iad a mheas le haghaidh inghlacthachta.

- Nuair a fhaigheann GSOC gearán, cinneann GSOC cibé an bhfuil nó nach bhfuil an ní oiriúnach le haghaidh idirghabháil áitiúil. Ní mheastar ach saincheistearna ar leibhéal seirbhíse, amhail gearáin den chineál míchúirtéis nó faillí i ndualgas íseal-leibhéil, »

» le haghaidh idirghabháil áitiúil. Samplaí de na saincheistearna a meastar le haghaidh LI:

- Droch-cháilíocht nó droch-chaighdeán seirbhíse
  - Seirbhís neamhéifeachtúil nó gan seirbhís
  - Míbhéas/míchúirtéis/mímhúineadh
  - Easpa cumarsáide nó freagra
- Má tá GSOC den tuairim go bhfuil an tsaincheist oiriúnach don phróiseas LI, déanann GSOC teagmháil leis an duine a dhéanann an gearán, míníonn an próiseas Idirghabhála Áitiúla dóibh agus iarrann orthu toiliú a thabhairt an ní a réiteach ar an tslí sin.
- Má thugann an gearánach toiliú, tarchuireann GSOC an ní chuig cigire ainmnithe den Gharda Síochána a bhainistíonn an próiseas thar ceann an Gharda Síochána. (Mura dtugann an duine toiliú, déanfaidh GSOC cinneadh faoi cibé an gcuirfear nó nach gcuirfear an líomhain ar aghaidh lena himscrúdú de réir na gcritéir agus na bpróiseas a ndéantar cur síos orthu i Rannán 1 den tuarascáil seo.)
- Déanann an cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an ngearánach ar an bhfón chun na gníomhartha nó torthaí atá á lorg aige/aici a shainiú. De ghnáth, labhraíonn an cigire leis an gcomhalta ábhartha den Gharda Síochána ansin chun a bhféadfadh a bheith mar chúis leis an gceist a fhiosrú. Ní bhaineann an próiseas seo le milleán a chur—baineann sé le dul i ngleic leis an gceist a ardaíodh agus foghlaim ón méid a tharla d'fhonn atarlú a chosc. Déanann an cigire teagmháil leis an ngearánach arís chun an gníomh a ndearnadh chun dul i ngleic leis an ní a chur in iúl. Má tá an gearánach sásta leis an bhfreagra, cuireann an cigire de chuid an Gharda Síochána é sin in iúl do GSOC agus deimhníonn GSOC leis an ngearánach go bhfuil sé/sí sásta. Dúnann GSOC an comhad ansin. Mura n-éiríonn leis na hiarrachtaí chun an ní a réiteach trí Idirghabháil Áitiúil, tarchuirtear an gearánach ar ais chuig GSOC, a chinneann ansin cibé ar chóir nó nár chóir an ní a chur ar aghaidh le haghaidh imscrúdú.



## Achoimhre ar chás

Rinne duine gearán faoi sheicphointe luais a chonaic siad. Rinne an duine gearán go raibh an comhalta den Gharda Síochána ag reáchtáil an tseicphointe ar bhealach dainséarach agus líomhain go bhféadfadh an garda a bheith ina chúis do thimpiste tromchúiseach. Shonraigh an duine nach raibh aon comharthaí aitheantais den Gharda Síochána le feiceáil ar an duine agus an garda ar bhóthar gnóthach a raibh roinnt carranna ag taisteal ar luas 100km/uair, ní raibh aon seaicéad ard-infheictheachta á chaitheamh, ní raibh aon hata á chaitheamh, an t-aon rud a bhí le feiceáil ná lógó beag ar thaobh an tseaicéid lomra agus bhí an garda ag tarraingt carranna isteach chuig an lána clé mar gheall nach raibh aon ghualainn chrua ann. Tar éis fiosruithe a dhéanamh, shainaithin an cigire a chreidtear a bhí páirteach sa seicphointe seo, d'ardaigh an measúnú riosca ar sheicphointí leis an gcomhalta agus le maoirseoir an chomhalta, agus leag béim gurb é an dualgas is tábhachtaí ag an ngarda ná sábháilteacht an phobail. Labhair an cigire ansin leis an ngearánach agus thug eolas faoi chinneadh an chigire. Bhí an chosúlacht air go raibh an gearánach sásta leis seo agus bhí an gearánach sásta go ndúnfaí an cás.

## Achoimhre ar chás

Scríobh tuismitheoir chuig GSOC chun cabhair a lorg le fón póca a fháil de chuid a linbh a fuair bás i gcúinsí tragóideacha. Tar éis an ionchoisne, d'iarr an tuismitheoir go dtabharfaí an fón ar ais, agus dúirt gur iarr garda go dtabharfaí dhá sheachtain do ghardaí le go dtabharfaí an fón ar ais. Dúirt an duine gur fhág siad teachtaireachtaí don gharda, gur thug siad cuairt ar an stáisiún Gardaí agus gur ghlaigh siad ar an oifigeach teagmhála, ach nár éirigh leo.

Dúirt an duine gur fhiafraigh an t-oifigeach teagmhála leo cén déantús fón a bhí ag an leanbh mar gheall, toisc nach cás coiriúil é, nach mbeadh loga déanta faoin bhfón ná nach mbeadh sé curtha i mála. Fuair an cigire »

» ainmnithe lenar tharchuir GSOC an ní an fón póca, agus tar éis don chigire a bheith ar an eolas nach raibh cód PIN ag an tuismitheoir don fhón, rinne socruithe go ndéanadh garda oile iarracht an fón a rochtain. D'éirigh leis an iarracht ar rochtain a fháil agus íoslódáladh gach íomhá agus físeán chuig mearóga cuimhne USB a thug an cigire, mar aon leis an bhfón, don tuismitheoir. D'admhaigh an duine go bhfuarthas gach mír agus chuir a sástacht leis an toradh in iúl agus a mbuóchas don chigire as ucht iarrachtaí an chigire an ní a réiteach.

## Achoimhre ar chás

Rinne duine gearán le GSOC gur ghlaigh thart ar dheichniúr gardaí chuig doras an duine agus barántas acu cuardach a dhéanamh ar an áit chónaithe le haghaidh cannabais. Líomhain an duine go ndúirt an garda a bhí i bhfeighil ar an gcuardach gur stop siad mac an duine ar rothar agus gur thug sé faisnéis bhréagach. Shonraigh an duine go raibh a fhios acu gur botún a bhí sa mhéid seo mar gheall nach mbíodh a mac ag rothaíocht, ach ag tiomáint cairr. Chuardaigh na gardaí seomra an mhic agus dhá charr ar an maoin. Shonraigh an duine gur ghlaigh siad ar a mac agus gur iarr siad air teacht abhaile. Idir an dá linn, thaispeáin an tuismitheoir pictiúr den mhac don chomhalta den Gharda Síochána, agus cuireadh deireadh leis an gcuardach. Nuair a tháinig mac an duine abhaile, níor aithin aon duine de na gardaí é. Bhí an duine ag iarraidh míniú ar cén fáth ar tharla "an t-uafás náireach seo os comhair ár gcuid comharsan uile". Ghlaigh an cigire chun bualadh leis an duine agus lena gclann, a mac san áireamh, ag a mbaile – agus thug míniú cuimsitheach ar cén fáth a ndearna gardaí cuardach ar a n-áit chónaithe agus an fhíric go nglacann gardaí leis anois nach raibh an chlann seo páirteach i ngníomhaíochtaí coiriúla agus nach raibh riamh. Bhí an duine fórbhuíoch as an gcuairt agus an míniú agus ghabh buíochas le GSOC as ucht ár dtacaíocht ar an ábhar.

## RANNÁN 5: GNÍOMHAÍOCHT DLÍ TAR ÉIS IMSCRÚDITHE COIRIÚLA.

Déanann GSOC imscrúduithe coiriúla tar éis gearáin (a ndéantar cur síos orthu i Rannán 1) agus tarchuir (a ndéantar cur síos orthu i Rannán 2) a fháil ón nGarda Síochána agus ó dhaoine eile, a bhféadfadh an tAire Dlí agus Cirt a bheith ina measc. Sa bhreis air sin, féadfaidh GSOC, má dhealraítear gur chun leas an phobail a bheadh sé, agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar ní ar bith sa chás go measann an Coimisiún go bhféadfadh go ndearna comhalta den Gharda Síochána cion nó gur iompair sé/sí ar bhealach a dtabharfadh údar le himeachtaí araíonachta.

Ar an imscrúdú coiriúil a chur i gcrích, sa chás go bhfuil an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh gur cion atá in iompar an chomhalta nó na gcomhaltaí faoi imscrúdú, ní mór do GSOC comhad a sheoladh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

Seolann GSOC comhaid chuig an DPP i gcás go bhfuair duine bás agus é/í faoi choimeád an Gharda Síochána nó tar éis don duine éagtha bheith i dteagmháil le gardaí, d'fhonn a oibleagáidí faoi Airteagal 2<sup>6</sup> den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh.

Féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an DPP freisin sa chás go gcinneann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána gur chun leas an phobail é comhad a sheoladh.

Faoi Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, is cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt don Choimisiún Ombudsman i ndáil le gearán nó imscrúdú, cibé acu comhalta nó sibhialtach a dhéanfaidh sin. Ní féidir ionchúiseamh den sórt sin a thionscain gan toiliú ón DPP í.

I ngach cás, is é an DPP a chinneann cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

### COMHAID A SEOLADH CHUIG AN DPP

Sa bhliain 2020, sheol GSOC 27 comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí tar éis imscrúdú coiriúil ag imscrúdaitheoirí GSOC (i gcomparáid le 23 in 2019 agus 17 in 2018). Ag eascairt as na comhaid sin, bhí:

- 7 n-ordú go ndéanfaí ionchúiseamh ó 6 comhad
- 14 ordú nach ndéanfaí ionchúiseamh

• 7 gcinneadh ar feitheamh ag deireadh 2020. Chomh maith leis sin, rinne an DPP 4 chinneadh i leith comhaid a bhí ar feitheamh ag deireadh 2019 – bhí 2 ordú ann go ndéanfaí ionchúiseamh agus 2 ordú nach ndéanfaí ionchúiseamh.

### Tugadh ordú go ndéanfaí ionchúiseamh sna cásanna seo a leanas:

- Cúiseamh amháin i bhfaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 in aghaidh gearánaigh (nach comhalta den Gharda Síochána é nó í).
- Cion contrártha le Rialacháin (Cuid 3) (Cionta Muirear Seasta) 2017 de Sceideal 3, Cuid 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2010, cúiseamh amháin i gcion ionsaithe contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, cúiseamh amháin i bpríosúnú neamhdhleathach contrártha le hAlt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, agus cúiseamh amháin i gcion contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.
- Cúiseamh amháin in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 in aghaidh comhalta den Gharda Síochána.
- Eisíodh Foláireamh Aosach as cion contrártha le hAlt 2 den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 do chomhalta den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin i bhfaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 in aghaidh comhalta den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as ionstraim bhréagach a úsáid contrártha le hAlt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, cúiseamh amháin as saobhadh ar chúrsa na córa agus cúiseamh amháin as faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 in aghaidh gearánaí.
- Cúiseamh amháin as tiomáint chontúirteach contrártha le hAlt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, in aghaidh comhalta den Gharda Síochána.

6 Faoi Airteagal 2, cuirtear oibleagáid ar an Stát, trína ngníomhairí, staonadh ó bheith ina chúis le díothú beatha agus cuirtear dualgas ar an Stát básanna amhrasacha a imscrúdú. Luaitear ann gur láidre an dualgas chun imscrúdú a dhéanamh sa chás gur tharla an bás fad a bhí an duine faoi choimeád ag an Stát. Sa chás go mbíonn feidhm le hAirteagal 2, ní mór d'ionchúisitheoir an cinneadh a dhéanamh.



- Dhá chúiseamh as ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, cúiseamh amháin as foghail contrártha le hAlt 13 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 in aghaidh comhalta den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as gadaíocht contrártha le hAlt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 agus 4 chúiseamh as imeacht ón láthair gan íoc contrártha le hAlt 8 den Acht céanna in aghaidh comhalta den Gharda Síochána.

## CÁSANNA A CINNEADH SA CHÚIRT IN 2020

- Taifeadadh pléadail chiontach ag comhalta den Gharda Síochána as cion contrártha le hAlt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 arna leasú, as tiomáint chontúirteach is trúig bháis. Gearradh pianbhreith ar fionraí dhá bhliain air, cosc tiomána ceithre bliana agus fineáil €100. Rinne an DPP an phianbhreith a achomharc, agus chuir an Chúirt Achomhairc an phianbhreith ar neamhní go luath in 2021 agus ina áit sin ghearr pianbhreith dhá bhliain agus sé mhí agus an bhliain deiridh ar fionraí. (Féach an cás-staidéar sa chaibidil seo).
- Taifeadadh pléadail chiontach ag comhalta den Gharda Síochána as loiceadh diosca mótarachánach a thaispeáint contrártha le hAlt 73 (1) den Acht Airgeadais, 1976 agus cuireadh é seo san áireamh. Taifeadadh pléadail chiontach aige chomh maith as ucht cáin ar bith a bheith aige contrártha le hAlt 13(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1920 agus gearradh fineáil €200. Fuarthas neamhchiontach é as tiomáint chontúirteach contrártha le hAlt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú. Fuarthas ciontach é as tiomáint míchúramach contrártha le hAlt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, agus gearradh fineáil €750. Fuarthas neamhchiontach é in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- Caitheadh amach cúiseamh amháin an duine i leith beirt comhaltaí den Gharda Síochána in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- Thairg comhalta den Gharda Síochána pléadail chiontach as cionta contrártha le hAlt 21 agus 22 den Acht um Chosaint Sonraí,

1998. Mar gheall gur cionta malartacha iad seo, glacadh an phléadail faoi Alt 22 d'Acht 1988 lena bhforáiltear do phróiseáil agus nochtadh mídhleathach ar shonraí pearsanta. Tarraingíodh siar cion faoi Alt 62 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Rinneadh an Breitheamh cinneadh go n-íocfaí suim €1,000 le carthanas arna ainmniú ag an bpáirtí díobháilte agus Alt 1(1) den Acht Promhaidh, 1907 le gearradh ar an gcomhalta den Gharda Síochána ach an íocaíocht a bheith íoctha. (Féach an cás-staidéar sa chaibidil seo).

- Taifeadadh pléadail chiontach ag comhalta den Gharda Síochána as cion contrártha le hAlt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 arna leasú, as tiomáint chontúirteach. Bhí an Breitheamh sásta cion i dtiomáint neamhaireach a chur in áit an chionta contrártha le hAlt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú. Gearradh fineáil €500 air agus tugadh ceithre mhí dó lena íoc gan aon ordú déanta i leith dícháiliúcháin.
- Ciontaíodh comhalta den Gharda Síochána as ionsaí is cúis le díobháil contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997 agus éigiontaíodh an comhalta as damáiste coiriúil contrártha le hAlt 2 den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991. Gearradh pianbhreith phríosúnachta 12 mhí ar an ngarda ar fionraí ar feadh tréimhse 12 mhí.

## Achoimre ar chás

D'ordaigh cúirt do gharda cúrsa bainistíochta feirge a chríochnú agus litir leithscéil a scríobh chuig duine óg a rinne gearán le GSOC gur ionsaigh an garda é. Ordaíodh don gharda €3,000 a íoc leis an bpáirtí díobháilte mar chúiteamh, agus litir a scríobh chuig an mBreitheamh (do shuíle an Bhreithimh amháin) ina mionsonraítear na ceachtanna d'fhoghlaim an garda ón teagmhas ba chúis leis an ngearán, agus an chaoi a ndéileálfadh sé le cásanna den chineál céanna amach anseo.

Éisteadh an cás sa chúirt in 2019 – rinneadh cúiseamh in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997. Gearradh na coinníollacha ar an comhalta den Gharda Síochána ag deireadh na héisteachta. Nuair a tháinig sé uile ar ais chun na cúirte in 2020, mheas an Breitheamh gur chloígh »

» an garda le coinníollacha uile a phianbhreithe, agus dá réir, scrios an ní amach. D'eascair an cás as imscrúdú a rinne GSOC ar ghearán a rinneadh thar ceann déagóra i ndáil le teagmhas inar iarr gardaí air féin agus ar roinnt cairde bogadh ar aghaidh ón áit a raibh siad bailithe in áit phoiblí. Bhí an grúpa cúigear duine óg ina suí le chéile timpeall meán oíche i gcarrchlós nuair a d'iarr gardaí orthu bogadh ar aghaidh.

De réir mar a bhí an grúpa ag bogadh ar aghaidh, d'fhiafraigh beirt de na déagóirí ar na gardaí cén fáth a raibh siad á mbogadh ar aghaidh – agus, tar éis aighnis, gabhadh beirt de na déagóirí fireannacha as sárú líomhnaithe ar an Acht um Ord Poiblí agus tugadh chuig stáisiún gardaí iad.

An lá dá éis, chuaigh gaol le duine de na déagóirí chuig an stáisiún gardaí agus rinne gearán faoin gcaoi ar caitheadh leis na déagóirí. Thaispeáin sé taifeadadh físe a ghlac duine de na fir óga ar a fhón. Tugadh an ní chun aird GSOC dá éis sin ag ceannfort den Gharda Síochána a raibh an t-ímní céanna air is a bhí ar gharda sinsearach eile a bhreathnaigh ar an bhfíseán, faoi úsáid fornirt sna gabhálacha. Chuir an tArd-Cheannfort an ní in iúl do GSOC de réir Alt 85 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 ina n-iarrtar ar ghardaí gearáin leis an nGarda Síochána faoi ghardaí a chur ar aghaidh chuig GSOC.

Thoiligh an gearánach do GSOC an ní a imscrúdú. Is iad na líomhaintí ar ghlac GSOC leo lena n-imscrúdú ná gur iarr gardaí ar an ngearánach agus ar cheathrar cairde, ar bhealach 'ionsaitheach', 'bogadh ar aghaidh'; gur ionsaíodh é le linn na gabhála agus sa charr patróil; gur úsáid na gardaí teanga bhrach agus mhaslach sa charr patróil; gur dhiúltaigh an bheirt ghardaí iad féin a aithint (bhí triúr gardaí ar an láthair, agus dhiúltaigh beirt acu iad féin a aithint).

Ag deireadh an imscrúdaithe, sheol GSOC comhad chuig an DPP a d'ordaigh ionchúiseamh i gcás garda amháin a cúisíodh in ionsaí.

Cúisíodh an garda in ionsaí agus éisteadh an cás in 2019. Cuireadh gearradh na pianbhreithe siar agus thug an Breitheamh le fios »

» dá gcloífeadh an garda leis na coinníollacha, go scriosfaí an cás amach. Nuair a tháinig an cás ar ais chun na cúirte in 2020, mheas an Breitheamh go bhféadfaí an cás a scriosadh amach mar gheall gur cloíodh leis na coinníollacha.

## Achoimre ar chás

Phléadail garda ciontach i gcion contrártha le hAlt 22 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, arna leasú, tar éis imscrúdú coiriúil ag GSOC. Cuireadh tús leis an imscrúdú tar éis do GSOC gearán a fháil ó dhuine den phobal faoina chuid faisnéise pearsanta a bheith á roinnt go neamhúdaraíthe ag an ngarda.

Dúirt an gearánach gur glaoth chuig cruinniú é de chuid eagraíocht a raibh páirt aige ann tar éis do dhuine sinsearach san eagraíocht ríomhphost a fháil ón ngarda. Bhí an garda san eagraíocht chéanna, agus sheol ríomhphost chuig an duine sinsearach ina raibh eolas faoi ghabháil an ghearánaí roinnt bheag seachtainí roimhe.

Gabhadh an gearánach as cion oird phoiblí agus gearradh foláireamh aosach dá éis sin.

Ní raibh páirt ag an ngarda a sheol an ríomhphost i ngabháil an ghearánaí agus ní raibh an garda ar dualgas ag an am. Dúirt an garda seo gur inis comhghleacaithe dá éis gur ghair an gearánach a ainm – is é sin ainm an gharda – tar éis na gabhála. Ina ríomhphost chuig an eagraíocht, chuir sé in iúl a fhearg gur thug an gearánach le fios gur eagraigh sé, an garda, é a ghabháil.

Nuair a chuir GSOC faoi agallamh é, d'admhaigh an garda gur sheol sé an ríomhphost a raibh an fhaisnéis ann chuig an duine sinsearach san eagraíocht, agus gur fhreastail sé ar chruinniú faoin teagmhas agus an ghabháil. Dúirt sé go raibh sé ar an eolas faoi fhorálacha Alt 62 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, lena gcuirtear cosc ar ghardaí (agus ar dhaoine eile) faisnéis a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, a fhaightear le linn a gcuid oibre a nochtadh, ach shéan sé gur ghníomhaigh sé go contrártha leis an bhforáil seo. »

» Dúirt an garda go raibh sé ag gníomhú i gcáil phríobháideach nuair a thug sé faisnéis don eagraíocht a chreid sé ba chóir a bheith ar an eolas faoi iompar an ghearánaí.

Dúirt an gearánach go bhfanfadh nóta ar chomhaid na heagraíochta faoina ghabháil agus na cúinsí a bhain leis mar gheall ar an gcarda an fhaisnéis shonrach faoi a roinnt. Dúirt sé go raibh laghdú déanta ag an ngearánach ar a rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí a bhaineann leis an eagraíocht sna blianta dá éis mar gheall ar an ngarda an fhaisnéis a nochtadh agus bhí sé míshásta go raibh a fhios ag cách céard a tharla.

Sheol GSOC comhad chuig an DPP a d'ordaigh go ndéanfaí an garda a ionchúiseamh as cionta faoi Alt 62 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, agus faoi Ailt 21 agus 22 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, arna leasú.

Phléadail an garda ciontach don chion faoi Alt 22 (den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, arna leasú). Cuireann sé seo cosc ar dhuine sonraí pearsanta duine a fháil agus a nochtadh gan údarú. Glacadh an phléadail ar na fíricí iomlána os comhair na Cúirte. Tharraing an DPP an dá chúiseamh eile siar. D'ordaigh an Breitheamh go n-íocfadh an garda €1,000 mar chúiteamh leis an bpáirtí díobháilte. D'iarr an páirtí díobháilte ar an gCúirt, áfach, go n-íocfaí an cúiteamh le carthanas a d'ainmnigh sé. Ghlac an Chúirt leis seo agus ar íoc na suime don charthanas ainmnithe, feidhmíodh an tAcht um Phromhadh Ciontóirí, 1907 i leith an chomhalta den Gharda Síochána.

## Achoimre ar chás

Gearradh pianbhreith phríosúnachta dhá bhliain go leith, agus bliain amháin ar fionraí, ar gharda as tiomáint chontúirteach is trúig bháis. Ionchúisíodh an garda tar éis imscrúdú GSOC a rinneadh de bhun tarchur le GSOC ag ceannfort den Gharda Síochána.

Rinne an ceannfort den Gharda Síochána an tarchur le GSOC faoi Alt 102(1) d'Acht »

» an Gharda Síochána, 2005 tar éis báis mná a gortaíodh go marfach nuair a bualadh a feithicil ón gcúl ag garda as dualgas a bhí ag taisteal i bhfad os cionn na teorann luas.

Fuarthas san imscrúdú GSOC ó chuntais finnétithe go bhfacthas feithicil an gharda as dualgas á thiomáint ar mhótarbhealach ar bhealach a bhí contúirteach don phobal, i bhfad os cionn na teorann luas, go gairid roimh an imbhualladh. Tar éis dá fheithicil imbhualladh le cúl cairr eile agus an tiománaí a ghortú go marfach, d'éirigh an garda as dualgas amach óna charr, chuaigh i dtreo na feithicle eile, ach ansin d'fhág an láthair de chois. Bhí ceathrar sa charr a bhuaill sé, beirt leanaí san áireamh. Ba iad na daoine a tháinig ar an imbhualladh go gairid ina dhiaidh sin a ghlaoigh ar na seirbhísí éigeandála, agus fógraíodh tiománaí an chairr marbh ar an láthair.

Cúpla uair an chloig dá éis sin, chuir an garda a bhí páirteach san imbhualladh é féin i láthair do bhall foirne den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhí ag obair ar an mótarbhealach ag an tráth sin. Chuir GSOC agallamh faoi fholáireamh ar an ngarda dá éis sin. Tar éis a imscrúdú, sheol GSOC comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) a d'ordaigh gur chóir an garda a ionchúiseamh as tiomáint chontúirteach is trúig bháis contrártha le hAlt 53(1) agus 2(a) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú.

An mhaidin sula raibh an triail beartaithe tosú, phléadail an comhalta den Gharda Síochána ciontach as tiomáint chontúirteach is trúig bháis. Ghearr an breitheamh pianbhreith ar fionraí dhá bhliain agus féineáil, agus dhícháiligh an garda ó thiomáint ar feadh ceithre bliana.

Rinne an DPP achomharc ar an bpianbhreith ar an mbonn go raibh sé róthrócaireach, agus éisteadh an t-achomharc go luath in 2021. Cuireadh ar neamhní an phianbhreith a ghearr an Chúirt Chuarda agus ina háit gearradh pianbhreith phríosúnachta dhá bhliain agus sé mhí agus an bhliain dheiridh ar fionraí ach an garda dul faoi bhanna síochána agus a bheith dea-iomprach ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an phianbhreith choimeádta a chríochnú. Te Thug an Chúirt Achomhairc dá haire go raibh an comhalta den Gharda Síochána fós le bheith dícháilithe ón tiomáint ar feadh tréimhse ceithre bliana.

## Cásanna a bhí ar feitheamh os comhair na gCúirteanna ag deireadh 2020

- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúisimh i dtiomáint míchúramach contrártha le hAlt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú (cúiseamh achoimre amháin).
- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúiseamh in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997.
- Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána in dhá chúiseamh in ionsaí is cúis le díobháil contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- Tá beirt (nach comhaltaí den Gharda Síochána iad) á cúiseamh i gcionta contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.
- Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána i gcúiseamh amháin in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus cúiseamh amháin in ionsaí is cúis le díobháil contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúiseamh amháin i gcion contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, cúiseamh amháin i bpríosúnú neamhdhleathach contrártha le hAlt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, agus cúiseamh amháin i gcion contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.
- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúiseamh amháin in ionsaí contrártha le hAlt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997.
- Bhí gearánach (nach comhalta den Gharda Síochána é/i) á chúiseamh i gcion contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú.
- Bhí comhalta den Gharda Síochána á chúiseamh in dhá chúiseamh as ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha le hAlt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, agus cúiseamh amháin as foghail contrártha le

hAlt 13 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994.

- Bhí comhalta den Gharda Síochána á chúiseamh i gcúiseamh amháin i bhfaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt contrártha le hAlt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.
- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúiseamh amháin as gadaíocht contrártha le hAlt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 agus 4 chúiseamh as imeacht ón láthair gan íoc contrártha le hAlt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.
- Dhéileáil triail choiriúil le líomhain i leith ionsaí gnéasach tar éis imscrúdú GSOC. Chiontaigh giúiré an comhalta den Gharda Síochána agus gearradh pianbhreith phríosúnachta. Aisiompaíodh an ciontú tar éis achomhairc mar gheall gur loic an Breitheamh nithe áithe a luadh ina chúiseamh don ghiúiré. Ordaíodh atriail agus táthar ag fanacht ar dháta nua éisteachta.

## Fianaise á Nochtadh don Chosaint ag Neamhpháirtí

An 11 Meitheamh 2019, rinne GSOC agus An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Prótacal athbhreithnithe dar teideal *Fianaise á Nochtadh don Chosaint ag Neamh-Pháirtí in Imeachtaí Coiriúla nach bhfuil comhad seolta ag GSOC chuig an DPP mar chuid díobh* [aistriúchán neamhoifigiúil].

Bíonn feidhm leis an bPrótacal sa chás go bhfaigheann GSOC gearán i ndáil leis an teagmhas atá ina ábhar d'ionchúiseamh ar leithligh chomh maith de bhun imscrúdú an Gharda Síochána.

Is féidir iarratais ar nochtadh neamh-pháirtí a dhéanamh go díreach chuig GSOC. Tá an fhaisnéis a theastaíonn ó GSOC chun iarratas den sórt sin a phróiseáil le fáil ar láithreán gréasáin GSOC. Tá cóip den Phrótacal maidir le Nochtadh Neamh-Pháirtí le fáil ar an láithreán gréasáin freisin ag: <https://www.gardaombudsman.ie/about-gsoc/non-party-disclosure/>

Ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020, phróiseáil GSOC **48** comhad maidir le Nochtadh Neamh-Pháirtí.

# RANNÁN 6: EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS PÓILÍNEACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Pléitear sa rannán seo cleachtais a thagann chun cinn le linn imscrúduithe GSOC a chreideann an Coimisiún Ombudsman is gá a thabhairt chun aire lucht bainistíochta an Gharda Síochána.

Is le saincheisteanna sistéamacha nó bainistíochta, seachas le hiompraíocht daoine aonair, a bhaineann na cleachtais atá leagtha amach anseo. Creideann

an Coimisiún Ombudsman gur gné thábhachtach den fhorghairseacht is ea aird a tharraingt orthu seo nuair a thagann siad chun cinn agus moltaí a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlódh teagmhais den chineál céanna arís.

Tá freagraí an Gharda Síochána ar na moltaí sa tábla thíos.

Tábla 5: Moltaí a rinne GSOC in 2020

| Uimh | Ábhar ginearálta                        | Ábhar sonrach                                                                      | Moladh agus freagra                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|------|-----------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| SRI  | Comhaid an Gharda Síochána a bhainistiú | Comhad Imscrúdaithe den Gharda Síochána a chailleadh                               | <p>Rinne GSOC imscrúdú ar líomhain gur loic gardaí déileáil le roinnt glaonna faoi dhrochíde sa teaghlach a rinne bean a dúirt nár glacadh go dáiríre mar gheall go raibh a fear céile ag fónamh mar chomhalta den Gharda Síochána. Rinneadh líomhain gur loic gardaí imscrúdú dóthanach a dhéanamh ar ghearán faoi ionsaí gnéasach agus gur loic freagairt do thuairiscí faoi roinnt sárruithe ar Ordú Sábháilteachta. Le linn an imscrúdaithe, fuarthas nach bhféadfaí teacht ar an gcomhad bunaidh d’imscrúdú an Gharda Síochána ar an teagmhas d’ionsaí gnéasach líomhnaithe.</p> <p><i>Moladh eisithe ag GSOC an 2 Eanáir 2020</i></p> <p>Mhol GSOC go dtabharfaí chun aird Choimisinéir an Gharda Síochána an cheist faoin gcomhad den Gharda Síochána ar iarraidh sa chás seo. Bhain an comhad den Gharda Síochána le gearán tromchúiseach in aghaidh comhalta ar fónamh den Gharda Síochána. Bhí éifeacht dhíobhálach ar imscrúdú GSOC dá éis sin mar gheall ar an gcomhad a bheith caillte. Moltar go ndéanfar athbhreithniú ar chórais bainistíochta comhad an Gharda Síochána d’fhonn caillteanas den chineál céanna amach anseo a mhaolú.</p> <p>Mhol GSOC chomh maith go ndéanfaí athbhreithniú de réir comhlíontacht le nósanna imeachta reatha an Gharda Síochána maidir le bainistiú comhad ar gach imscrúdú neamhréirithe/ neamhbraite neamhghníomhach ar ionsaithe gnéasacha taobh istigh den cheantar ónar cailleadh an comhad.</p> <p><b>Litir admhála faighte an 9 Márta 2020</b></p> |
| SR2  | Ceadúnais airm tine                     | Nós imeachta an Gharda Síochána agus ceadúnais airm tine á n-eisiúint/n-athnuachan | <p>Sa chás seo, dhúnmharaigh comharsa garghaol leis an ngearánach le gránghunna ceadúnaithe. Rinne gardaí athbhreithniú ar an gceadúnas airm tine ó am go ham. Líomhain teaghlach an ghearánaí go raibh gardaí faillíoch as loiceadh gníomhú in aghaidh na comharsan, go háirithe agus é tugtha dá n-aire acu go ndearna sé gearáin le gardaí faoin té a bhásaigh roimh an dúnmharú.</p> <p><i>Moladh eisithe ag GSOC an 4 Bealtaine 2020</i></p> <p>Mhol GSOC go mbreithneodh Coimisinéir an Gharda Síochána tuairimí a lorg ó Dhochtúir Teaghlaiigh iarratasóir an cheadúnais airm tine agus ceadúnas airm tine á eisiúint nó á athnuachan.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          |

| Uimh | Ábhar ginearálta | Ábhar sonrach | Moladh agus freagra |
|------|------------------|---------------|---------------------|
|------|------------------|---------------|---------------------|

Mhol GSOC go mbreithneodh Coimisinéir an Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar nós imeachta an Gharda Síochána i ndáil le ceadúnais airm tine a eisiúint/a athnuachan, agus go hairithe go mbreithneofaí 'Treoir ar an Dlí um Cheadúnú Airm Tine' na Ríochta Aontaithe a foilsíodh ar an 1 Aibreán 2016 lena bhforáiltear:

Ar dheonú nó athnuachan deimhniú airm tine nó gránghunna, iarrfaidh póilíní ar dhochtúir teaghlaigh gach sealbhóra deimhnithe cé acu an bhfuil fadhbanna sonracha sláinte ag an othar;

- Iarrfar ar dhochtúirí teaghlaigh cód meabhrúcháin maidir le harm tine a chur ar thaifead an othair. Ciallaíonn sé seo go mbeidh a fhios ag an dochtúir teaghlaigh gur úinéir gunna an duine, agus go bhféadfaidh siad fios a chur ar rannóg ceadúnúcháin na bpóilíní má meathlaíonn sláinte an othair tar éis an deimhniú a bheith deonaithe.
- Tá treoir nua á foilsiú chun cabhrú le dochtúirí teaghlaigh agus leis na póilíní an córas nua a oibriú, agus sealbhóirí agus iarratasóirí deimhnithe a chur ar an eolas faoi.

Litir admhála faighte an 25 Bealtaine 2020.

Fuarthas litir eile an 6 Deireadh Fómhair 2020 (dár dáta an 1 Deireadh Fómhair 2020 ón nGarda Síochána inar tugadh mionsonraí faoi fhreagra don mholadh a rinneadh. Déantar tagairt d'Acht na nArm Tine faoin n-iarrtar faoi láthair go bhfuil sé éigeantach go gcuirfeadh iarratasóirí arm tine sonraí a ndochtúra ghinearálta ar fáil ina n-iarratas agus foráiltear chomh maith go gcoinníonn an Ceannfort nó an tArd-Ceannfort rogha teagmháil a dhéanamh le dochtúir ginearálta sealbhóra ceadúnais ag tráth ar bith le linn an ceadúnas a bheith acu.

Sonraíonn AGS go dteastódh athrú don reachtaíocht reatha de thoradh na moltaí a rinne GSOC agus dá réir, nach bhfuil AGS in ann an moladh beartaithe seo a chur i bhfeidhm.

|     |                        |                                                                                             |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |
|-----|------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| SR3 | Teipeanna Imscrúduithe | Teip imscrúdú cuí a dhéanamh ar líomhaintí i leith ionsaí gnéasach/ Maoirseacht Neamhimleor | <p>Rinne GSOC imscrúdú ar líomhain gur loic gardaí imscrúdú cuí a dhéanamh ar líomhain i leith ionsaí gnéasach.</p> <p>Rinneadh imscrúdú ar an ní de réir Alt 94(1) den Acht agus fuair an GSIO go raibh sárú déanta ag an ngarda as faillí i ndualgas. Rinne an GSIO tagairt chomh maith do cheisteanna faoi mhaoirseacht an gharda sin. Rinne GSOC imscrúdú ar an ní dá éis sin de réir Alt 102(4) den Acht. Maidir le comhaltaí den Gharda Síochána a d'fhéadfadh a bheith mar ábhar spéise don imscrúdú mar gheall ar a rannpháirtíocht phoitéinsiúil i gcáil mhaoirseachta, fuarthas go raibh siad ar scor faoin tráth a cuireadh tús leis an imscrúdú seo.</p> <p>Ní raibh siad, mar sin, faoi réir imscrúdú araíonachta. Rinne an Coimisiún cinneadh, cé nach bhféadfaí an comhalta aonair den Gharda Síochána a choinneáil cuntasach, b'fhiú na ceisteanna maidir le maoirseacht a thabhairt chun aird Choimisinéir an Gharda Síochána.</p> |
|-----|------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

*Moladh eisithe ag GSOC an 27 Bealtaine 2020*

Mhol GSOC:

- Go mbreithneodh an Garda Síochána próiseas athbhreithnithe a thionscnamh laistigh den cheantar d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar cé acu ar fulaingíodh teipeanna den chineál céanna ó thaobh ardbhainistíocht in imscrúduithe eile faoi chiontuithe gnéis.
- Ba chóir a mheabhrú do gach ball den Gharda Síochána faoi riachtanais Pholasaí an Gharda Síochána ar Choireanna Gnéasacha in aghaidh Leanaí a Imscrúdú, agus a mheabhrú do mhaoirseoirí faoina ndualgais shonracha i ndáil le cásanna den chineál seo a mhaoirseacht, a thuairisciú agus a iniúchadh.
- Go n-eiseofaí treoir chuig comhaltaí den Gharda Síochána d'fhonn aghaidh a thabhairt ar chúinsí ina bhfuil athrú i maoirseacht imscrúdaithe, agus achoimre déanta ar an ngá le faisnéisiú soiléir agus próiseas doiciméadaithe aistrithe.
- Ba chóir iontráil a chur sa rannán "nótaí imscrúdaithe" ar PULSE maidir le haistriú agus athrú an chomhalta maoirseachta.

#### Litir admhála faighte an 10 Nollaig 2020

|     |                                                             |                                                                                                   |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
|-----|-------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| SR4 | Cumarsáid le híospartaigh coireanna maidir le: Dátaí Cúirte | Loiceadh deimhniú a thabhairt do ghearánaí i scríbhinn faoi dháta éisteachta sa Chúirt Achomhairc | Ba é a bhí i gceist sa chás seo ná imscrúdú faoi mhaoirseacht déanta ag GSOC i ndáil le gearán gur loic comhaltaí den Gharda Síochána cumarsáid a dhéanamh le beirt íospartach coire maidir le dáta éisteachta sa Chúirt Achomhairc. Le linn imscrúdú GSOC, fuarthas gur chuir comhalta den Gharda Síochána an gearánaí ar an eolas ó bhéal faoin achomharc, lena n-áirítear dáta agus láthair na héisteachta, ach níor deimhníodh é seo i scríbhinn. |
|-----|-------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

*Moladh eisithe ag GSOC an 6 Bealtaine 2020*

Mhol GSOC:

- The Go meabhródh an Garda Síochána dá bhaill faoina n-oibleagáidí faoi Alt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh Choireachta), 2017 taifead a dhéanamh d'iarratais ar fhaisnéis, agus go mbreithneofaí polasaí a chur i bhfeidhm ina ndéantar taifead i scríbhinn d'fhaisnéis a chuirtear ar fáil go hiarbhrú d'íospartach.
- Go mbreithneodh an Garda Síochána go gcuirfí i bhfeidhm treoir, sa chás go n-iarrann íospartach faisnéis faoi Alt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh Choireachta), 2017, go dtabharfaí taifead i scríbhinn chomh luath agus is féidir go praiticiúil don íospartach faoin bhfaisnéis a thugtar.

#### Litir admhála faighte an 25 Bealtaine 2020



| Uimh | Ábhar ginearálta                         | Ábhar sonrach                                                                                                                                                                                                                               | Moladh agus freagra                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           |
|------|------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| SR5  | Iompar Airm Tine ag Comhaltaí As Dualgas | <p>Fáil ag Comhaltaí As Dualgas ar Roghanna Fornirt Neamhmharfacha</p> <p>Airm thine a stóráil go sábháilte ag an mbaile</p> <p>Éadaí Comhaltaí Bleachtairí</p> <p>Bearta Rialaitheacha do Chomhaltaí As Dualgas ag coinneáil airm tine</p> | <p>Rinne GSOC tarchur le GSOC (de réir Alt 102 d'Acht an Gharda Síochána, 2005) tar éis gur scaoileadh arm tine oifigiúil de chuid comhalta as dualgas den Gharda Síochána, agus gortaíodh duine den phobal le linn streachailte. Bhí a fheithicil phríobháideach á tiomáint abhaile ag an gcomhalta den Gharda Síochána tar éis a sheal oibre a chríochnú nuair a thuig sé carr faoi deara a bhí á thiomáint go taomach agus lean sé é. Tharla coimhlint agus streachailt agus scaoileadh an t-arm tine. D'ordaigh an DPP dá éis nach ndéanfaí ionchúiseamh i ndáil leis an gcomhalta seo den Gharda Síochána.</p> <p>Le linn imscrúdú GSOC, tugadh faoi deara gur de réir pholasaí an Gharda Síochána a bhí an t-arm tine a eisíodh go pearsanta dó á iompar ag an gcomhalta seo den Gharda Síochána agus é as dualgas. Tugadh faoi deara, áfach, nach raibh aon roghanna neamh-mharfacha eile ar fáil don chomhalta ag an am agus, dá thoradh, an t-aon rogha a bhí ar fáil don chomhalta ná a arm tine a tharraingt amach. Fuarthas chomh maith go raibh seal oibre fada as an ngnáth curtha isteach ag an gcomhalta agus cuireadh é seo san áireamh.</p> <p><i>Moladh seolta an 11 Meán Fómhair 2020</i></p> <p>Mhol GSOC:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1. Go mbreithneofaí go dtabharfaí roghanna fornirt neamh-mharfacha do bhleachtairí as dualgas, amhail bataí, spraeanna meisceacha nó trealamh eile neamh-mharfach:</li> <li>2. Go mbreithneofaí go gcuirfí i bhfeidhm bearta níos mó rialaitheacha maidir le cead a thabhairt arm tine a bheith á iompar ag comhaltaí sa chás go bhféadfadh sé go bhfuil fianaise ar chúinsí amhail sosanna neamh-imleora, obair dhian nó obair rófhada, cur isteach ar chlog an choirp mar gheall ar obair sealaíochta.</li> <li>3. Go mbreithneofaí oiriúnacht éadaí arna gcaitheamh ag bleachtairí i gcúinsí amhail mar a bhí ag an gcomhalta seo nuair a laghdaigh na héadaí a chaith an comhalta a chumas a arm tine a chur i bhfolach agus dá réir ceisteanna a bheith ardaithe faoina shábháilteacht phearsanta.</li> <li>4. Go mbreithneofaí go n-eiseofaí teoracha níos soiléire do comhaltaí den Gharda Síochána go ginearálta maidir le stóráil shábháilte arm tine agus armlóin i dtimpeallacht na háite cónaithe. Moltar go stórálfá go sábháilte agus go slán i gcónaí airm cosanta pearsanta agus armlóin agus go háirithe, go suiteálfá caibinéad gunnaí in áiteanna cónaithe comhaltaí a bhfuil cúis acu le arm/armlón cosanta pearsanta a iompar agus iad as dualgas.</li> </ol> <p><b>Litir admhála faighte an 27 Deireadh Fómhair 2020</b></p> |

| Uimh | Ábhar ginearálta                | Ábhar sonrach                                                     | Moladh agus freagra                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |
|------|---------------------------------|-------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| SR6  | A85 / Mí-úsáid Éileamh Ragoibre | Rag obair a éileamh go calaoiseach agus Mí-úsáid tuairisceáin A85 | <p>Fuair an Coimisiún faisnéis inar líomhnaíodh go raibh comhalta den Gharda Síochána ag éileamh ragoibre nuair nach raibh sé ag obair. Rinne an Coimisiún cinneadh imscrúdú a oscailt ar mhaithe le leas an phobail. Ar leithligh, fuair an Coimisiún líomhaintí eile dá éis sin i ndáil le roinnt teagmhas d'éilimh a bheith á ndéanamh sa chás nach raibh na comhaltaí i gceist ar dualgas agus gurb eol é seo don duine a d'údaraigh an t-éileamh a íoc. D'oscail an Coimisiún imscrúdú i ndáil leis an bhféidearthacht d'iompar coiriúil mar a sainaithníodh sna líomhaintí.</p> <p><i>Moladh seolta an 26 Bealtaine 2020</i></p> <p>Mhol GSOC:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Go mbreithneofaí córas níos solúbtha agus níos láidre chun ragobair a éileamh trína cheadaítear d'éilimh a thagann leis na huaireanta iarbhír arna n-oibriú agus údarú na n-uaireanta sin ag an maoirseoir cuí.</li> </ul> <p>Go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcóras chun ragobair a éileamh leis an bhfoirm A85 chun go dtabharfaí le chéile na héilimh agus na huaireanta oibre arna n-oibriú go hiarbhír.</p> <p><b>Litir admhála faighte an 27 Bealtaine 2020</b></p> <p>Bhain an t-imscrúdú i gceist le cuardach a rinne gardaí ar áit chónaithe il-áitithe. Baineadh úsáid as an Aonad Tacaíochta faoi Airm (ASU) chun an áit chónaithe a shárú agus a ghlanadh sular reáchtáladh cuardach le haghaidh arm tine. Roimh an gcuardach, bhí faisnéis ag an ASU go bhféadfadh sé go raibh fear taobh istigh den teach a raibh cur síos fisiciúil sonrach air agus arm tine leis.</p> <p>Nuair a chuaigh an ASU isteach san áit chónaithe, dhaingnigh siad duine le fórsa le glais lámh. Thug an sairsint i bhfeighil údar leis an bhfórsa, sa chaoi is go raibh cochall á chaitheamh ag an duine agus nár fhreagair sé nuair a ceistíodh é. D'úsáid an ASU fórsa chun an duine a dhaingniú, ach scaoil iad an duine nuair a d'éirigh sé soiléir nár tháinig an duine leis an gcur síos a tugadh. Bhí an duine i gceist 15 bliana d'aois. Fuair imscrúdú GSOC go raibh gníomhartha na gcomhaltaí réasúnta ó thaobh a bhfreagairt don bhagairt bhraite.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- <i>Moladh eisithe an 9 Nollaig 2020.</i></li> </ul> <p>Molann GSOC:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Go ndéanfaí réamhphleanáil le haghaidh teagmhas amhail an ceann a tharla sa chás seo, is é sin cuardaigh phleanáilte in áiteanna cónaithe il-áitithe.</li> <li>- Idirghníomhú iar-theagmhais ag an nGarda Síochána le daoine den phobal a bhféadfadh dochar a bheith déanta dóibh mar gheall ar ghníomhaíochtaí Gardaí, go háirithe cásanna nuair atáthar ag déileáil le leanaí mar a bhí sa chás seo.</li> <li>- <i>Moladh eisithe an 9 Nollaig 2020.</i></li> </ul> <p><b>Litir admhála faighte an 6 Eanáir 2021</b></p> |

# RANNÁN 7: NOCHTUITHE COSANTA

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, (“An tAcht NC”), tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtáí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an gníomh ar tugadh faoi (más infheidhme). Ní féidir go mbeadh mar thoradh ar an tuarascáil sin go mbeifeá in ann daoine a dhéanann nochtadh a shainaithint.

Is é seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil den chineál sin ó GSOC agus cuimsítear inti an tréimhse 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020. Ba chóir a thabhairt do d’aire chomh maith go gclúdaíonn an tuarascáil seo tréimhse phaindéim COVID-19, agus gur leanadh le nithe nuair ab fhéidir le linn na héigeandála náisiúnta sin.

**Tábla 6:** Nochtuithe Cosanta

| Cineál an Nochtaithe                   | Líon |
|----------------------------------------|------|
| Nochtuithe nua a fuarthas in 2020      | 19   |
| Nochtuithe idir lámha ag deireadh 2019 | 67   |
| Nochtuithe a dúnadh i rith 2020        | 11   |
| Ualach cásanna idir lámha faoi láthair | 75   |

## CÁSANNA 2020

In 2020, fuarthas 19 nochtadh faoi Ailt 7 agus 8 den Acht NC. Mar sin, in éineacht leis an 67 ní idir lámha ó 2019, ba é 86 iomlán na gcásanna. De na 86 cás seo, dúnadh 11 díobh in 2020, agus d’fhág sé sin go raibh 75 idir lámha ag deireadh 2020.

Le linn 2020, seoladh dhá chomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) lena mbreithniú faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus cion faoin Acht um Oifigí Poist, 1951 (arna leasú). Níor ordaíodh ionchúiseamh i gceachtar cás. Tarchuireadh an dá cheann díobh dá éis sin chuig imscrúduithe araíonachta faoi Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána agus bhí siad fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2020.

De na 11 nochtadh a dúnadh in 2020:

- Bhí 5 cinn díobh tarraingthe siar ag an nochtóir, bíodh sé trí stopadh de bheith páirteach sa phróiseas mar gheall gur

mian leis an duine bealaí eile a bhí ar fáil dóibh a leanúint, é sin nó loic siad a bheith i dteagmháil le GSOC tar éis na teagmhála tosaigh.

- Bhí ceann amháin díobh ina chúis le comhad a bheith curtha faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána faoi Alt 97 d’Acht an Gharda Síochána, 2005 i ndáil le nithe araíonachta. Fuair an Garda Síochána toradh in 2020 nach raibh aon ghníomh araíonachta le tógáil, agus dúnadh an ní dá réir.
- Bhí ceann amháin eile díobh ina chúis le tuairisc a bheith curtha faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána tar éis chinneadh an Choimisiúin Ombudsman imscrúdú faoi Alt 93 d’Acht an Gharda Síochána, 2005 a scor. Níor ghá do GSOC a thuilleadh leanúint lena imscrúdú agus dúnadh é. Seoladh nithe eile ar aghaidh, áfach, lena bhreithniú ag lucht bainistíochta an Gharda Síochána an uair seo.
- Dúnadh 4 cinn díobh tar éis cinntí ag an gCoimisiún Ombudsman. Mar Dhaoine Forordaithe faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an ábhar a chur nochtóirí faoina bhráid, agus measadh nár bhain an fhaisnéis an tairseach amach maidir le héagóir cuí faoi Alt 5(3) den Acht um Nochtadh Cosanta, ná nár chomhlíon sí tástáil Leas an Phobail faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, agus dúnadh iad dá éis sin.

## BREITHNIÚ AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL

Chomh maith leis sin, ní mór do GSOC, tar éis fíricí nochtaithe a bhreithniú de réir Alt 5(3) den Acht NC (éagóir iomchuí), bhreithniú a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil sé ar mhaithe le Leas an Phobail imscrúdú a sheoladh. Baineann an breithniú seo le gach nochtadh a dhéantar le GSOC. Riachtanas reachtúil uathúil is ea seo a chuirtear i bhfeidhm ar GSOC ag eascairt ó Acht an Gharda Síochána, 2005.

## **ACMHAINNÍ DON AONAD**

Bhí Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe agus ochtar Oifigeach Imscrúduithe ar fhoireann an PDU in 2020.

Tá tuilleadh oiliúna sainaitheanta don fhoireann a dhéileálann le nochtuithe de réir na riachtanas atá le teacht gan mhoill atá leagtha amach i dTreoir 1937/2019 ón AE agus táthar ag súil leis go gcuirfear ar fáil é in 2021.

## **ATHCHÓIRIÚ REACHTAÍOCHTA**

Lean GSOC in 2020 de theagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le haistriú Threoir 2019/1937 ón AE isteach i reachtaíocht na hÉireann. Ní mór é seo a chur i gcrích faoi lár mhí na Nollag 2021. D'fhreastail agus ghlac GSOC páirt i Lónra Idir-Rannach an Rialtais um Nochtuithe Cosanta, chomh maith le teagmháil le ranna eile Rialtais agus an Garda Síochána ar nithe maidir le nochtuithe agus próisis lena mbaineann.

Lean GSOC de bheith mar ionadaí na hÉireann ar Lónra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithreachta (NEIWA) ag obair ar eolas agus saineolas roinnte i nithe a bhaineann le nochtuithe agus feidhmiú Threoir 2019/1937 ón AE. D'fhreastail GSOC ar thrí chruinniú (fhíorúla) agus chláraigh do dhearbhuith na Róimhe agus na Bruiséile, a foilsíodh ar shuíomh idirlín GSOC in 2020.

## RANNÁN 8: IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

Is é Aonad Polasaí agus Rúnaíochta GSOC a dhéileálann leis an gcuid is mó den mhórán iarrataí ar chineálacha éagsúla faisnéise a fhaigheann GSOC. Tá baill foirne speisialaithe ann dhéileálann le hiarrataí a dhéantar faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Tá an fhoireann seo freagrach as cinntiú go bhfreagraítear do na hiarrataí seo taobh istigh de na teorainneacha ama iarrtha, feasacht ar nithe maidir le cosaint sonraí, saorála faisnéise agus príobháideachais a ardú taobh istigh de GSOC, comhairle faoi chosaint sonraí a chur ar fáil do bhaill foirne, agus cinntiú go gclóíonn GSOC lena chuid dualgas reachtúil faoin reachtaíocht.

Fuarthas 61 iarraidh saorála faisnéise in 2020, suas ón 38 an bhliain roimhe agus an líon is mó a fuair GSOC in aon bhliain amháin. Bhain an chuid is mó le hiarrataí ar fhaisnéis phearsanta arna coinneáil i gcás-chomhaid GSOC. Mar gheall nach gclúdaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise na comhaid in imscrúdú nó comhaid ghearáin (is é sin a bhaineann le scrúdú nó imscrúdú faoi Chuid 4 d'Acht an Gharda Síochána, 2005), diúltaíodh na hiarrataí sin.

Bhain an chuid eile de na hiarrataí saorála faisnéise le staitisticí, lena n-áirítear staitisticí faoi ghearáin a bhaineann le COVID-19, agus le faisnéis ar scaoilte arm marfach agus neamh-mharfacha an Gharda Síochána.

Fuair GSOC sé iarraidh ar athbhreithnithe inmheánacha ar chinntí i ndáil le hiarrataí saorála faisnéise, agus bhí trí cinn díobh tarchurtha ag an iarratasóir dá éis sin chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise. Bhain an chuid is mó de na hiarrataí seo ar athbhreithniú le diúltú rochtain a chur ar fáil ar thaifid i gcomhaid imscrúdaithe nó gearáin.

Tá tuilleadh sonraí faoi na hiarrataí saorála faisnéise a fuarthas in 2020 ar fáil ar an Loga Nochtuithe Cosanta Saorála Faisnéise atá ar fáil lena bhreithniú ar shuíomh idirlín GSOC.

B'ionann líon na n-iarrataí rochtana sonraí a fuarthas in 2020 agus 75, suas ó 71 in 2019. Ba ó ghearanáithe a tháinig an chuid is mó de na hiarrataí seo – is é sin daoine a rinne gearán faoi chomhalta nó comhaltaí den Gharda Síochána le GSOC – a bhí ag iarraidh rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta a bhí á gcoinneáil ar chomhaid gearáin agus imscrúdaithe

GSOC. Ba éard a bhí i gceist leis seo ná athbhreithniú agus próiseáil a dhéanamh ar bhreis agus 160 comhad ar leithligh. Bhain dhá iarraidh le scriosadh sonraí pearsanta arna gcoinneáil ag GSOC. (Is ceart teoranta é seo faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

In 2020, dhéileáil an tAonad Cosanta Sonraí le 39 iarraidh ar chomhairle maidir le nithe cosanta sonraí ó bhaill foirne. Bhain an chuid is de na saincheistanna a ardaíodh le nochtadh faisnéise le tríú páirtithe, boinn dlíthiúla le sonraí pearsanta a phróiseáil agus cúnamh ó thaobh déileáil le diúltaithe tosaigh ag comhlachtaí eile faisnéis a scaoileadh le GSOC. Bhí an tAonad freagrach as oiliúint a eagrú chun Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí a reáchtáil, rud ar ar fhreastail ionadaithe roinnt aonad gnó eile de chuid GSOC.

Fuair GSOC cúig ghearáin ón bpobal, an chuid is mó díobh bainteach le srian ó thaobh a gcuid sonraí pearsanta a rochtain, neamh-scaoileadh sonraí trí páirtí nó faisnéis cheilte.

### NA MEÁIN

Is é Aonad Cumarsáide GSOC a dhéileálann le hiarrataí ar fhaisnéis ó iriseoirí taobh amuigh den phróiseas saorála faisnéise, a chuireann seirbhís ar dualgas 24 uair an chloig sa lá ar fáil. D'fhreagair an tAonad do 165 fiosrú ó iriseoirí in 2020.

**Tábla 7:** Iarrataí ar Fhaisnéis a Próiseáladh in 2020

| Ábhar                                                           | Líon |
|-----------------------------------------------------------------|------|
| Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014                 | 61   |
| Iarrataí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018                    | 75   |
| Iarrataí ar Fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 5    |
| Ábhar curtha ar fáil mar fhreagra do Cheisteanna Parlaiminte    | 13   |
| Ionadaíochtaí ó chomhaltaí den Oireachtas                       | 5    |
| Fiosruithe ó na Meáin                                           | 165  |

## RANNÁN 9: AN FHOIREANN

De réir Alt 71(3) d'Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, is é Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána fostóir na mball foirne ar státseirbhísigh iad i Státseirbhís an Stáit.

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 127 ball foirne ann in GSOC as líon iomlán de 135. Bhí próisis earcaíocht idir lámha chun roinnt folúntas a líonadh.

Léirítear i gCairt 9 an struchtúr eagraíochta agus acmhainní amhail an 31 Nollaig 2020.

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) sraith seirbhísí acmhainní daonna, bainistiú feidhmíochta, párolla agus riarachán pinsean ar fáil thar ceann GSOC faoi Chomhaontú Seirbhíse.

Tá an Coimisiún Ombudsman tiomanta do chaighdeán arda a bhaint amach sa chaighdeán seirbhíse a chuireann sé ar fáil. Aithnítear, áfach, go bhféadfadh sé go mbeidh ócáidí ann nach gcloítear leis na caighdeáin sin. Ar an gcúis seo, tá polasaí i bhfeidhm ag an gCoimisiún a dhéileálann le haon ghearán a dhéantar faoin gCoimisiún nó faoina bhaill foirne. Tá sonraí faoin bpolasaí agus na nósanna imeachta faoina bhféadtar gearán a dhéanamh ar fáil ar shuíomh idirlín GSOC. Fuair an Coimisiún ceithre ghearán faoi bhaill foirne in 2020.

Sa bhliain 2016, bhunaigh GSOC beartas agus nósanna imeachta dá bhaill foirne féin chun nochtá a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach sa bhliain 2020.

### FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Lean GSOC le hoiliúint agus forbairt a chur ar fáil dá bhaill foirne in 2020. Ba tríd an ríomhFhoghlaim a cuireadh an soláthar oiliúna ar fáil den chuid is mó mar gheall ar COVID-19 agus bhain na baill foirne as deiseanna oiliúna agus foghlama inmheánacha agus seachtracha araon, lena n-áirítear iad siúd curtha ar fáil ag Seirbhís Chomhroinnte na Státseirbhíse, OneLearning.

In 2020, d'éascaigh an tAonad 32 cúrsa nó clár éagsúil oiliúna do bhaill foirne GSOC, agus díobh sin chuir an tSeirbhís Chomhroinnte OneLearning 15 cinn ar fáil. D'fhreastail 95 ball foirne (73 faoin

gcéad) ar cheann amháin nó níos mó de na cúrsaí sin.


I measc na gcúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil do bhaill foirne GSOC in 2020, bhí:

- Clár Creidiúnaithe Eadránaithe;
- Oifigeach Idirchaidrimh do Theaghlach;
- Imscrúduithe Foinse Oscailte Idirlín;
- Scríobh Tuairiscí d'Imscrúdaitheoirí;
- Oiliúint Measúnaithe Tionchair Cosanta Sonraí;
- Iompar Suaiteach/lonsaitheach a chosc nó déileáil leis;
- Cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta (Garchabhair, Maor Dóiteáin & Láimhsiú Sábháilte); agus
- Cúrsaí éagsúla Microsoft lena n-áirítear Word, Excel agus PowerPoint.

Chomh maith leis sin, rinne roinnt ball foirne GSOC cúrsaí oideachasúla agus oiliúna ina gcuid ama féin agus de réir na scéime aisíocaíochta táillí dá fhoráiltear faoi Chiorclán DPER 23 de 2007. Sa chiorclán sin, leagtar amach socruithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le Ranna agus Oifigí Rialtais leibhéil chuí scileanna agus saineolais a fhorbairt agus tacú le hoifigigh dul i mbun féinforbartha agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Agus é ag tacú le baill foirne ar an mbealach sin, léiríonn GSOC go bhfuil sé tiomanta do scileanna nua agus bealaí oibre nua a fhorbairt go leanúnach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht laistigh den eagraíocht agus aithníonn sé go bhfuil fiúntas ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt gairme a chuid ball foirne.

Chuir GSOC tús le hathbhreithniú ar a chlár oiliúna sa ráithe dheiridh de 2020 d'fhonn Straitéis nua Foghlama agus Forbartha a chur i bhfeidhm ina sainithneofar riachtanais foghlama agus forbartha dá fhoireann uile, rud a chinnteoidh go mbeidh na hinniúlachtaí, an saineolas agus na scileanna ag foireann GSOC feidhmeanna reachtúla GSOC a chur i gcrích de réir an deachleachtais agus riachtanais na heagraíochta amach anseo a chomhlíonadh.

## Cairt 9: Struchtúr na hEagraíochta amhail an 31 Nollaig 2020'



\* Ní raibh ach Coimisinéir amháin ag deireadh na bliana mar gheall gur tháinig deireadh leis an Téarma Ceapacháin do bheirt Choimisinéirí ar an 11 Nollaig 2020 agus bhí próiseas ceapacháin idir lámha do Choimisinéirí nua.



## CONCLÚID

Leanadh le hobair GSOC ar bhealach chomh normálta agus ab fhéidir i mbliain a bhí an-eisceachtúil. Leanadh gan cur isteach den chuid is mó lenár bhfeidhmeanna lárnacha, is é sin líomhaintí faoi mhí-iompar Gardaí a fháil agus a imscrúdú, agus ghlac na baill foirne go sciobtha le próisis agus socruithe nua oibre a theastaigh mar gheall ar phaindéim COVID-19. Aithníonn agus tréaslaíonn an Coimisiún le hiarrachtaí na foirne leanúint le seirbhísí GSOC a chur ar fáil sa timpeallacht dheacair, dhúshlánach seo.

Cuireadh tús le hobair ar phleanáil agus ullmhú GSOC d'athruithe fad-iarmhartacha don timpeallacht maoirseachta póilíneachta sna blianta atá le teacht.

Bhí dlúth-rannpháirtíocht ann idir an Coimisiún Ombudsman agus an Roinn Dlí agus Cirt agus geallsealbhóirí eile i ndáil leis an reachtaíocht atá le teacht atá deartha chun éifeacht iomlán a thabhairt do mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (CoFPI) ina thuairisc dheiridh a foilsíodh in 2018. I measc na n-athruithe is suntasaí a mhol CoFPI i réimse na maoirseachta ná go ndéanadh an eagraíocht nua molta Ombudsman féin imscrúdú ar gach líomhain thromchúiseach i leith mí-iompar garda, seachas go n-iarrfaí go ndéanadh an Garda Síochána roinnt imscrúduithe mar a fhoráiltear dó faoi láthair faoi Acht an Gharda Síochána, 2005. Bhíodhas ag fanacht ar an reachtaíocht ag deireadh 2020 agus táthar ag súil go bhfoilseofaí an Bille in 2021. Cuireadh tús le hobair ar phróisis agus riachtanais acmhainní na heagraíochta a athbhreithniú i gcomhthéacs na reachtaíochta nua a bhfuiltear ag súil léi.

In 2020, chuir GSOC tús le hobair ar ullmhú a Ráiteas Straitéise nua do 2021–23, is é sin tabhairt faoi chomhairliúchán le baill foirne agus na príomhpháirtithe leasmhara. Sa doiciméad seo a foilsíodh i mí an Mhárta 2021, leagtar amach ár bhfís agus ár misean do na chéad dhá go trí bliana chun ár gcuid oibre a threorú suas go deireadh 2023, de réir mar a bhogaimid i dtreo an aistrithe chuig an eagraíocht nua atá beartaithe sa tuairisc CoFPI.

Chuir GSOC tús le hullmhúcháin do Straitéis nua Foghlama agus Forbartha sa ráithe dheiridh den bhliain. Is tosaíocht i gcónaí don Choimisiún

Ombudsman an gá le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chuid ball foirne agus teastóidh fócas ar leith lena aghaidh i bhfianaise an réimse mhéadaithe feidhmeanna beartaithe don eagraíocht amach anseo.

I mí na Nollag 2020, chonacthas an clabhsúr ar théarmaí na gCoimisinéirí atá ag dul as oifig, is é sin Kieran FitzGerald agus Patrick Sullivan. Ba chomhalta é an Dochtúir FitzGerald a raibh an-mheas air ar an gCoimisiún Ombudsman ar feadh naoi mbliana, agus threoraigh sé GSOC trí thréimhse a bhí an-deacair in amanna. Bhí 30 bliain taithí ag an Uasal Sullivan nuair a tháinig sé chun an Choimisiúin in 2018 i bhforfheidhmiú agus maoirseacht dlí sna Stáit Aontaithe, agus bhí ionchuir thábhachtacha aige, go háirithe i réimse an athraithe reachtaíochta.

# AGUISÍN 1: RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

## RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR

Bunaíodh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána faoi Acht an Gharda Síochána, 2005. Leagtar feidhmeanna an Choimisiúin amach in Alt 67 den Acht sin.

### An Coimisiún Ombudsman

Coimisiún triúir is ea an Coimisiún Ombudsman, a chuimsíonn beirt Choimisinéirí agus Cathaoirleach amháin. Ní mór fear amháin ar a laghad agus bean amháin ar a laghad a bheith ar an gCoimisiún. Ní mór don Uachtarán gach comhalta den Choimisiún Ombudsman a cheapadh, tar éis don Rialtas iad a ainmniú agus tar éis don dá Theach den Oireachtas rúin lena moltar a gceapachán a rith. Ceaptar duine amháin de na comhaltaí den Choimisiún Ombudsman mar Chathaoirleach.

Chuimsigh an Coimisiún Ombudsman na daoine seo a leanas sa bhliain 2020:

An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring, (Cathaoirleach),

An Dochtúir Kieran FitzGerald (téarma in éag ar an 11 Nollaig 2020),

An tUasal Patrick Sullivan (téarma in éag ar an 11 Nollaig 2020).

Chuimsigh an Fhoireann Ardbhainistíochta (SMT) na daoine seo a leanas:

- An tUasal Darren Wright, Stiúrthóir Oibríochtaí,
- Aileen Healy Uasal, Stiúrthóir Riaracháin, (chuaigh an tUasal Healy i mbun a poist i mí Iúil 2020),
- Niamh McKeague Uasal, Ceann Gnóthaí Dlí (chuir an tUasal McKeague tús le tréimhse ceada neamhláithreachta i mí Mheán Fómhair 2020),
- An tUasal Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí,
- An tUasal George O'Doherty, Leas-Stiúrthóir Riaracháin (chuaigh an tUasal O'Doherty i mbun a phoist i mí an Mheithimh 2020) agus
- An tUasal Nick Harden, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí (chuaigh an tUasal Harden i mbun a phoist i mí na Samhna 2020).

## Rialachas

Tá an Coimisiún Ombudsman freagrach as rialú agus teorú Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus as rialachas maith a chinntiú, agus tá sé cuntasach don Aire Dlí agus Cirt.

### Freagrachtaí agus Cuspóirí

Leagtar amach in Alt 65 go hAlt 67 d'Acht an Gharda Síochána comhaltas, téarmaí agus coinníollacha, socruithe ceapacháin, feidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin Ombudsman. Mar aon lena chuid feidhmeanna agus cuspóirí reachtúla, áirítear iad seo a leanas leis na freagrachtaí eile atá air:

- rath GSOC a chur chun cinn trína chuid gníomhaíochtaí a stiúradh agus a threorú;
- treoir straitéiseach a thabhairt do GSOC agus, ag an am céanna, faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoí a gcomhlíonann sé na feidhmeanna tarmligthe atá aige;
- an treo straitéiseach, mórfhleananna gníomhaíochta, beartais bainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht, agus maoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil;
- gníomhú ar bhonn láneolach agus eiticiúil, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí agus chun leas GSOC, faoi réir na gcuspóirí a leagann an Rialtas síos;
- forbairt acmhainn GSOC a chur chun cinn, lena n-áirítear inniúlacht an lucht ceannaireachta agus na foirne; agus
- an ardbhainistíocht a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí tarmligthe.

Foirchoimeádtar réimse príomhchinntí don Choimisiún, lena n-áirítear i ndáil leis an méid seo:

- Ceadú tionscadal caipitil;
- Leibhéil údarais tharmligthe, beartais bainistíochta airgeadais agus beartais bainistíochta riosca a chur ar bun;
- Téarmaí mórchonarthaí a cheadú;
- Ceannacháin shuntasacha, diúscairtí suntasacha agus scor de shócmhainní GSOC a cheadú;

**Tábla A:** Freastal ar Chruinnithe Míosúla an Choimisiúin 2020

| Cruinnithe an Choimisiúin Ombudsman in 2020 |                        |                                     |
|---------------------------------------------|------------------------|-------------------------------------|
| Ainm                                        | Post                   | Líon cruinnithe ar ar freastalaíodh |
| An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring       | Cathaoirleach          | 11                                  |
| An Dr Kieran FitzGerald                     | Coimisinéir            | 10                                  |
| An tUas. Patrick Sullivan                   | Coimisinéir            | 11                                  |
| An tUas. Darren Wright                      | Stiúrthóir Oibríochtaí | 11                                  |
| Aileen Healy Uasal <sup>8</sup>             | Stiúrthóir Riaracháin  | 4                                   |
| Niamh McKeague Uasal <sup>9</sup>           | Ceann Gnóthaí Dlí      | 6                                   |

- Buiséid bhliantúla a cheadú;
- Dearbhú a thabhairt go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne agus grádú agus coinníollacha ceapacháin na mball foirne go léir a cheadú;
- Straitéis na heagraíochta a leagan amach; agus
- Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais a chur ar fáil.

Is í an fhoireann Ardbhainistíochta, a thuairiscíonn don Choimisiún, atá freagrach as bainistiú laethúil na heagraíochta.

Tá Comhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorpáraidigh i bhfeidhm idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a síníodh i mí an Mhárta 2018. Leagtar amach ann an creat leathan rialachais chorpáraidigh ar laistigh de a oibríonn GSOC agus sainítear ann na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir GSOC agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach sa Chomhaontú na socruithe a leanfar chun GSOC a rialú, a chistiú agus a riar go héifeachtach de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí

Stáit (2016). Comhaontaíodh aon mhaoluithe ar an gCód nó aon eisceachtaí uaidh leis an Roinn agus tá siad leagtha amach sa Chomhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorpáraidigh.

### Cruinnithe an Choimisiúin Ombudsman

Buaileann an Coimisiún Ombudsman go foirmiúil uair amháin ar a laghad sa mhí, seachas i mí Lúnasa, chun a chuid dualgas a chomhlíonadh (Féach Tábla A chun amharc ar sceideal de na cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2020). Bhuaill an Coimisiún Ombudsman lena chéile 11 uair sa bhliain 2020.

### AIRGEADAS

Maoinítear GSOC trí dheontas bliantúil a fháil ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta agus do mhaoiniú a chuirtear ar fáil don Choimisiún.

Ceanglaítear le hAlt 77 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an

<sup>8</sup> Chuaigh an Aileen Healy Uasal i mbun a poist le héifeacht ón 24 Iúil 2020.

<sup>9</sup> Chuir Niamh McKeague Uasal tús le tréimhse ceada neamhláithreachta le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2020.

**Tábla B:** Caiteachas GSOC 2020.

| Catagóir      | Buiséad 2020<br>€ | Fo-cheannteideal Caiteachais                    | Caiteachas 2020<br>€ |
|---------------|-------------------|-------------------------------------------------|----------------------|
| Pá            | 7,658,050         | A01 - Pá & Liúntais                             | 7,534,642            |
| Neamhphá      | 3,522,950         | A02 - Taisteal & Cothabháil                     | 86,578               |
|               |                   | A03 - Costais Theagmhachas                      | 478,264              |
|               |                   | A04 - Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide       | 75,517               |
|               |                   | A05 - Trealamh Oifige & Soláthairtí Eile Oifige | 1251,611             |
|               |                   | A06 - Costais Oifige & Áitribh                  | 1,699,851            |
| <b>Iomlán</b> | <b>11,181,000</b> |                                                 | <b>11,126,463</b>    |

Coimisiún freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 77 d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Tá an Cathaoirleach freagrach as cuntais GSOC a ullmhú.

### Iníúcháireacht agus Riosca

Tá cuntais bhliantúla GSOC faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Ag féachaint do mhéid an Choimisiúin Ombudsman, ní mheastar go bhfuil sé indéanta aige a fheidhm Iníúcháireachta Inmheánaí a bheith aige. Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun leas a bhaint as Aonad Iníúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, a thuairiscíonn do Choiste Iníúcháireachta agus Riosca na Roinne. Tugann Aonad Iníúcháireachta na Roinne faoi iniúchtaí ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, a gcuirtear tuairiscí ina leith don Choimisiún Ombudsman agus a chuirtear i láthair agus a phléitear ag an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca na Roinne go bliantúil. I mí Feabhra 2021, rinne an Coimisiún cinneadh a Choiste Iníúcháireachta agus Riosca féin a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha san eagraíocht agus chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi nithe a bhaineann le hiniúcháireachta, rialachas agus riosca.

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag GSOC lena n-áirítear:

- Príomhoifigeach Riosca ag a bhfuil freagracht fhoriomlán as maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus as an gCoimisiún a choinneáil ar an eolas faoi rioscaí ardleibhéil agus iad a mhaolú;
- Polasaí Bainistíochta Riosca ina leagtar amach na próisis i bhfeidhm d'fhonn rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú;
- Clár Rioscaí ina dtugtar mionsonraí ar rioscaí agus a maolú agus a choinnítear cothrom le dáta ar bhonn leanúnach; agus
- Grúpa Bainistíochta Riosca a bhuaileann ó cheann ceann na bliana chun tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca le rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

Mír fhoirmiúil ar chlár cruinnithe míosúla an Choimisinéara is ea an riosca, ag a gcuirtear tuairisc ar bhainistíocht riosca ar fáil do bhreithniú an Choimisiúin. Mír sheasta ar chlár cruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta (SMT) chomh maith is ea bainistiú riosca.

### Caiteachas

Chinntigh an Coimisiún Ombudsman gur chomhlíon GSOC an Cód Caiteachais Phoiblí ina iomláine ar feadh na bliana 2020.

Léirítear i dTábla B (thuas) an méid Caiteachais a rinne GSOC sa bhliain 2020.

Ba ionann agus €33,660 an t-iomlán a chaith GSOC in 2020 ar bhearta le cinntiú gur chomhlíon a chuid

ionad oibre na riachtanais shábháilteacht iarrtha faoi threoirilínte COVID-19 an Rialtais.

Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun scaradh sóisialta agus riachtanais sláinte poiblí a éascú d'fhonn freastal teoranta ag baill foirne a cheadú san oifig sa chás nach bhféadfaí an obair a reáchtáil ó chian, nó sa chás gur teastaíodh rochtain ar na foirgnimh in acmhainn theoranta.

## PRÍOMHPHEARSANRA BAINISTÍOCHTA

B'ionann agus €430,694 luach iomlán na dtuarastal a d'íoc Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana.

## TÁILLÍ NACH mBAINEANN LE TUARASTAIL

Ba é NIALAS luach na dtáillí nach mbaineann le tuarastail a íocadh le comhaltaí den Choimisiún Ombudsman don bhliain 2020.

## SOCHAIR FOSTAITHE

Léirítear sa tábla seo a leanas líon na bhfostaithe ar thit iomlán na sochar fostaithe a íocadh leo in 2020 taobh istigh de na bandaí pá seo a leanas (áirítear sna figiúirí seo tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach ní chuirtear ÁSPC fostóra san áireamh):

**Tábla C:** Miondealú ar Shochair Fostaithe:

| Réimse ó –go        | Líon Fostaithe |      |
|---------------------|----------------|------|
|                     | 2020           | 2019 |
| €60,000 - €69,999   | 21             | 16   |
| €70,000 - €79,999   | 14             | 9    |
| €80,000 - €89,999   | 4              | 3    |
| €90,000 - €99,999   | 3              | 3    |
| €100,000 - €109,999 | 2              | 2    |
| €110,000 - €119,999 | -              | -    |
| €120,000 - €129,999 | -              | -    |
| €130,000 - €139,999 | -              | 1    |
| €140,000 - €149,999 | 3              | 2    |

## COSTAIS CHOMHAIRLEACHTA AGUS DLÍ AGUS SOCRAÍOCHTAÍ

San áireamh i gCaiteachas in 2020 tá an costas a bhain le comhairle sheachtrach do lucht bainistíochta agus comhairle ghinearálta dhlíthiúil a fuair Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána arb ionann é agus €58,239.

Ba ionann €31,176 agus an caiteachas i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí réitigh agus eadráin i ndáil le conarthaí le tríú páirtithe in 2020.

Níl na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach in GSOC ar leathanach 59, iniúchta go fóill ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus dá réir faisnéis shealadach fós is ea an faisnéis airgeadais a chuirtear ar fáil sa tuarascáil seo.

## Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

### Freagracht as an córas Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, admhaím an fhreagracht atá orainn go n-áirithítear go ndéantar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní fhéadann an córas rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil. Is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil na córais atá i bhfeidhm aige réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí.

### Timpeallacht Rialaithe Inmheánaigh

Glacadh na céimeanna seo a leanas chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú:

- Sanntar caidrimh inmheánacha thuairiscithe go soiléir;
- Déantar freagrachtaí bainistíochta a shainiú agus a chur in iúl go soiléir idir an Stiúrthóir Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha agus an Fhoireann Airgeadais;
- Is faoi na bainisteoirí líne agus na comhaltaí den Choimisiún atá sé cinntí a dhéanamh maidir le caiteachas, ar aon dul leis na tairseacha caiteachais atá ceadaithe;
- Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt seirbhís íocaíochta gníomhaireachta ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Próiseálann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla an párolla agus na héilimh thaistil agus chothaithe a fhaightear le linn na bliana cuntasaíochta. Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí, seirbhísí cothabhála i leith an chlár shócmhainní seasta, seirbhísí ordaithe ceannaigh agus seirbhísí comhdaithe cánach ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána freisin. D'fhoinn a chinntiú go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm, baineann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána úsáid as seirbhísí conraitheora sheachtraigh chun athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar rialuithe. Comhlánaíonn an próiseas sin na hiniúchtaí a dhéanann aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt;
- Tá nósanna imeachta airgeadais láidre i bhfeidhm ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Bhain sé leas as na seirbhísí de chuid gnólachta cuntasaíochta sheachtraigh le linn na bliana freisin;
- Tá córais i bhfeidhm ag GSOC chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus, chomh fada ab fhéidir aird a thabhairt ar an timpeallacht oibríochta agus déileáil le rioscaí a tháinig chun cinn i rith 2020; agus
- Bhual Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána go foirmiúil ar 11 ócáid in 2020 chun a chuid freagrachtaí rialachais a chomhlíonadh.

### Tionchar phaindéim COVID-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Le tús phaindéim COVID-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta a d'eascair as, athraíodh go sciobtha agus ó bhonn cleachtais oibre GSOC agus d'éirigh an chianobair agus obair fhíorúil de bheith ina ghnáthrud don chuid is mó de bhaill foirne GSOC.

Tá dlúth-mhonatóireacht déanta ag GSOC ar na forbairtí, ag féachaint do na rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibríochtaí gnó, baill foirne agus geallsealbhóirí GSOC. I measc na mbearta a thóg an Coimisiún, bhí:-

- Tús a chur le samhail Gnó Mar Is Gnách (BAU) GSOC agus é seo a aistriú i leith a chuid oibríochtaí gnó mar a fhéadtar tabhairt fúthu ó chian agus aird ar chineál gnó GSOC mar sheirbhís riachtanach.

- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim COVID-19 agus gastacht GSOC freagairt go héifeachtach.
- Cinntiú go gcloítear le deighilt láidir ar dhualgais agus go bhfuil clúdach dóthanach i bhfeidhm sa chás nach mbeadh údarais formheasa shonracha ar fáil.
- Cinntiú go leantar le gach polasaí agus nós imeachta reatha cosanta sonraí agus bainistíochta taifead i bhfeidhm sa timpeallacht chianoibre agus go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu mar is gnáth.
- Cinntiú go bhfaigheann baill foirne rochtain ar líonra GSOC le trealamh ceadaithe TFC GSOC agus go bhfuil an trealamh iarrtha TFC ag na baill foirne uile a oibríonn ó chian.
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht do laigí i rialuithe inmheánacha de dheasca COVID-19 agus bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus iad a thabhairt cothrom le dáta nuair is gá.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó agus airgeadais a shainaithint trí Chlár Rioscaí agus polasaithe bainistíochta Riosca a chur i bhfeidhm chun:

- Cineál agus méid na rioscaí airgeadais atá roimh an oifig a shainaithint;;
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtarlódh rioscaí;
- Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcumas na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú;
- Rioscaí airgeadais a scrúdú i gcomhthéacs na spriocanna straitéiseacha;
- Gníomhartha a chur i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú; agus
- Tuairisciú rialta a dhéanamh ar rioscaí.

Tá córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána lena n-áirítear Príomhoifigeach Riosca a bhfuil freagracht fhoriomlán aige as bainistíocht riosca, tacaithe ag Grúpa Monatóireachta Bainistíochta Riosca a bhfuil freagracht aige as rannpháirtíocht tras-eagraíochta agus ceannach isteach don phróiseas bainistíochta riosca a chinntiú agus as maoirseacht a chur ar fáil do bhainistiú riosca ag na hAonaid Ghnó, chun cur chuige comhtháite don bhainistíocht riosca a chur i bhfeidhm ar fud GSOC agus dearbhú a thabhairt don lucht ardbhainistíochta go bhfuil maolú á dhéanamh in aghaidh gach riosca is eol. Tháinig an Grúpa Monatóireachta Bainistíochta Riosca le chéile 5 huairé sa bhliain 2020 chun rioscaí a athbhreithniú agus chun clár rioscaí GSOC a thabhairt cothrom le dáta.

Sainaithnítear i gclár rioscaí GSOC rioscaí sonracha, mionsonraítear ann na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí sin a mhaolú agus leagtar freagracht ann ar phríomhbhaill foirne as rialuithe a mhaolú agus a oibriú. Gach mí, déanann an Coimisiún Ombudsman athbhreithniú ar theagmhais riosca ábhartha agus tugann sé faoi deara, nó ceadáíonn sé, na gníomhartha a dhéanann baill foirne chun na rioscaí sainaithianta a mhaolú nó a bhainistiú de réir leibhéal réasúnta.

Tá próiseas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag GSOC lena n-áirítear:

- Príomhoifigeach Riosca ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus as an gCoimisiún a choinneáil ar an eolas faoi rioscaí ardleibhéil agus iad a mhaolú;
- Polasaí Bainistíochta Riosca ina leagtar amach na próisis i bhfeidhm d'fhonn rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú;
- Clár Rioscaí ina dtugtar mionsonraí ar rioscaí agus a mhaolú agus a choinnítear cothrom le dáta ar bhonn leanúnach; agus
- Grúpa Bainistíochta Riosca a bhuaileann ó cheann ceann na bliana chun tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca le rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú.

Mír fhoirmiúil ar chlár cruinnithe míosúla an Choimisinéara is ea an riosca, ag a gcuirtear tuairisc ar bhainistíocht riosca ar fáil do bhreithniú an Choimisiúin. Mír sheasta ar chlár cruinnithe na Foirne Ardbhainistíochta (SMT) chomh maith is ea bainistiú riosca.



Ag féachaint do mhéid an Choimisiúin Ombudsman, ní mheastar go bhfuil sé indéanta aige a fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a bheith aige. Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun leas a bhaint as Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt, a thuariscíonn do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Roinne. Tugann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne faoi iniúchtaí ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, a gcuirtear tuairiscí ina leith don Choimisiún agus a chuirtear i láthair agus a phléitear ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca na Roinne go bliantúil. Bhí Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána san áireamh i sainchúram Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Roinne Dlí agus Cirt i rith 2020. I mí Feabhra 2021, rinne an Coimisiún cinneadh a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha san eagraíocht agus chun an Coimisiún a chur ar an eolas faoi nithe a bhaineann le hiniúchóireachta, rialachas agus riosca.

## Faireachán agus Athbhreithniú

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre rialuithe lena n-áirítear bainistíocht faisnéise, nósanna imeachta riaracháin agus córas tarmhigin agus cuntasachta. Cuirtear an obair seo a leanas go háirithe i gcrích ina leith sin:

- Buiséadú cuimsitheach, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta air;
- Tuarascálacha airgeadais faoi bhráid an Stiúrthóra Riaracháin gach mí lena n-athbhreithniú; agus
- Athbhreithniú rialta ag an gCoimisiún agus ag Seirbhísí Corparáideacha ar an bhfaisnéis airgeadais.

Cuireadh sásraí ar bun chun a chinntiú go bhfuil córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Choimisiúin (atá ar bun laistigh de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána) slán go leordhóthanach.

## Deacrachtaí rialaithe inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach i ndáil le 2020 a dteastaíonn nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais.

## Comhlíontacht leis an gCód Caiteachais Phoiblí

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún Ombudsman chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar, mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Ceadú ag an gCoimisiún

Tá an Ráiteas ar Chóras Rialuithe Inmheánacha athbhreithnithe ag an gCoimisiún le cinntiú go léirítear soiléir ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tríd is tríd, is deimhin leis an gCoimisiún gur éifeachtach an córas rialuithe inmheánacha a bhí ar bun agus i bhfeidhm i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Mary Ellen Ring

An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring,  
Cathaoirleach

Dáta: 31 Márta 2021


## AGUISÍN 2: PRÓIFÍL NA nDAOINE A RINNE GEARÁN IN 2020

Léirítear sna cairteacha thíos próifíl na ndaoine a rinne gearán le GSOC in 2020.

Tá na torthaí bunaithe ar shuirbhé a dáileadh ar gach gearán nuair a dhéanann siad gearán. D'fhreagair 22% de ghearánaigh (426) in 2020. Tá na freagraí seo uile anaithnid.


*Tá slánú suas nó síos déanta ar roinnt de na figiúirí.*

**Cairt 10: Inscne**




- Fireann (57%)
- Baineann (42%)
- Gan Freagra (1%)

**Cairt 11: Aois**




- 0-17 (3%)
- 18-30 (2%)
- 31-40 (29%)
- 41-50 (31%)
- 51-60 (20%)
- 61+ (15%)

**Cairt 12: Náisiúntacht**




- Éireannach (81%)
- Briotanach (3%)
- Polannach (1%)
- Tír eile AE (3%)
- Afracach (1%)
- Eile (9%)
- Gan Freagra (2%)

**Cairt 13: Tír Bhreithe**




- Is ionann í agus Náisiúntacht (87%)
- Eile (12%)
- Gan Freagra (1%)


**Cairt 14: Eitneacht**




**Cairt 16: Míchumas**




**Cairt 15: Teanga**




**Cairt 17: Reiligiún**




**Cairt 18: Tithíocht**



**Cairt 20: Stádas Fostaíochta**



**Cairt 19: An Leibhéal Oideachais is Airde**




## AGUISÍN 3: PRÓIFÍL NA nGARDAÍ A nDEARNADH GEARÁN FÚTHU IN 2020


Léirítear sna cairteacha ar an leathanach seo próifíl na ngardaí a ndearnadh gearáin ina leith i líomhaintí glactha in 2020 sa chás gurb eolas aitheantas (inscne agus céim) na ngardaí.

Tá cuid de na figiúirí slánaithe chun an phointe céatadán is gaire.

**Cairt 21:** Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh in 2020



**Cairt 22:** Céim na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh in 2020





**Garda  
Ombudsman**  
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána  
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1

☎ **(01) 871 6700**

☎ **Lo-Call 1890 600 800**

📄 **(01) 814 7026**

🖱 **[www.gardaombudsman.ie](http://www.gardaombudsman.ie)**

✉ **[info@gsoc.ie](mailto:info@gsoc.ie)**

🐦 **@gardaombudsman**